Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



# Tuarascáil Bhliantúil
2021 &
# Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil
2021-2022

# Clár Ábhar

Réamhrá ón nGobharnóir ... 3

Coimisiún an Bhainc Ceannais (ar an 31 Nollaig 2021) ... 5

Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2021-2022 ... 7

- 2021: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann ... 7

Caibidil 1: Clabhsúr ar ár dTimthriall Straitéiseach 2019-2021 ... 9

- Athléimneacht a Neartú ... 9
- Brexit ... 11
- Cosaint Tomhaltóirí a Neartú ... 12
- Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt ... 13
- Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú ... 14

Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí in 2021 ... 17

- Freagairt ar COVID-19 ... 17
- Cobhsaíocht Praghsanna ... 19
- Cobhsaíocht Airgeadais ... 23
- Réiteach ... 27
- Córais Íocaíochta agus Airgeadra ... 30
- Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch ... 34
- Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí* ... 36
- Maoirseacht agus Forfheidhmiú* ... 39
- Forbairt Beartais Rialála* ... 49
- Maoiniú agus Soláthar Foirne don Rialáil Airgeadais* ... 51
- Seirbhísí Rialála agus Gnó* ... 52
- Athbhreithnithe Piaraí Idirnáisiúnta* ... 55

Caibidil 3: Tacú lenár nEagraíocht ... 57

Caibidil 4: Tosaíochtaí Straitéiseacha na Rialála Airgeadais in 2022 ... 65

Caibidil 5: Ráiteas ó Iniúchóireacht Inmheánach* ... 73

Caibidil 6: Rialachas ... 75

Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais ... 80

*Freagraíonn na codanna seo den tuarascáil d'oibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú)

Siar go "Clár na nÁbhar"

# **Cé** muid féin, **cad** a dhéanaimid, & **conas** a dhéanaimid é.

**Is muidne banc ceannais na hÉireann agus táimid freagrach as cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.**

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá **cosaint daoine** i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre. Socraímid caighdeáin chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomh forfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córais íocaíochta na hÉireann agus as airgeadra na tíre a sholáthar.

Is í **an fhís atá againn** go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

**Creidimid go diongbháilte** i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus **tá an-dóchas againn astu**. Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú chun muid a neartú mar dhaoine agus mar eagraíocht. Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá **ár luachanna** mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:

**Ionracas agus bá**, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;

**Misneach agus umhlaíocht,** sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;

**Obair foirne agus sármhaitheas,** sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea **leas mhuintir na hÉireann.**

Is muidne **Banc Ceannais na hÉireann.**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Réamhrá ón nGobharnóir

## Bliain eile den éiginnteacht agus den athrú a bhí in 2021.

Tháinig imní faoi shláinte phoiblí chun cinn arís mar thoradh ar threo na paindéime, ach thosaigh an tionchar ar an earnáil airgeadais ag maolú. Lean an téarnamh eacnamaíoch ar aghaidh, ach mar thoradh ar an méadú ar éileamh, ar scrogaill soláthair agus ar roinnt srianta sa mhargadh saothair, bhí praghsanna níos airde agus brúnna níos leithne ar thomhaltóirí.

I lár an ionchais eacnamaíoch shuaite seo, chuir an Banc Ceannais ár dtimthriall straitéiseach trí bliana i gcrích, ag oiriúnú mar ba ghá chun teacht roimh rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus ag déileáil leo. Nuair a thosaigh an timthriall sin in 2019, ní raibh trácht ar bith ar COVID-19. Faoin am go raibh sé á chur i gcrích in 2021, bhí tacaíocht gan fasach tugtha ag bainc cheannais ar fud an domhain – lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach - chun na rioscaí ba mheasa don gheilleagar agus don chóras airgeadais a mhaolú.

Léirigh an phaindéim, arís eile, go mbeidh an éiginnteacht ina gné lárnach den gheilleagar agus den chóras airgeadais i gcónaí. Tá fianaise thragóideach le feiceáil againn i bhfíor-am. Is tragóid dhaonnúil é ionradh na Rúise do mhuintir na hÚcráine. Tá iarmhairtí eacnamaíocha an chogaidh le mothú ar fud na hEorpa agus tá slabhra imeachtaí, a chruthaíonn dúshláin shuntasacha don ionchas le haghaidh boilscithe agus fáis, spreagtha aige. Mar thoradh ar an gcogadh tá níos mó éiginnteachta ann agus tá cor curtha aige sa chosán i dtreo saol inar lú an cur isteach ón víreas san fhadtéarma.

Agus muid ag déileáil le héiginnteacht den sórt sin, ní mór d'eagraíochtaí amhail an Banc Ceannais a bheith ag breathnú chun cinn agus a bheith níos sofhreagrúla inár gcur chuige straitéiseach, chun a chinntiú go mbeidh muid in ann gluaiseacht go tapa nuair a thagann fadhbanna nua chun cinn, ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta. Tá sé seo riachtanach má tá muid chun ár misean a chomhlíonadh maidir le freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choinneáil agus a chinntiú ag an am céanna go n-oibríonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne.

Tá ár Straitéis nua, a chlúdaíonn an tréimhse 2022-2026, deartha agus é sin san áireamh inti. Léiríonn ceithre théama nasctha inár straitéis (dírithe ar an todhchaí, oscailte & rannpháirteach, bunathrú agus cosaint) athnuachan agus athshuíomh chun a chinntiú go bhfuil ár dtreo agus ár n-uaillmhianta freagrúil agus ag breathnú chun cinn.

**Dírithe ar an Todhchaí**. Tá an domhan ina n-oibríonn muid ag athrú go tapa. Tá an geilleagar, an córas airgeadais agus seirbhísí agus táirgí airgeadais ag athrú agus leanfaidh siad orthu ag athrú sna blianta amach romhainn. Tá muid ag iarraidh a bheith réidh chun ár Misean a chur i bhfeidhm trí bhíthin na n-athruithe seo agus, chuige sin, beidh gá le hathrú ar ár bhfócas, ar ár n-anailís agus ar ár gcreataí.

**Oscailte & Rannpháirteach**. Beidh gá freisin le hathrú ó bhonn maidir lenár rannpháirtíocht. Mar gheall ar luas tapa an athraithe agus ionchais ár bpáirtithe leasmhara, ní mór dúinn a bheith nasctha go maith leo. Beidh orainn míniú a thabhairt ar an méid atá á dhéanamh againn agus nach bhfuil á dhéanamh againn. Beidh orainn freisin éisteacht le daoine aonair agus le gnóthaí (agus ní

Siar go "Clár na nÁbhar"

gnólachtaí rialáilte amháin) ar fud na tíre ionas go bhféadfaidh muid na fadhbanna atá rompu a thuiscint agus cabhrú leo tuiscint a fháil ar na gníomhartha atá á ndéanamh againn mar fhreagra ar na fadhbanna sin.

**Bunathrú**. I ndomhan atá ag athrú go tapa, ní mór dúinn an bealach ina n-oibríonn muid a athrú má tá muid ag iarraidh go n-éireoidh linn. Beidh orainn infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus i gcumas nua, a bheith níos sofhreagrúla, agus féachaint le feabhas leanúnach a chur ar an mbealach ina n-oibríonn muid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le córas airgeadais atá i mbun athrú. Beidh ár gcumas chun faisnéis a bhaint as sonraí, agus na huirlisí a chur ar fáil dár ndaoine chun an fhaisnéis sin a úsáid go héifeachtach, ina ardán tábhachtach dár mbunathrú.

**Cosaint**. Seasfaidh muid an fód i gcónaí (ag obair lenár gcomhghleacaithe Eorpacha go háirithe) chun cobhsaíocht praghsanna agus cobhsaíocht an chórais airgeadais ar an iomlán a choimeád ar bun, chomh maith le rialáil éifeachtach seirbhísí agus margaí airgeadais, agus cinnteoidh muid go gcosnófar leasa thomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

Tugtar breac-chuntas sa Tuarascáil Bhliantúil ar go leor de na bearta a bhain an Banc Ceannais amach ina chuid oibre le linn 2021. Ba mhaith liom cúpla ceann sonrach a lua anseo, ina measc ár ndaoine a lean ar aghaidh ag obair ar an láthair agus go cianda in oibríochtaí criticiúla agus an tacaíocht leanúnach ónár gcomhghleacaithe sa Bhanc Ceannais chun é seo a éascú, an obair fhairsing a rinne ár bhfoireann um fhreagairt phaindéimeach, forbairt shamhail *Future@Work*, cur i bhfeidhm ár dtiomantais a bheith inár n-eagraíocht inbhuanaithe atá freagrach ón taobh sóisialta de, arna dheimhniú go neamhspleách, rannpháirtíocht leis an bpobal maidir lenár mbeartais amhail ár nAthbhreithniú ar Chreat na mBeart Morgáiste, ár n-obair leanúnach ar mhaoiniú margadh-bhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar fhoinsí féideartha leochaileachta airgeadais a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar athléimneacht i dtréimhsí struis amach anseo, agus ár bhfócas ar iompar, cultúr agus caitheamh le custaiméirí trínár gcuid oibre ar shaincheisteanna maidir le Praghsáil Dhifreálach agus Árachas Idirbhriseadh Gnó.

Ár luachanna: treoraíonn ionracas agus cúram, misneach agus umhlaíocht, obair foirne agus barr feabhais muid tríd an éiginnteact agus an t-athrú seo, i bhfeidhmiú ár Straitéise agus i gcur i bhfeidhm ár Misin. Ar deireadh thiar, is faoi na daoine an Banc Ceannais. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a ndúthracht agus as a dtiomantas d'obair ar mhaithe le leas an phobail.



**Gabriel Makhlouf**
**Gobharnóir**
29 Aibreán 2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Coimisiún an Bhainc Ceannais (ar an 31 Nollaig 2021)



**Gabriel Makhlouf***
Gobharnóir an Bhainc Ceannais (Cathaoirleach)



**Patricia Byron**
*Athcheaptha Eanáir 2019 ar feadh 5 bliana*



**Shay Cody**
*Ceaptha Nollaig 2020 ar feadh 5 bliana*



**Sharon Donnery***
Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais



**Sarah Keane**
*Ceaptha Nollaig 2020 ar feadh 5 bliana*



**David Miles**
*Ceaptha Nollaig 2020 ar feadh 5 bliana*



**Niamh Moloney**
*Ceaptha Meán Fómhair 2018 ar feadh 5 bliana*



**John Hogan***
Ard-Rúnaí An Roinn Airgeadais



**Ed Sibley ***
Leas-Ghobharnóir Rialáil Stuamachta



**John Trethowan**
*Ceaptha Meán Fómhair 2018 ar feadh 5 bliana*



**Neil Whoriskey**
Rúnaí an Bhainc Ceannais

** Comhalta ex-officio*
*Is é an tAire Airgeadais a cheapann gach comhalta eile den Choimisiún.*

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Cuid 1:
# Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2021-2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2021-2022

## 2021: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann

### Gníomhaíocht Réadach i nGeilleagar na hÉireann




**Foinse:** An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Rátaí Athraithe Bliantúla Dheireadh Bliana ar Iasachtú




**Foinse:** Banc Ceannais na hÉireann
**Nóta:** Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta foluiteacha, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do laghduithe, d'urrúsú, agus d'aistrithe chuig GNBS, etc.

### Fiachas na hEarnála Príobháidí i leith OIN




**Foinse:** Banc Ceannais na hÉireann
**Nóta:** Is ionann na sonraí do 2021 agus an meán do na chéad 3 ráithe de 2021. Folaíonn fiachas na hearnála príobháidí na fiontair ilnáisiúnta (earnáil FIN) in Éirinn.

### Ráta Dífhostaíochta




**Foinse:** CSO

### Boilsciú HICP na hÉireann




**Foinse:** Eurostat

### Glanfhiúchas Teaghlach




**Foinse:** Banc Ceannais na hÉireann
**Nóta:** Is ionann na sonraí do 2021 agus an meán do na chéad 3 ráithe de 2021

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Caibidil 1:
# Clabhsúr ar ár dTimthriall Straitéiseach 2019-2021

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Caibidil 1: Clabhsúr ar ár dTimthriall Straitéiseach 2019-2021




Cuid lárnach de straitéis éifeachtach eagraíochtúil is ea an cumas freagairt go tapa do chúinsí atá ag athrú agus do rioscaí atá ag teacht chun cinn. Sa chomhthéacs sin, cuireadh Plean Straitéiseach 3 bliana (2019-2021) de chuid an Bhainc Ceannais chun cinn i dtimpeallacht oibriúcháin ar bhain dúshláin gan choinne léi. Tháinig príomhrioscaí suntasacha chun cinn le linn thréimhse an Phlean, lena n-áirítear comhaontú moillithe na Ríochta Aontaithe maidir leis an Aontas Eorpach (AE) a fhágáil agus teacht chun cinn phaindéim COVID-19 (ó Eanáir 2020 ar aghaidh). Rinne an Banc Ceannais coigeartú dá réir chun freagairt do rioscaí den sórt sin, ag iarraidh na tionchair a bhain leis na córais eacnamaíocha agus airgeadais a mhaolú de réir ár sainordaithe, agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh leis an bPlean foriomlán a chur chun cinn.

Bhí cúig phríomhthéama sa Phlean. Leagtar béim ar na príomhthorthaí faoi na téamaí sin sna leathanaigh seo a leanas. Rinneadh roinnt gníomhartha straitéiseacha iarmharacha a chuimsiú i Straitéis 2022-2026, a foilsíodh i mí na Samhna 2021.

## Athléimneacht a Neartú

Bhí an Banc Ceannais ag obair chun athléimneacht an chórais airgeadais a neartú agus rioscaí sa chóras airgeadais a mhaolú sa chaoi go mbeadh sé ábalta turraingí agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh agus go maolófaí iarmhairt na dteagmhas sin. Bhí athléimneacht an chórais

Siar go "Clár na nÁbhar"

airgeadais riachtanach le linn na tréimhse 2019-2021, go háirithe le linn ghéarchéim COVID-19.

Léiríonn neartú na hathléimneachta baincéireachta sna blianta roimh an bpaindéim tosca éagsúla, lena n-áirítear feabhsú ar chomhdhéanamh na punainne iasachta mar gheall ar na Bearta Morgáiste, gníomhachtú an Chúlchiste Fhritimthriallaigh in 2018 atá dírithe ar mhaoláin chaipitil a thógáil luath go leor sa timthriall agus tomhas riosca níos fearr ón gcleachtadh um Athbhreithniú Spriocdhírithe ar Shamhlacha Inmheánacha de chuid an tSásra Maoirseachta Aonair.

Chuir an athléimneacht fheabhsaithe seo ar chumas an Bhainc Ceannais gníomhartha beartais a ghlacadh chun éifeachtaí láithreacha na paindéime a mhaolú, lena n-áirítear scaoileadh an chúlchiste fhritimthriallaigh agus inúsáidteacht maolán caipitil macrastuamachta agus micreastuamachta eile.

**Toradh Inmhianaithe:**

Is fearr atá an córas airgeadais in ann turraingí seachtracha agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh.

Chuir na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha bonn faoin gcur chuige ar fud an chórais i leith sosanna íocaíochta d'iasachtaithe. Ag an am céanna, cuireadh níos mó béime ar ullmhacht ghearrthéarmach le haghaidh téarnamh agus réiteach na mbanc, lena n-áirítear foilsiú chur chuige an Bhainc Ceannais maidir le réiteach do bhainc agus do ghnólachtaí infheistíochta in 2019.

Le bunú Tascfhórsa inmheánaigh um Fhreagairt ar Ghéarchéim COVID-19 (Tascfhórsa COVID-19), bhíothas in ann faireachán tapa, comhordaithe a dhéanamh ar na rioscaí uile a bhain leis an bpaindéim ar bhonn trasearnála, lena n-áirítear éascú a dhéanamh ar an gcomhoibriú idirnáisiúnta a theastaigh chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí.

Bhí dul chun cinn leanúnach ann i rith na tréimhse seo chun an tuiscint a neartú maidir le tionchar COVID-19 agus rioscaí níos leithne ar chobhsaíocht airgeadais, mar atá leagtha amach in Athbhreithnithe ar Chobhsaíocht Airgeadais a foilsíodh. Rinneadh dul chun cinn cuimsitheach ar na hathbhreithnithe creata do na bearta morgáiste, ar an gcreat caipitil agus ar bhreithniú na dteorainneacha macrastuamachta ar chistí maoine. Leanann an rannpháirtíocht idirnáisiúnta maidir le neartú an chreata d'earnáil na gcistí infheistíochta, le hionchur ar leith in obair an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais (BCA), an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) sa spás sin.

Mar gheall ar an bpaindéim, tá rannpháirtíocht chomhoibríoch sa mheasúnú ar rioscaí atá sonrach ó thaobh córais, earnála agus gnólachta de ag freastal go maith orainn i gcónaí maidir le rannpháirtíocht mhaoirseachta a oiriúnú chun maoirseacht éifeachtach a chur ar fáil ar bhealach comhtháite. Rinneadh iarrachtaí suntasacha in 2021 chun freagairt gnólachtaí/earnála a thuiscint i gcomhthéacs leanúnach COVID-19 agus lean an Banc Ceannais

Siar go "Clár na nÁbhar"

ag tabhairt aghaidh ar na leochaileachtaí a bhí ann cheana agus ag measúnú na leochaileachtaí nua laistigh den chóras airgeadais. Go háirithe, áiríodh leis an gclár oibre dian-rannpháirtíocht mhaoirseachta agus straitéisí fiachais anásta gnólachtaí a cheistiú tar éis sosanna íocaíochta agus roimh dheireadh tacaíochtaí ón rialtas.

Go luath sa bhliain 2021, bhunaigh an Banc Ceannais Aonad um Athrú Aeráide chun forléargas straitéiseach a thabhairt ar an obair ar athrú aeráide agus chun breithnithe riosca aeráide a chomhtháthú ina mheasúnuithe maoirseachta agus cobhsaíochta airgeadais.

# Brexit

Chuir an Banc Ceannais a thosaíocht straitéiseach i bhfeidhm maidir le maolú a dhéanamh ar na rioscaí don gheilleagar, don chóras airgeadais, don timpeallacht rialála agus do chosaint tomhaltóirí mar gheall ar an tionchar a bheadh ag imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE.

Bhí obair mhór i gceist leis seo ó thaobh taighde agus anailís ar na rioscaí a d'eascródh as Brexit. D'fhoilsigh an Banc Ceannais corpas taighde a rinne anailís ar rioscaí Brexit ag céimeanna éagsúla den phróiseas idirbheartaíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ina ndearnadh measúnú ar na cásanna Brexit ba dhóchúla.

**Toradh Inmhianaithe:**

Go mbeidh na rioscaí don gheilleagar, don chóras airgeadais, don timpeallacht rialála agus do chosaint tomhaltóirí maolaithe.

Chuir an Banc Ceannais feabhas ar a uirlisí rialála agus ar a chur chuige maoirseachta chun a chinntiú gur tuigeadh agus gur maolaíodh go héifeachtach na rioscaí níos leithne airgeadais, margaidh agus riartha a bhain le nádúr, scála agus castacht mhéadaithe chóras airgeadais na hÉireann. Ina theannta sin, cuireadh gníomhaíochtaí chun cinn chun a chinntiú go raibh gnólachtaí rialáilte ullmhaithe go cuí don réimse tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann agus go raibh bearta i bhfeidhm acu chun leasanna a gcuid custaiméirí a chosaint. Ar deireadh, chinntigh an Banc Ceannais freisin go raibh próiseas údaraithe láidir agus éifeachtach ann do gach gnólacht a bhí ag lorg údarú, lenar áiríodh an líon méadaithe a d'eascair as Brexit.

Le linn phróiseas idirbheartaíochta AE-RA, chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil go forleathan le páirtithe leasmhara in Éirinn agus san Eoraip chun a chinntiú go ndéanfaí aon rioscaí a bhain le Brexit don chreat rialála agus d'earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann a réiteach go cuí.

Leanadh den rannpháirtíocht le húdaráis mhaoirseachta ábhartha na Ríochta Aontaithe maidir le réimse ábhar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus ar mhaithe le comhoibriú éifeachtach maoirseachta a chinntiú tar éis don Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Tugadh tionscadal aistrithe na Taisclainne Lárnaí Urrús chun críche in 2021. Rinne gnólachtaí rialáilte áirithe, i gcomhar le margadh urrús na hÉireann, dul chun cinn maidir le haistriú urrúis chorparáideacha na hÉireann chuig taisclann lárnach urrús nua. D'oibrigh an Banc Ceannais go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an aistrithe agus cuireadh é sin i gcrích go rathúil i Márta 2021.

## Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn an Phlean trí bliana chun cosaintí do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a neartú. Rinneadh é seo trí chreataí rialála a fheabhsú agus leanúint de mhaoirseacht riosca-bhunaithe a dhéanamh, a raibh iombhagairt inchreidte an fhorfheidhmiúcháin mar bhonn agus mar thaca fúithi.

Maidir leis an gcreat maoirseachta, ghlac an Banc Ceannais cur chuige níos córasaí atá bunaithe ar riosca maidir le riosca riartha a shainaithint agus a mhaolú, ag díriú ar ghnólachtaí agus ar tháirgí is mó a bhfuil baol díobhála ag baint leo.

D'oibrigh an Banc Ceannais chun tomhaltóirí agus infheisteoirí a raibh tionchar airgeadais ag paindéim COVID-19 orthu a chosaint, trína ionchais a chur in iúl do ghnólachtaí rialáilte ar fud gach earnála maidir le bainistiú na rioscaí a bhain le COVID-19. Ar na príomhréimsí fócais áiríodh rannpháirtíocht le gnólachtaí rialáilte chun a chinntiú go mbeadh réitigh a bhí dírithe ar thomhaltóirí ar fáil i réimsí an fhiachais anásta agus aisíocaíochta agus éilimh ar pholasaithe árachais, agus chun dúshlán a thabhairt d'athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil na ngnólachtaí rialaithe ar fud go leor earnálacha. Go háirithe, chinntigh cur chuige dírithe ar chustaiméirí maidir le réiteach fadhbanna árachais a bhain le hidirbhriseadh gnó gur ghlac gnólachtaí le cumhdach le haghaidh éilimh a bhí bailí agus go ndeachaigh siad i dteagmháil go réamhghníomhach lena gcustaiméirí.

Lena chois sin, tríd an Athbhreithniú ar Phraghsáil Dhifreálach, thug an Banc Ceannais pleananna chun cinn chun cosc a chur ar an gcleachtas maidir le praghaschéimniú sa mhargadh tí phríobháidigh agus sa mhargadh árachais ghluaisteán, a thiocfaidh i bhfeidhm ó mhí Iúil 2022.

Tugadh an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin chun críche, agus mar thoradh air sin d'íoc iasachtóirí breis agus €700m mar chúiteamh le custaiméirí lenar bhain sé. Garsprioc eile a sroicheadh ab ea críoch a chur leis an Athbhreithniú ar Iompar agus Cultúr a rinne an Banc Ceannais ar earnáil baincéireachta miondíola na hÉireann, inar moladh gur chóir Creat Cuntasachta Aonair feabhsaithe a thabhairt isteach le haghaidh daoine aonair atá ag obair i ngnólachtaí rialáilte chun rialachas san earnáil

**Toradh Inmhianaithe:**

Go mbeidh cosaint tugtha do leasa tomhaltóirí agus go mbeidh muinín agus iontaobhas as an gcóras airgeadais feabhsaithe trí rialáil éifeachtach ar ghnólachtaí agus ar mhargaí.

Siar go "Clár na nÁbhar"

baincéireachta agus san earnáil seirbhísí airgeadais i gcoitinne a fheabhsú. Tá reachtaíocht tugtha chun cinn ag an Rialtas anois chun creat den sórt sin a thabhairt isteach.

I réimse na cosanta d'infheisteoirí, d'fhoilsigh an Banc Ceannais toradh a athbhreithnithe ar chomhlíonadh a chreata rialachais, bainistíochta agus maoirseachta (Páipéar Comhairliúcháin (CP) 86) ag cuideachtaí bainistithe cistí . Scrúdaigh an t-athbhreithniú cibé acu an raibh na córais rialachais riachtanacha i bhfeidhm chun leas na n-infheisteoirí a chosaint. Sa chás gur aithníodh easnaimh, d'ordaigh an Banc Ceannais go ndéanfaí athbhreithniú orthu sin mar ábhar tosaíochta agus tá sé tiomanta d'athbhreithniú leanúnach agus do dhúshlán a thabhairt sa réimse seo.

D'oibrigh an Banc Ceannais freisin chun cur chuige nua a chur i bhfeidhm maidir le maoirseacht a dhéanamh ar riaradh na margaí mórdhíola, agus maidir le hathchóiriú ó bhun go barr ar rialachas in earnáil na gcistí a chur chun cinn.

Lean gníomhaíocht forfheidhmithe chomhréireach thréan de bheith mar bhonn agus mar thaca ag ár gcumhachtaí. I gcaitheamh na dtrí bliana, chuir muid cásanna forfheidhmithe i gcoinne gnólachtaí agus daoine aonair chun cinn, agus mar thoradh orthu sin gearradh fíneálacha iomlána de níos mó ná €97 milliún.

Lean an Banc Ceannais de bheith ag cur leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta trína chuid rannpháirtíochta maoirseachta agus trí obair dlí agus beartais le linn na tréimhse sin.  Áiríodh leis sin gníomhaíochtaí rannpháirtíochta éagsúla leis na gnólachtaí ardriosca, agus rannpháirtíochtaí le gnólachtaí eile de réir mar ba ghá, ionchur i bplé agus i rannpháirtíocht i meithlí san Údarás Baincéireachta Eorpach agus sa Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais agus ionchur suntasach i bhforbairt reachtaíochta intíre.

## Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt

Lean an Banc Ceannais de thionchar a imirt sa bhaile agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear ar leibhéal Eorpach, trí úsáid a bhaint as a shainordú ar bhealach comhtháite. Le linn na tréimhse, forbraíodh Straitéis nua de chuid an AE maidir le Rannpháirtíocht, atá dírithe ar thuilleadh feabhais a chur ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an Banc Ceannais le piaraí agus le páirtithe leasmhara mar chuid dá ról san Eoraip a chomhlíonadh.

Chuir an Banc Ceannais go gníomhach le príomhdhíospóireachtaí a bhain le beartas airgeadaíochta trí chomhaltas an Ghobharnóra ar Chomhairle Rialaithe BCE agus trí rannpháirtíocht i gcoistí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC). Cabhraíonn na coistí seo le comhlachtaí cinnteoireachta BCE, agus cuireann siad go mór le comhoibriú laistigh den Eurochóras atá

**Toradh Inmhianaithe:**

Go mbeidh rannpháirtíocht againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus go n-éistfimid leo chun ár gcuid oibre a fhoirmiú agus chun muinín sa Bhanc Ceannais agus tuiscint ar an mBanc Ceannais a fheabhsú.

Go mbeidh tionchar straitéiseach againn ar phríomhchinntí agus ar phríomhpholasaithe san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

Siar go "Clár na nÁbhar"

déanta suas den BCE agus bainc cheannais náisiúnta na dtíortha sin a bhfuil an euro glactha mar airgeadra acu.

Rinne an Banc Ceannais, tríd an Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, comhchathaoirleacht ar an Tascfhórsa Ardleibhéil ar Chomhoibriú an Eurochórais agus bhí ionadaíocht aige ar thascfhórsaí ardleibhéil ar an Euro Digiteach, ar Infheistíochtaí Inbhuanaithe, Freagracha a bhaineann le hAthrú Aeráide i bPunanna Beartais Neamhairgeadaíochta, agus ar an gCóras Comhtháite Tuairiscithe le haghaidh sonraí baincéireachta. Toghadh an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, ina cathaoirleach ar Bhuanchoiste Bainistíochta Infheistíochta an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí.

Lean an Banc Ceannais air ag obair lena chontrapháirteanna Eorpacha agus idirnáisiúnta chun an creat rialála a neartú tuilleadh agus chun freagairt do rioscaí atá ag teacht chun cinn. Rinneadh plé éifeachtach, *inter alia*, ar airgeadas inbhuanaithe agus ar nuálaíocht sa Chomhairle Rialaithe, ag Bord Maoirseachta an tSásra Aonair Maoirseachta agus sna hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha. Bhí ionchur suntasach in obair an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí ar Chomhghníomhaíochtaí Maoirseachta, sa Sásra Aonair Maoirseachta agus i gcúrsaí Frithsciúrtha Airgid.

Lean an Banc Ceannais de bheith ag plé go forleathan leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara trí bhealaí éagsúla ar réimse téamaí a bhain go háirithe le COVID-19 agus a thionchar ar an tsochaí.

# Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Ba phríomhghné den tréimhse é timpeallacht rialaithe láidir a choimeád ar bun trí bhainistiú leanúnach riosca agus rialachais. Áiríodh leis sin freagairtí oibríochtúla leanúnacha ar phaindéim COVID-19, lena n-áirítear an t-aistriú chuig cianobair agus éascú leanúnach na cianoibre agus an méadú riachtanach i slándáil faisnéise agus cumas líonra. Rinneadh iarracht leis na bearta sin leanúnachas gnó agus athléimneacht oibríochtúil a chinntiú i gcomhthéacs athruithe ar shocruithe oibre an Bhainc Ceannais.

Forbraíodh samhail nua oibre níos fadtéarmaí chun socruithe oibre hibridí a chumasú idir áitreabh an Bhainc Ceannais agus áiteanna cianda, a gcuirfear tús leo ina n-iomláine le linn 2022.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an mBanc Ceannais maidir le feabhsuithe ar a rialachas sonraí agus a phríomhchumais sonraí trí ardáin nua a sholáthar agus a uasghrádú. Bhain an Straitéis Sonraí garsprioc shuntasach amach nuair a cuireadh an Tairseach Aontachta sheachtrach i bhfeidhm do gach earnáil tionscail.

**Toradh Inmhianaithe:**

Go dtacóidh ár gcultúr, ár n-acmhainní agus ár n-inniúlachtaí le soláthar éifeachtach agus éifeachtúil ár sainordaithe agus na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca á gcinntiú ag an am céanna.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis an obair ar an Straitéis Daoine a bhí ann cheana féin - le béim leanúnach ar acmhainn agus ar chumas, ar chultúr eagraíochtúil agus ar eispéireas san ionad oibre.

Maidir le prionsabail agus luachanna a dhaingniú i gcultúr an Bhainc Ceannais, rinneadh dul chun cinn suntasach. Lean an Banc Ceannais ag comhlíonadh a ghealltanais maidir le hÉagsúlacht & Ionchuimisú, le foilsiú a cheathrú Tuarascáil ar an mBearna Pá idir na hInscní, seoladh a Bheartais ar Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne san Ionad Oibre agus shínigh an Banc Ceannais an *Elevate Pledge* de chuid Ghnó sa Phobal in Éirinn, do chuimsiú san ionad oibre.

Tá Forbairt an Champais ag dul ar aghaidh go maith de réir amlíne athbhreithnithe i bhfianaise moilleanna a bhain leis an bpaindéim.

Tá dul chun cinn maith déanta freisin ar an gclár oibre ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach agus is féidir sonraí a fháil ina tuarascáil bhliantúil.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Caibidil 2:
# Príomhghníomhaíochtaí in 2021

# Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí in 2021

## Freagairt ar COVID-19

### Bainistiú na Géarchéime

Lean paindéim COVID-19 de thionchar ábhartha a imirt ar ghníomhaíochtaí agus ar thosaíochtaí an Bhainc Ceannais. Le linn 2021, lean Tascfhórsa COVID-19 lena chuid oibre ag comhordú fhreagairt beartais fhoriomlán an Bhainc Ceannais ar an bpaindéim, ag iarraidh a chinntiú go leanfadh an córas airgeadais ag freastal ar theaghlaigh agus ar ghnóthaí. Áiríodh leis sin, tús áite a thabhairt do shruthanna oibre ar rioscaí airgeadais agus oibriúcháin do ghnólachtaí agus d'earnálacha, cosaint tomhaltóirí agus cobhsaíocht níos leithne an chórais airgeadais.

Tar éis do fhreagairt an Bhainc Ceannais ar ghéarchéim COVID-19 dul ar aghaidh chuig céim oibre níos cobhsaí agus níos faide, díghníomhachtaíodh socruithe bainistithe géarchéime an Bhainc Ceannais i mí na Samhna 2021 agus aistríodh gníomhaíochtaí COVID-19 chuig obair leanúnach an Bhainc Ceannais. Áiríodh leis sin faireachán leanúnach ar fhiachas anásta agus an tionchar a bhí ar an gcóras airgeadais ag tarraingt siar na dtacaíochtaí rialtais. Tugadh faoi chleachtadh ceachtanna foghlamtha chun breithniúcháin a aithint maidir le hobair amach anseo. Aithníodh ar na príomhrudaí a foghlaimíodh mar chuid den chleachtadh seo eolas faoi na leibhéil éagsúla athléimneachta agus leochaileachtaí in earnálacha airgeadais, ról na ngníomhaíochtaí beartais maidir le hanás teaghlaigh agus gnólachtaí a mhaolú, leibhéal ullmhachta gnólachtaí i leith géarchéimeanna, an margadh árachais d’idirbhriseadh gnó, idirnaisc agus ceangail bhreise sa chóras airgeadais agus úsáid sonraí ardmhinicíochta chun tacú le hanailís eacnamaíoch.

Rinneadh na socruithe bainistithe géarchéime idirghníomhaireachta leis an Roinn Airgeadais agus le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a agraíodh i mí an Mhárta 2020 faoi choimirce an Ghrúpa um Chobhsaíocht Airgeadais, a lánscor le linn 2021 freisin agus cuireadh tús le hobair chun an méid a foghlaimíodh maidir leis an bhfreagairt idirghníomhaireachta ar an ngéarchéim a aithint.

### Freagairt Rialála

Lean roinnt ábhar imní ó thaobh córais, earnála, gnólachtaí, infheisteoirí agus tomhaltóirí, a d'eascair as paindéim COVID-19 agus a d'éiligh ath-thosaíocht oibre agus lúfaireacht chun rioscaí a bhí ag teacht chun cinn a bhainistiú agus muid ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh ár sainordaithe i gcoitinne. Ina theannta sin, cuireadh tuilleadh feabhais ar an gcreat

Siar go "Clár na nÁbhar"

maoirseachta rioscabhunaithe chun a chinntiú go leanfadh sé de bheith ag tacú le sainaithint agus maolú rioscaí, ag díriú ar ghnólachtaí agus ar tháirgí a d'fhéadfadh an dochar is mó is féidir a dhéanamh. Tá tuilleadh eolais maidir le gníomhaíocht rialála le bliain anuas ar fáil níos faide ar aghaidh i gCaibidil 2 faoi na codanna ar Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí, Maoirseacht agus Forfheidhmiú agus Forbairt Beartais Rialála.

# Cobhsaíocht Praghsanna

I rith na bliana, chuir an Banc Ceannais go gníomhach le ceapadh beartais airgeadaíochta agus le cinnteoireacht san Eurochóras trí chomhaltas an Ghobharnóra ar Chomhairle Rialaithe BCE agus trí rannpháirtíocht ghníomhach ag baill foirne i gcoistí ábhartha an Eurochórais.

## Athbhreithniú Straitéise BCE

Cuireadh críoch i mí Iúil 2021 le hAthbhreithniú Straitéise BCE, a seoladh i mí Eanáir 2020, i gcomhthéacs rolladh amach vacsaíní, athruithe ar an ionchas boilscithe agus geilleagar a bhí ag teacht amach as na srianta. I straitéis nua beartais airgeadaíochta na Comhairle Rialaithe, bhí sprioc boilscithe 2% siméadrach thar an meántéarma, ag soláthar cúltaca sainithe d'ionchais bhoilscithe. Ina theannta sin, leagadh amach sa straitéis an gá a bhí le freagairtí láidre beartais airgeadaíochta ar thurraingí frithbhoilscitheacha agus iad ag feidhmiú gar don chuimse íochtar éifeachtach. Moladh sa straitéis nua freisin go gcuirfí tithíocht úinéir-áitithe san áireamh i ríomhanna an Innéacs Chomhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí agus ceadaíodh plean gníomhaíochta chun cúinsí athraithe aeráide a chur san áireamh sa chreat beartais airgeadaíochta.

## Cinntí maidir le Beartas Airgeadaíochta

Le linn phaindéim COVID-19, d'fheidhmigh freagairt beartais airgeadaíochta BCE chun dálaí airgeadais fabhracha a chothú agus tacaíocht a sholáthar de réir mar a lean an cur isteach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar aghaidh. Gné thábhachtach de na dálaí fabhracha maoinithe a chaomhnú ba iad na ceannacháin faoin gclár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime, an tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha agus na glancheannacháin leanúnacha sócmhainní míosúla faoin gclár ceannaigh sócmhainní. Rinne an Chomhairle Rialaithe a beartas airgeadaíochta a choigeartú roinnt uaireanta chun tionchar na paindéime a mhaolú. Ba ionann an ráta boilscithe sa limistéar euro agus 2.6% in 2021, méadú suntasach ó 0.3% in 2020.

Don chéad dá mhí de 2021, choinnigh an t-éileamh lag agus an mhairbhití sa mhargadh saothair boilsciú faoi bhun an spriocráta ag 0.9%. I mí Eanáir 2021, d'athdheimhnigh an Chomhairle Rialaithe a seasamh beartais airgeadaíochta (mí na Nollag 2020), gan aon athruithe a dhéanamh ar na rátaí úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin (0.00%), an tsaoráid taisce (-0.50%) nó an tsaoráid iasachta imeallaí (0.25%), ag leanúint leis na ceannacháin faoin gclár ceannaigh le héigeandáil na paindéime le clúdach iomlán €1,850bn, agus ag coinneáil glancheannacháin sócmhainní faoin gclár ceannaigh do shócmhainní ag luas míosúil €20bn. Tháinig méadú ar bhoilsciú príomha go 1.3% faoi dheireadh R1, go mór mór mar gheall ar an

Siar go "Clár na nÁbhar"

méadú ar phraghsanna fuinnimh. Mar sin féin, d'fhan na bunrátaí boilscithe faoi smacht amach go maith sa dara ráithe de 2021. I mí an Mhárta, mhéadaigh an Chomhairle Rialaithe luas ceannacháin sócmhainní PEPP i bhfianaise rátaí úis margaidh a bhí ag ardú, agus a bhí ag dul in airde ó mhí na Nollag. Ba é seo an chéad uair a d'athchalabraigh an Chomhairle Rialaithe bearta beartais airgeadaíochta in 2021. Níor tháinig aon athrú ar na bearta beartais a bhí fágtha agus ní dhearnadh aon choigeartú breise go dtí tús Ráithe 3 2021.

Tar éis chur i gcrích Athbhreithniú Straitéise BCE i mí Iúil, rinne an Chomhairle Rialaithe athbhreithniú ar a réamhthreoir maidir le príomhrátaí úis BCE agus na bearta beartais eile á n-athdhearbhú aici ag an am céanna. Faoi Mheán Fómhair, bhí an staid eacnamaíoch feabhsaithe go mór, agus bhí an t-aschur ar an mbóthar ceart chun a leibhéil réamh-phaindéime a shárú faoi mhí na Nollag. Bhí méadú suntasach tagtha ar an mboilsciú príomha agus ar an mboilsciú bunúsach, go 3.4% agus 1.9% faoi seach, agus bhí feabhas ag teacht ar an ionchas boilscithe mheántéarmaigh. I bhfianaise na forbartha seo, chinn an Chomhairle Rialaithe ar luas measartha níos ísle de cheannachán sócmhainní faoin gclár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime.

Le linn R4, chuir arduithe breise ar phraghsanna fuinnimh, an t-éileamh a bhí ag sárú an tsoláthair srianta agus teacht chun cinn an athraithigh Omicron, ar fad leis an moilliú gan choinne i bhfás eacnamaíoch. Idir an dá linn, lean an boilsciú ag méadú go tobann, ag baint buaic de 5.0% amach i mí na Nollag. Ag a chruinniú beartais airgeadaíochta deiridh de 2021, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe go mbeadh laghdú céim ar chéim ar luas an chláir ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime agus go scoirfí de faoi dheireadh i mí an Mhárta 2022. Chomh maith leis sin, chuir an Chomhairle Rialaithe síneadh leis an tréimhse athinfheistíochta don chlár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime go dtí deireadh 2024 ar a laghad. Chomh maith leis sin, chinn sí ar luas míosúil glancheannacháin de €40bn i R2 de 2022 agus €30bn i R3 faoin gclár ceannaigh do shócmhainní, ag laghdú go €20bn sa mhí ó Dheireadh Fómhair 2022 ar aghaidh.

## Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta an Eurochórais

In 2021, rinne an tEurochóras, lena n-áirítear tríd an mBanc Ceannais, ceannacháin gan stró faoin gclár ceannaigh do shócmhainní agus faoin gclár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime, ag leanúint le garaíocht airgeadaíochta leathan a sholáthar.

Rinne an tEurochóras na ceithre oibríocht dheireanacha den tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha in 2021. Tar éis aisíocaíochtaí ó oibríochtaí eile athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha a chur san áireamh, ba é glanéifeacht leachtachta na n-oibríochtaí seo leathnú ar iasachtú fadtéarmach spriocdhírithe de €432.9bn go €

Siar go "Clár na nÁbhar"

2,198.0bn san Eurochóras. I bhfianaise an ardleibhéil leachtachta breise sa chóras agus na praghsála níos fabhraí d'oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha spriocdhírithe nó d'ionstraimí margaidh inchomparáide, d'fhan úsáid na bpríomhoibríochtaí athmhaoinithe seachtainiúla agus na n-oibríochtaí athmhaoinithe trí mhí níos fadtéarmaí ag na leibhéil ba ísle riamh i rith na bliana nó gar dóibh. Ar deireadh, rinne an tEurochóras na ceithre oibríocht athmhaoinithe fhadtéarmacha dheireanacha éigeandáil na paindéime le linn 2021, le glacadh €842m ar an meán.

Mar gheall ar an bhfeabhsú leanúnach  ar dhálaí maoinithe dhollar na Stát Aontaithe, cuireadh deireadh i mí Iúil 2021 leis an oibríocht 84-lá chun leachtacht dhollar na SA a sholáthar. Leanadh de bhuanoibríocht seacht lá le haghaidh dhollar na SA a chur i bhfeidhm ar bhonn seachtainiúil, cé nach raibh mórán rannpháirtíochta inti.

Lean an róleachtacht ar fud an Eurochórais le linn 2021, ag bogadh ó €3,343.8bn ar an 31 Nollaig 2020 go €4,136.3bn ag deireadh na bliana 2021, rud a léirigh go príomha an méadú ar mhéideanna iasachtaíochta gan íoc faoi oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha agus gníomhaíocht an chláir cheannaigh.[1]

## Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta na hÉireann

Laistigh den chlár ceannaigh do shócmhainní, ceannaíonn an Banc Ceannais bannaí faoi chlár ceannaigh na hearnála poiblí agus faoin tríú clár ceannaigh bannaí faoi chumhdach. Tháinig méadú ar shealúchais chlár ceannaigh na hearnála poiblí ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais, a choinnítear ar a phriacal féin, go €34.5bn ag deireadh 2021, aníos ó €31.6bn ag deireadh 2020. Thit sealúchais na mbannaí faoi chumhdach faoin tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach, atá riosca-chomhroinnte leis an Eurochóras, go €2.5bn ag deireadh 2021 ó €3.2bn bliain roimhe sin. Idir an dá linn, tháinig méadú €11.4bn ar shealúchais an Bhainc Ceannais de bhannaí rialtais na hÉireann faoi chlár ceannaigh éigeandáil na paindéime i gcaitheamh na bliana go €21.4bn ag deireadh 2021.

Le linn 2021, leithdháil an Banc Ceannais €16.9bn trí bhíthin oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha. B'ionann líon iomlán na n-iasachtaí beartais airgeadaíochta gan íoc ag contrapháirtithe na hÉireann agus €21.0bn ar an 31 Nollaig 2021, i gcomparáid le €7.3bn ag deireadh 2020. Ar aon dul le taithí níos leithne an Eurochórais, thug an Banc Ceannais faoi deara freisin go raibh ardú leanúnach ar leibhéal na sealúchas cúlchistí agus gur mhéadaigh an mheán-leachtacht bhreise beagnach faoi dhó ó €44.5bn i rith 2020 go €84.1bn faoi dheireadh na bliana.

---

[1] Ríomhtar figiúirí maidir le leibhéal na róleachtachta san Eurochóras mar seo a leanas: iarmhéideanna cuntais reatha, móide iarmhéideanna saoráidí taisce, lúide riachtanais chúlchiste iomlána, lúide iarmhéideanna saoráide iasachta imeallaí.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Rinne an Banc Ceannais faireachán ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas cúlchiste d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta an Eurochórais.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Cobhsaíocht Airgeadais



Tá cosaint chobhsaíocht an chórais airgeadais i gcroílár mhisean an Bhainc Ceannais chun a chinntiú go n-oibríonn an córas airgeadais chun leasa an phobail.

## Measúnú agus Anailís ar Chobhsaíocht Airgeadais

D'fhoilsigh an Banc Ceannais dhá Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais in 2021.[2] San Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais, déantar measúnú ar na príomhrioscaí a bhíonn le seasamh ag an gcóras airgeadais agus déanann sé measúnú ar athléimneacht an chórais airgeadais i leith na rioscaí sin. Le linn 2021, de réir mar a tháinig an ghníomhaíocht eacnamaíoch ar ais go láidir, thosaigh cuid de na rioscaí geaarrthéarmacha don chóras airgeadais ón turraing paindéime ag cúlú. Ag an am céanna, chuaigh tuilleadh leochaileachtaí meántéarmacha i dtreis, amhail iad siúd a d'eascair as forbairtí sna margaí airgeadais idirnáisiúnta agus as leibhéil níos airde fiachais dhomhanda.

Chun tuiscint níos doimhne a fháil ar an timpeallacht chobhsaíochta airgeadais agus ar éifeachtacht an bheartais macrastuamachta, lean an Banc Ceannais de thaighde agus d'anailís dhomhain a dhéanamh. In 2021, bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomhréimsí fócais:

- Forbairtí sna margaí tithíochta morgáiste.
- Tionchar leanúnach thurraing COVID-19 ar earnálacha éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear an margadh réadmhaoine tráchtála, earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide agus airgeadas teaghlaigh.
- An earnáil airgeadais margadh-bhunaithe in Éirinn, lena n-áirítear trí chur i gcrích na hanailíse doimhne ar chistí réadmhaoine, ag seoladh an Mhonatóra Airgeadais Margadh-bhunaithe nua.

Chuir an Banc Ceannais an taighde seo in iúl trí chainéil éagsúla, lena n-áirítear foilsiú Nótaí Cobhsaíochta Airgeadais agus Páipéir Theicniúla Taighde.

## Beartas Macrastuamachta

Ó thosaigh paindéim COVID-19, tá sé mar aidhm ag seasamh beartais macrastuamachta an Bhainc Ceannais tacú leis an earnáil baincéireachta turraing na paindéime a mhaolú, ionas gur féidir léi leanúint ag freastal ar an bhfíorgheilleagar ar bhealach inbhuanaithe.

Mar a tharlaíonn gach bliain, áiríodh san Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais don dara leath den bhliain cur i láthair roinnt cinntí suntasacha

[2]Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2021:I agus Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2021:II.

Siar go "Clár na nÁbhar"

beartais macrastuamachta, lena n-áirítear an t-athbhreithniú bliantúil ar na bearta morgáiste agus maolán na n-institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo, chomh maith leis an gceathrú athbhreithniú ráithiúil ar an gcúlchiste fritimthriallach.

Ina theannta sin, tá tús curtha ag an mBanc Ceannais le roinnt grinn-athbhreithnithe agus é ag iarraidh leanúint leis an gcreat macrastuamachta a aibiú in Éirinn. Tá na grinn-athbhreithnithe seo ar siúl faoi láthair maidir le gach ceann de na trí cholún: iasachtaithe, bainc agus neamhbhainc. Tá na hathbhreithnithe ag díriú ar an gcleachtas is fearr idirnáisiúnta, ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, agus ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais domhanda atá ag athrú go tapa.

Tá bearta morgáiste an Bhainc Ceannais ina gcuid dhílis den chreat beartais macrastuamachta. Mar chuid den athbhreithniú creata, chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil go díreach leis an bpobal trí shuirbhé ar líne agus trí shraith imeachtaí éisteachta. Bhí anailís ar an aiseolas sin, mar aon le taighde agus anailís a rinneadh le linn 2021, mar bhonn agus mar thaca ag na moltaí sonracha a leagadh amach i bpáipéar comhairliúcháin an Bhainc Ceannais maidir le creat na mbeart morgáiste, a foilsíodh i mí na Nollag 2021.

Tá an t-athbhreithniú ar an gcreat caipitil bainc ag díriú ar an gcaoi a shocraítear na maoláin éagsúla macrastuamachta agus ar na hidirghníomhaíochtaí idir na maoláin sin agus gnéithe eile den chreat caipitil, amhail íoscheanglais.[3]

Sa tríú colún den athbhreithniú pléitear an earnáil airgeadais margadh-bhunaithe in Éirinn, agus go háirithe cistí infheistíochta atá lonnaithe in Éirinn. Mar chuid den dara Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais, d'eisigh an Banc Ceannais Páipéar Comhairliúcháin chun measúnú a dhéanamh ar thograí chun acmhainneacht na hearnála cistí maoine in Éirinn a neartú, i gcomhréir lena straitéis níos leithne chun an creat macrastuamachta a fhorbairt lasmuigh den chóras baincéireachta.

## Clár Measúnaithe CAI ar an Earnáil Airgeadais

Mionmheasúnú cuimsitheach ar earnáil airgeadais tíre is ea Clár Measúnaithe CAI ar an Earnáil Airgeadais. Is ionann an measúnú reatha d'Éirinn, ar cuireadh tús leis in 2021, agus measúnú tábhachtach seachtrach ar acmhainneacht na hearnála airgeadais, ar chaighdeán an chreata rialála agus maoirseachta, agus ar an gcumas géarchéimeanna airgeadais a bhainistiú agus a réiteach. Tabharfar an clár measúaithe ar an earnáil airgeadais chun críche in 2022.

---

[3]Féach ráitis ón nGobharnóir Makhlouf, "Birth, growth and towards maturity: macroprudential policy in Ireland", ar an 8 Samhain 2021.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Athrú Aeráide

Beidh iarmhairtí leathana ag an athrú aeráide, agus ag an aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe, ar thorthaí eacnamaíocha agus airgeadais sa todhchaí, agus beidh impleachtaí aige sin do shainorduithe uile an Bhainc Ceannais.[4] Tá tionchar an-mhór ag an athrú aeráide cheana féin ar shochaithe agus ar gheilleagair an domhain mar gheall ar mhinicíocht mhéadaithe na n-imeachtaí drochaimsire, agus rioscaí méadaithe ann do shlándáil an tsoláthair bia agus fuinnimh. Ar aon dul leis an "Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide" de chuid Rialtas na hÉireann, tá an Banc Ceannais tiomanta dá chuid féin a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, bhunaigh an Banc Ceannais Aonad nua um Athrú Aeráide in 2021, chun oibriú leis na réimsí ábhartha gnó chun ceisteanna riosca aeráide agus airgeadais inbhuanaithe a dhaingniú, le himeacht ama, in obair laethúil an Bhainc Cheannais, agus chun comhtháthú agus comhsheasmhacht a chinntiú ina chur chuige foriomlán. Chuige sin, dearadh clár oibre leathan a chuimsíonn ceithre phríomhréimse: (1) naisc mhacra-airgeadais; (2) sábháilteacht agus fóntacht gnólachtaí rialáilte i leith an athraithe aeráide; (3) maoiniú inbhuanaithe, lena n-áirítear na gnéithe de a bhaineann le cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí, agus (4) bearnaí sonraí a líonadh.

I mí na Samhna 2021, d'eisigh an Banc Ceannais litir chuig príomhfheidhmeannaigh inar leagadh béim ar a gcuid oibleagáidí reachtúil agus ar na hionchais mhaoirseachta ghaolmhara maidir le saincheisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta. Ní mór do na boird agus do na feidhmeannaigh i soláthraithe rialáilte seirbhísí airgeadais gníomhú anois chun tuiscint a fháil ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus dul i ngleic leis na dúshláin sin. Ina theannta sin, d'eisigh an Banc Ceannais gealltanas go n-athdhearbhódh sé a thiomantas chun dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhthéacs a shainordaithe agus d'fhógair sé go mbunófaí an Fóram um Riosca Aeráide agus Airgeadas Inbhuanaithe, chun eolas a chomhroinnt agus chun tuiscint a chothú ar impleachtaí an athraithe aeráide do chóras airgeadais na hÉireann.

[4] Makhlouf, Gabriel (2021). "Climate change: towards action ", Blag an Ghobharnóra; Lane, Philip R. (2019). "Climate change and the Irish financial system", *Economic Letter*, Vol. 2019(1), Donnery, Sharon (2019). "Risks and opportunities from climate change", Aitheasc don Roinn Airgeadais agus do chomhdháil Náisiúin Inbhuanaithe na hÉireann.

Siar go "Clár na nÁbhar"




## An Príomh-Chlár Creidmheasa

Soláthraíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa sonraí tábhachtacha creidmheasa gráinneacha don Bhanc Ceannais a thacaíonn le gníomhaíochtaí cobhsaíochta airgeadais, maoirseachta, staidrimh agus gníomhaíochtaí eile. Ina theannta sin, cuireann sé faisnéis chreidmheasa iontaofa ar fáil d'iasachtóirí le haghaidh measúnuithe creidmheasa. Is féidir le hiasachtaithe a dtuairisc chreidmheasa a iarraidh ar líne ag www.centralcreditregister.ie. Tá tuilleadh eolais maidir le hoibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin.

Tar éis iarratas reachtúil a fháil ón bPríomh-Oifig Staidrimh, cuireadh tús le haistriú sonraí an Phríomh-Chláir Creidmheasa in 2021, ag tacú le hobair na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le staidreamh faoi mhuintir, shochaí agus gheilleagar na hÉireann a bhailiú, a anailísiú agus a chur ar fáil.

B'ionann agus 581 líon na n-iasachtóirí a raibh faisnéis á seoladh acu chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa ag deireadh 2021 (2020: 583) agus bhí 5.3m taifead sa Phríomh-Chlár Creidmheasa (2020: 5.5m).

D'iarr iasachtóirí 1.8m tuairisc chreidmheasa in 2021 (2020: 1.7m) agus cuireadh 22,315 tuairisc chreidmheasa ar fáil d'iasachtaithe (2020: 15,728).

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Réiteach



## Pleanáil Réitigh and Inréiteacht Fheabhsaithe

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hinréiteacht in 2021. Lean bainc na hÉireann orthu ag cur le cumas cuí iompartha caillteanas chun a chinntiú go gcomhlíonfaí a n-íoscheanglas idirmheánach ceangailteach an 1 Eanáir 2022 maidir le spriocanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe (MREL), rud a chinntíonn carnadh líneach go dtí spriocanna deiridh an 1 Eanáir 2024 (Féach Cairt 1 thíos). Ar mhaithe le húsáid na huirlise réitigh don tarrtháil inmheánach a éascú, thosaigh na bainc freisin ar ullmhacht don ghníomhaíocht réitigh a fheidhmiú trí leabhair bheartaíochta a fhorbairt agus a thástáil. Rinne gnólachtaí dul chun cinn maith freisin maidir le hIonchais an Bhoird Réitigh Aonair do bhainc a chomhlíonadh faoi dheireadh 2023.

## Comhlíonadh MREL

Tugadh MREL isteach i gcreat réitigh an AE chun a chinntiú go mbeadh dóthain caipitil agus dliteanas ag institiúidí arbh fhéidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu, dá mba ghá. Cinneann an Bord Réitigh Aonair na ceanglais d'Institiúidí Suntasacha, agus cinneann an Banc Ceannais na ceanglais d'institiúidí ar lú a suntas agus do ghnólachtaí infheistíochta laistigh den scóip. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag bainc na hÉireann chun cur le cumas iompartha callteanais agus chun spriocanna a chomhlíonadh suas go 2021. Ní mór an dul chun cinn sin a choimeád ar bun de réir mar a leanann cláir chomhardaithe na mbanc ag forbairt amach anseo.

**Cairt 1: Dul chun cinn bhainc mhiondíola na hÉireann i dtreo spriocanna MREL**




Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Siar go "Clár na nÁbhar"

Léiríonn an chairt thuas stoic agus easnaimh ó spriocanna MREL in earnáil baincéireachta miondíola na hÉireann. Seasann an líne leanúnach do na heasnaimh/barrachais charnacha chomhiomlána atá ag na hinstitiúidí ar fad sa sampla, agus seasann an líne bhriste don easnamh comhiomlán gan éifeacht bharrachas MREL. D'fhéadfadh nach léireodh easnamh carnach a náid seasamh gach bainc aonair sa sampla.

## Gníomhartha Réitigh

Níor ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais gníomhaíochtaí réitigh a thógáil i gcoinne aon eintitis rialáilte in 2021. Tugadh leachtú Chomhar Creidmheasa an Rois chun críche go foirmiúil ar an 22 Iúil 2021. Tá an Banc Ceannais ag leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chásanna eile ina bhfuair sé orduithe foirceanta agus, nuair ba ghá, rinne sé teagmháil ghníomhach leis na leachtaitheoirí ceaptha chun a chinntiú gurbh fhéidir na leachtuithe a chur chun cinn agus a thabhairt chun críche.

## Príomhfhorbairtí an Chreata Réitigh

Tá ról gníomhach ag an mBanc Ceannais i bhforbairt na gcreataí bainistithe géarchéime intíre agus AE araon, lena n-áirítear tríd an mBord Réitigh Aonair, tríd an Údarás Baincéireachta Eorpach, agus trí choistí/mheithlí AE, agus i soláthar comhairle theicniúil don Roinn Airgeadais.

I mí Eanáir 2021, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán inar lorgaíodh tuairimí maidir lena athbhreithniú ar Chreat Bainistithe Géarchéime agus Árachais Taiscí AE. I mí Aibreáin 2021, d'eisigh an Banc Ceannais freagra poiblí ar an gcomhairliúchán. Tacaíonn an Banc Ceannais go mór i gcónaí leis an gcreat foriomlán a neartú agus leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche.

D'eisigh an Roinn Airgeadais, i gcomhar leis an mBanc Ceannais, comhairliúchán poiblí ar an 1 Meán Fómhair 2021 ag lorg tuairimí maidir le creat réitigh intíre féideartha a thabhairt isteach d'árachóirí. Cuideoidh an t-aiseolas ón gcomhairliúchán seo le bonn a chur faoin rannpháirtíocht ag fóraim AE maidir leis an gcreat-Treoir de chuid an AE, an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Árachais, atá ar na bacáin.

## Rannpháirtíocht Phoiblí

Foilsíodh an dara heagrán de Chur Chuige an Bhainc Ceannais i leith Réitigh i mí Dheireadh Fómhair 2021, in éineacht le doiciméad nua ar an gCur Chuige maidir le hÍoscheanglais do Chistí Dílse agus Dliteanais Incháilithe. Léirítear sa doiciméad nuashonraithe athruithe a eascraíonn as an bPacáiste Reachtaíochta maidir le Bearta chun Riosca a Laghdú agus Athchóiriú Baincéireachta agus forbairtí ábhartha beartais eile. Sa doiciméad, tugtar léargas ginearálta ar chumhachtaí agus ar lánroghanna an Bhainc Ceannais maidir le MREL agus fo-ordú.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Reáchtáil an Banc Ceannais a cheathrú Imeacht Eolais don Tionscal Réitigh ar an 8 Nollaig 2021 ar théama an Réitigh - Creat Éabhlóideach.

## Cistí Réitigh

Tá freagrachtaí reachtúla ag an mBanc Ceannais maidir le trí chiste réitigh. In 2021, bhailigh an Banc Ceannais €216m ó bhainc na hÉireann a dhéanann ranníocaíocht leis an gCiste Réitigh Aonair thar ceann an Bord Maoirseachta Aonair. Tá c. €52bn dá bhunsprioc fhoriomlán de c. €60bn bainte amach ag an gCiste Réitigh Aonair, agus ní dhearnadh aon éileamh go dtí seo air chun gníomhaíochtaí réitigh a mhaoiniú.

Bhailigh an Banc Ceannais ranníocaíochtaí tobhaigh €11.4m don Chiste Réitigh Banc agus Gnólachtaí Infheistíochta in 2021, rud a d'fhág go raibh €38m sa chiste iomlán. Ní dhearnadh aon éileamh ar an gciste seo go dtí seo.

In 2021, bailíodh €5m do Chiste Réitigh na nInstitiúidí Creidmheasa, rud a d'fhág go raibh €56m sa chiste sin. Ní dhearnadh aon ghníomhartha réitigh in 2021.

## An Scéim Ráthaíochta Taiscí agus an Ciste Cúitimh Árachais

Is é an Banc Ceannais a riarann an Scéim Ráthaíochta Taiscí agus an Ciste Cúitimh Árachais. In 2021, ghearr an Scéim Ráthaíochta Taiscí €151m i ranníocaíochtaí ó institiúidí creidmheasa leis an gciste. Rinne an Ciste Cúitimh Árachais íocaíochtaí €11.1m leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát as leachtú trí chuideachta árachais.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Córais Íocaíochta agus Airgeadra

## Euro Digiteach

Mar chuid den Eurochóras, tá an Banc Ceannais ag breathnú ar an bhféidearthacht maidir le hairgeadra digiteach bainc ceannais (CBDC) a eisiúint - euro digiteach, lena gcomhlánófaí nótaí bainc agus boinn euro.

Tar éis Tuarascáil BCE ar an Euro Digiteach a fhoilsiú in 2020 agus comhairliúchán poiblí dá éis, sheol an tEurochóras céim fiosraithe dhá bhliain chun breathnú ar na roghanna éagsúla teicniúla agus beartais a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn do dhearadh euro digiteach. San fhiosrú seo, ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2021, breithneofar conas a d'fhéadfaí euro digiteach a dháileadh agus conas a d'fhéadfadh saoránaigh agus gnóthaí é a úsáid, mar aon leis an iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith aige ar gheilleagar agus ar shochaí na hEorpa. Nuair a bheidh an chéim fiosraithe tugtha chun críche (sceidealaithe do Mheán Fómhair 2023), cinnfidh an tEurochóras cibé acu an ceart euro digiteach a fhorbairt, lena n-áirítear réitigh dearthaí a chruthú agus a thástáil. Ní ghlacfar cinneadh maidir le heisiúint euro digiteach go dtí go mbeidh na céimeanna sin tugtha chun críche.

## Córais Íocaíochta

Cothabhálann an Banc Ceannais comhpháirt TARGET2 na hÉireann, TARGET2-Ireland de chóras socraíochta an euro. In 2021, phróiseáil TARGET2 760,837 idirbheart socraíochta comhlán fíor-ama (RTGS), méadú 2.5% i gcomparáid le 2020, ar luach iomlán €3.009tn (+0.36% bliain ar bhliain). Mhéadaigh rannpháirtithe díreacha in TARGET2-Ireland faoi cheann amháin go 15 bliain ar bhliain.

Cuireadh tionscadal comhdhlúthaithe TARGET2 agus TARGET2 - Urrúis chun cinn i rith 2021 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2022. Féachann an tionscadal seo le córas nua ollsocraíochta fíor-ama a chur in ionad TARGET2 chun bainistiú leachtachta a bharrfheabhsú ar fud na Seirbhísí TARGET ar fad.

Cuireann an Banc Ceannais seirbhísí baincéireachta ar fáil don Rialtas agus d'institiúidí agus do ghníomhaireachtaí eile Eorpacha agus idirnáisiúnta. Le linn 2021, ghlac an Banc Ceannais freagracht as próiseáil idirbhearta airgeadais a bhain le Cláir Téarnaimh agus Athléimneachta COVID de chuid an AE lena n-áirítear Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gCúlchiste Coigeartaithe Éigeandála, Breatimeachta, agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

In 2021, d'eisigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta dhá bhanna Rialtais nua ar luach ainmniúil €9.0bn, agus dhíol sé €9.5bn eile ar bhannaí a bhí ann cheana (Taps) le €7.5bn ar Bhillí Státchiste. Ag deireadh

2021, b'ionann luach ainmniúil na mbannaí agus na mbillí státchiste ar an gClár agus €156.1bn, is é sin méadú 11.7% san iomlán.

Lean an Banc Ceannais de rannpháirtíocht a bheith aige le páirtithe leasmhara maidir le tionscnaimh tábhachtacha a bhaineann leis an gcuspóir reachtúil chun a chinntiú go bhfuil córais íocaíochta, socraíochta, agus airgeadra sábháilte agus athléimneach agus éifeachtúil agus nach bhfuil rochtain ar na córais sin srianta, lena n-áirítear:

- **Imeacht 'Todhchaí na nÍocaíochtaí 2021':** Ailínithe le straitéis íocaíochtaí miondíola an Euorchórais, d'óstáil an Banc Ceannais imeacht fíorúil i mí Aibreáin a bhí dírithe ar dhúshláin agus ar dheiseanna amach anseo sna híocaíochtaí miondíola. D'fhreastail tuairim is 200 páirtí leasmhar ar an imeacht.
- **Creat Maoirseachta PISA**: Rannchuidíodh le foilsiú chreat maoirseachta an Eurochórais le haghaidh ionstraimí, scéimeanna, agus socruithe íocaíochtaí leictreonaí i mí na Samhna 2021. Déanann an creat seo comhchuibhiú ar chreataí maoirseachta reatha, fad a thugtar ríomhairgead, tiachóga digiteacha, agus comharthaí íocaíochta digití faoin raon feidhme.
- **Airgeadra Digiteach Bainc Ceannais (CBDC)**: Glacadh páirt i gcéim an fhiosraithe maidir le CBDC miondíola trí rannpháirtíocht ghníomhach sa Tascfhórsa Ardleibhéil agus i nGrúpa Stiúrtha an Tionscadail.

## Airgeadra

### Nótaí bainc

In 2021, d'eisigh an Banc Ceannais 173m nóta bainc (luach €5,555m), b'ionann é sin agus laghdú 9% ar an 190m nóta bainc (luach €6,418m) a eisíodh in 2020. Tá an laghdú seo á spreagadh ag éileamh laghdaithe ar airgead tirim sa chéad leath de 2021 mar gheall gur glacadh níos mó le híocaíochtaí gan airgead tirim agus mar gheall ar thionchar shrianta COVID-19. In 2021, fuair an Banc Ceannais líon taiscí de nótaí bainc de 120m (luach €3,212m) arbh ionann é agus laghdú 5.8% ar an 127m (luach €3,408m) a fuarthas in 2020. Léiríonn an laghdú seo ar ghníomhaíochtaí nótaí bainc freisin go leanfar de ghníomhaíochtaí faoi stiúir an mhargaidh chun athdháileadh nótaí bainc a éascú.

Siar go "Clár na nÁbhar"

***Tábla 1 Eisiúint Nótaí Bainc***

| Líon na Nótaí Bainc (m) a Eisíodh | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2021** | **2020** | **2021** | **2020** |
| €5 | 21 | 22 | 105 | 108 |
| €10 | 22 | 24 | 225 | 238 |
| €20 | 43 | 39 | 854 | 785 |
| €50 | 87 | 105 | 4,337 | 5,242 |
| €100 | 0 | 0 | 34 | 46 |
| €200 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| €500 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán | 173 | 190 | 5,555 | 6,418 |

Nótáil: B'fhéidir nach suimeoidh na figiúirí mar gheall ar shlánú

**Boinn**

Ag gníomhú dó mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, chuir an Banc Ceannais 80m bonn (luach €41m) i gcúrsaíocht in 2021. B'ionann é sin agus méadú 53% ar na boinn a eisíodh in 2020, eadhon 52m bonn (luach €24m). Tá an t-éileamh méadaithe seo á spreagadh ag athoscailt na hearnála fáilteachais le linn 2021. Cé gur mhéadaigh an t-éileamh i gcás gach ainmníocht boinn, bhí an leibhéal méadaithe ar bhoinn ard-ainmníochta thar a bheith láidir. Fuair an Banc Ceannais lóisteálacha de 37.8m bonn (luach €18m) a léiríonn laghdú 38% ar lóisteálacha bonn 2020 de 61m (luach €32m).

***Tábla 2 Eisiúintí Boinn***

| Líon na mBonn (m) | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2021** | **2020** | **2021** | **2020** |
| 1c | 3 | 2 | 0 | 0 |
| 2c | 1 | 0 | 0 | 0 |
| 5c | 21 | 20 | 1 | 1 |
| 10c | 12 | 9 | 1 | 1 |
| 20c | 14 | 5 | 3 | 1 |
| 50c | 8 | 5 | 4 | 3 |
| €1 | 9 | 5 | 9 | 5 |
| €2 | 11 | 7 | 22 | 14 |
| Iomlán | 80 | 52 | 41 | 24 |

Siar go "Clár na nÁbhar"



**Boinn Inbhailithe**
Déanann an Banc Ceannais comóradh ar imeachtaí suntasacha a bhaineann le  healaíona, stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann trí raon táirgí moneolaíochta a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Le linn 2021, d'eisigh an Banc Ceannais trí tháirge boinn lena ndíol leis an bpobal. Áiríodh leis sin, dhá foireann na bliana agus bonn inbhailithe profa airgid a bhain leis an Ailtireacht Ghotach agus a bhfuil dearadh uathúil d'Ardeaglais Theampall Chríost air.

**Forbairtí Timthrialla Airgid Náisiúnta**
Le linn 2021, lean an Banc Ceannais dá rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara timthrialla airgid chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus athléimneach sa timthriall airgid a chur chun cinn. Mar fhreagra ar na leibhéil éagsúla srianta a thug an Rialtas isteach le linn 2021 chun dul i ngleic le COVID-19, threoraigh an Banc Ceannais an Grúpa Náisiúnta Teagmhais Airgid chun a chinntiú gur glacadh gníomhartha chun maolú a dhéanamh ar an riosca go gcuirfí isteach ar sholáthar airgid thirim don gheilleagar i rith na bliana.

# Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch

## Anailís Eacnamaíoch

In 2021, chuir an Banc Ceannais le foirmiú beartais náisiúnta eacnamaíoch trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a sholáthar trí thráchtaireachtaí, réamhaisnéisí agus taighde rialta agus trí staidreamh airgeadais ar ardchaighdeán a sholáthar. Cuireadh iad sin in iúl tríd an tsraith Feasachán Ráithiúil, Litreacha Eacnamaíocha, Páipéir Theicniúla Taighde, i ráitis agus in óráidí ón nGobharnóir agus ó bhaill eile den ardbhainistíocht agus in ionchur i gcomhdhálacha agus i seimineáir. Tá cur síos mionsonraithe ar aschur taighde an Bhainc Ceannais ar fáil i bhFeasachán Taighde 2021.

Tugadh sé chleachtadh réamhaisnéise maicreacnamaíche chun críche i rith na bliana: tugadh faoi dhá cheann acu sin laistigh de chomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastacháin Mhaicreacnamaíoch Leathan an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFeasachán Ráithiúil an Bhainc Ceannais. Ina theannta sin, ghlac an Banc Ceannais páirt i bhfóraim réamhaisnéise agus beartais eile, e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, AE, agus comhairliúcháin le misin chuairte comhpháirtithe seachtracha ón AE agus CAI, gníomhaireachtaí rátála agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile.

Bhí éifeachtaí eacnamaíocha phaindéim COVID-19, lena n-áirítear a tionchar ar mhargaí saothair, tomhaltas agus coigilteas príobháideach agus ar an airgeadas poiblí, mar fhócas i gcónaí ag anailís mhaicreacnamaíoch le linn 2021. Rianaigh an Táscaire Timthrialla Gnó tionchar eacnamaíoch na paindéime i gcaitheamh na bliana agus úsáideadh sraith samhlacha maicreacnamaíocha an Bhainc Ceannais chun cásanna malartacha a mhacasamhlú maidir le héifeachtúlacht agus luas dáilte vacsaíní. I measc na n-úsáidí malartacha ar shraith samhlacha maicreacnamaíocha an Bhainc Ceannais, bhí anailís ar an tionchar ar gheilleagar na hÉireann a bhí ag spreagadh fioscach na Stát Aontaithe, anailís ar pholasaí macrastuamachta, agus, níos ginearálta, feabhas a chur ar anailís eacnamaíoch agus cumas réamhaisnéise an Bhainc Ceannais. Dhírigh taighde agus anailís eile ar raon leathan ábhar lena n-áirítear athléimneach onnmhairí na hÉireann, sreafaí trádála díreach tar éis Brexit agus an t-ionchas meántéarmach don airgeadas poiblí.

## Staidreamh

Bailíonn, tiomsaíonn agus scaipeann an Banc Ceannais réimse leathan staidrimh chun tacú leis an CEBC agus le húsáideoirí seachtracha amhail rannpháirtithe sa mhargadh, institiúidí poiblí, na meáin agus an pobal i gcoitinne.

Tugann an tsraith Behind the Data léargas ar threochtaí suimiúla airgeadais agus eacnamaíocha trí fhéachaint níos géire ar na sonraí a bhailíonn an Banc Ceannais. I measc na bhfoilseachán in 2021, bhí dálaí creidmheasa agus patrúin caiteachais tí le linn COVID-19, chomh maith le léargas nua ar ghníomhaíochtaí cistí pinsin. Bhí an chéad eisiúint staidrimh de chuid an Bhainc Ceannais maidir le margaí glasbhannaí sa tsraith freisin.

D'fhorbair an Banc Ceannais tacair sonraí nua agus leathnaithe ar ghníomhaíocht airgeadais in Éirinn. Áiríodh air sin, feabhas a chur ar chuimsiú na n-iasachtóirí neamhbhainc atá ag fás d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus feabhsuithe ar thacair sonraí atá ann cheana, go háirithe ar tháscairí ardmhinicíochta maidir le híocaíocht cártaí teaghlaigh agus ar shócmhainní agus dliteanais chistí pinsean gairme na hÉireann. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Banc Ceannais go dlúth leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun an gá atá le sraith chomhsheasmhach ardchaighdeáin staidrimh mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a chur ar fáil in Éirinn. Bhunaigh an Banc Ceannais agus an Phríomh-Oifig Staidrimh Meabhrán Tuisceana nua in 2021, ina leagtar amach na freagrachtaí, na socruithe oibre agus sraith prionsabal a rialaíonn an caidreamh idir na heagraíochtaí.

Lean an Banc Ceannais air ag leathnú faisnéise agus staidrimh tríd an mBunachar Náisiúnta Faisnéise ar Éilimh. Tá roinnt beart glactha ag an mBanc Ceannais chun trédhearcacht a mhéadú do shealbhóirí polasaí agus feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí faoin mBunachar Náisiúnta Faisnéise ar Éilimh, le foilseacháin ghaolmhara bhliantúla. I measc an méid a baineadh amach in 2021, bhí an chéad tuarascáil ar Dhliteanas Fostóirí, ar Dhliteanas Poiblí agus ar mhargaí Maoine Tráchtála i mí Iúil agus foilsíodh an tríú Tuarascáil ar Árachas Gluaisteáin Phríobháidigh i mí na Samhna. Ar na príomhfheabhsuithe  a rinneadh in 2021 ar an Tuarascáil ar Árachas Gluaisteáin Phríobháidigh, áirítear sonraí stairiúla maidir le hioncam, caiteachas agus brabúsacht, agus sonraí breise maidir le hathárachas, coimisiúin agus aisíocaíochtaí préimhe a bhain leis an bpaindéim.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí[5]



In 2021, lean obair an Bhainc Ceannais ar chosaint tomhaltóirí ag díriú ar an ngá atá lena chinntiú go gcaitear go cothrom le custaiméirí i gcás saincheisteanna lena n-áirítear árachas d'idirbhriseadh gnó, comhdhlúthú baincéireachta, riaráistí morgáiste agus praghsáil árachais.

I rith na bliana, lean an Banc Ceannais d'fheabhas a chur ar a chreat maidir le maoirseacht a dhéanamh ar eintitis rialáilte chun a chinntiú go gcosnaítear leas na dtomhaltóirí. Áiríodh leis sin, déileáil le saincheisteanna a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na paindéime leanúnaí, amhail torthaí cothroma a chinntiú do shealbhóirí polasaí árachais d'idirbhriseadh gnó agus do thomhaltóirí a bhí i gcruachás airgeadais nó a raibh cruachás airgeadais rompu. Chuir an Banc Ceannais béim ar leith freisin ar réiteach riaráistí morgáiste fadtéarmacha, ag déanamh eadrána le hiasachtóirí, ag leagan amach ionchais shoiléire maidir leis an gcaoi ar cheart dóibh caitheamh lena gcustaiméirí, agus ag an am céanna ag déanamh faireachán gníomhach ar eispéiris agus ar thuairimí tomhaltóirí. Léiríonn sonraí laghdú de réir a chéile ar leibhéil na riaráistí sin.

I mí an Mheithimh 2021, scríobh an Banc Ceannais chuig bainc mhiondíola rialáilte chun a ionchais maidir le cosaint tomhaltóirí a leagan amach le linn na tréimhse seo d'athrú bunúsach struchtúrach agus de chomhdhlúthú bunaithe ar mheasúnú ar rioscaí féideartha do thomhaltóirí. Leanfaidh an Banc Ceannais de bheith ag plé go gníomhach le gnólachtaí maidir leis na hionchais sin chun a chinntiú go dtugann a gcláir athraithe iompraíochta agus cultúir aird iomlán ar leasanna tomhaltóirí.

**Togra chun cosc a chur ar an gcleachtas 'praghaschéimniú' in árachas gluaisteáin agus tí**

Rinne an Banc Ceannais idirghabháil ar cheist chórasach na praghsála difreálaí sna margaí árachais tí agus gluaisteáin Chinn sé go gcuirfí cosc ar phraghaschéimniú, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcoinneodh custaiméirí an deis chun an margadh is fearr a chuardach le haghaidh préimheanna ar phraghas níos fearr. Tugadh bearta nua isteach chun an creat cosanta tomhaltóirí a neartú agus beidh éifeacht leis na bearta sin ón 1 Iúil 2022.

Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil go réamhghníomhach leis an earnáil árachais maidir le hárachas idirbhriseadh gnó chun a chinntiú go nglacfadh soláthraithe árachais cur chuige dírithe ar chustaiméirí. Rinne an Banc Ceannais scrúdú maoirseachta ar fud an chórais, le foireann ildisciplíneach a bhí tiomanta don chreat maoirseachta a úsáid trí dhiandhúshlán a thabhairt do ghnólachtaí. Féachann an obair seo leis an bhféidearthacht a

[5] Pléann an chuid seo den tuarascáil le hoibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (2 )( b) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).

Siar go "Clár na nÁbhar"

laghdú maidir le díobháil fhorleathan do thomhaltóirí a bhaineann le hidirbhriseadh gnó.

Mar thoradh ar an idirghabháil seo, íocadh níos mó ná €163m le 5,128 sealbhóir polasaí trí éilimh shocraithe agus íocaíochtaí eatramhacha go dtí deireadh mhí na Nollag 2021. Leanfaidh muid d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ionas go ndéanfaidh na gnólachtaí gach éileamh bailí a láimhseáil agus a íoc i gcomhréir lena n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála.

**€163m íoctha le 5,128 sealbhóir polasaí in éilimh árachais a bhain le hidirbhriseadh gnó**

### Creat Maoirseachta ar Iompar Miondíola

Le linn 2021, chríochnaigh an Banc Ceannais obair ar fheabhsú ár gcreata maoirseachta ar iompar miondíola, agus rachaidh sé ar aghaidh anois lena thástáil agus lena chur i bhfeidhm. Cuireann an creat seo cur chuige níos córasaí agus níos struchtúrtha ar fáil maidir le riosca iompair a shainaithint agus a mhaolú, ag díriú ar na gnólachtaí agus ar na táirgí a d'fhéadfadh an dochar is mó a dhéanamh do thomhaltóirí.

Gné thábhachtach eile den obair sa réimse seo is ea athrú iompraíochta agus cultúrtha níos fadtéarmaí a chothú i ngnólachtaí seirbhísí airgeadais rialáilte. D'aithin an Banc Ceannais gur gá tacar uirlisí nua a fhorbairt do mhaoirseoirí chun é a dhéanamh níos éifeachtaí maoirseacht a dhéanamh ar an gcultúr mar shaincheist riosca ar leith. In 2021, rinne an Banc Ceannais dul chun cinn suntasach ar Chreat Riosca Iompraíochta agus Cultúir a fhorbairt, a chuirfear i bhfeidhm in 2022.

Spreagfaidh an cur chuige seo gnólachtaí seirbhísí airgeadais chun struchtúir, rialuithe agus iompraíochtaí a chur i bhfeidhm a thacóidh le hathrú cultúrtha agus torthaí feabhsaithe atá fónta ó thaobh na stuamachta de agus chun leasa custaiméirí.

### Comhoibriú agus Rannpháirtíocht (Cosaint Tomhaltóirí)

Bíonn an Banc Ceannais rannpháirteach go gníomhach le go leor eagraíochtaí agus oibríonn sé leo chun creat éifeachtach do chosaint tomhaltóirí a chur ar fáil, lena n-áirítear an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tríd an gcomhoibriú sin, féachtar leis an gcuspóir comhroinnte de chosaintí láidre agus torthaí iontaofa do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a bhaint amach.

Atoghadh an Banc Ceannais chuig Comhairle Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí agus leanann sé air ag tacú le hobair na heagraíochta sin chun caighdeáin a ardú i gcosaint tomhaltóirí ar fud an domhain.

### An Grúpa Comhairleach Tomhaltóirí

Is painéal comhairleach reachtúil é an Grúpa Comhairleach Tomhaltóirí a bunaíodh faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, agus

Siar go "Clár na nÁbhar"

cuimsíonn sé raon saineolais le hionadaithe tomhaltóirí, tionscail, rialála agus acadúla. Cuireann sé comhairle ar fáil don Bhanc Ceannais maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

Le linn 2021, lorgaíodh ionchur ón nGrúpa Comhairleach Tomhaltóirí ar roinnt saincheisteanna suntasacha straitéiseacha, lena n-áirítear:

- Comhairliúchán an Bhainc Ceannais maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- Plean Straitéiseach 2022-2026 an Bhainc Ceannais, agus an cur chuige maidir le pleanáil 2022 i gcomhthéacs na straitéise nua.
- An tírdhreach baincéireachta miondíola atá ag athrú, lena n-áirítear bainc ag tarraingt amach as margadh na hÉireann agus dúnadh brainsí.
- An Creat Réitigh Árachais.

Chomh maith leis na saincheisteanna straitéiseacha seo, áiríodh ar ábhair eile a pléadh le linn 2021:

- Tograí beartais chun aghaidh a thabhairt ar phraghsáil dhifreálach i margaí árachais tí agus gluaisteáin.
- An t-athbhreithniú leanúnach ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí.
- Margaí i gcriptea-shócmhainní roimh Rialachán nua AE a bhfuiltear ag súil leis in 2023.
- Measúnú Riosca Earnála an Bhainc Ceannais.
- Seoladh táirge nua frithdhílse teaghais i R2 2021.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Maoirseacht agus Forfheidhmiú[6]




‡ Figiúirí amhail ar an 31 Nollaig 2021. Déanann an Banc Ceannais rialáil freisin ar ghnéithe sonracha de ghníomhaíochtaí raon rannpháirtithe sa mhargadh urrús, eisitheoirí agus contrapháirtithe margaidh san áireamh.
*Á rialáil mar chuid den Sásra Aonair Maoirseachta.
+ Bíonn an gnólacht seo á rialáil mar riarthóir tagarmharcanna freisin.

---

[6]Pléann an chuid seo den tuarascáil le hoibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (2 )( b) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).

Siar go "Clár na nÁbhar"

Chuidigh na gníomhartha a rinne rialtóirí agus gnólachtaí ó bhí an ghéarchéim airgeadais dheireanach ann le hathléimneacht an chórais airgeadais a neartú agus muinín i bhfeidhmiú an chórais sin a athbhunú. Léiríodh an athléimneacht sin ag tús phaindéim COVID-19, mar gheall gur maolaíodh go suntasach na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim sláinte ar an gcóras airgeadais. Chuidigh athléimneacht fheabhsaithe oibríochtúil agus airgeadais leis an gcóras an turraing a mhaolú seachas í a mhéadú, agus bhí gnólachtaí rialáilte in ann leanúint ag tacú lena gcustaiméirí agus leis an bhfíorgheilleagar.

Bhí an fócas seo ar athléimneacht ina thosaíocht mhaoirseachta i gcónaí in 2021 ar fud na n-earnálacha ar fad, chomh maith le riosca aeráide, údarú iontrálaithe nua, comhdhlúthú i mbaincéireacht, samhlacha inbhuanaithe gnó, agus pleanáil téarnaimh agus réitigh. Lean an Banc Ceannais air ag éabhlóidiú agus ag forbairt a chur chuige maoirseachta agus ag cinntiú go raibh sé ag feidhmiú agus ag dul i bhfeidhm ar sheasamh beartais maoirseachta na hEorpa.

Lean sainordú an Bhainc Ceannais ag leathnú le méadú ar phíblíne reachtaíochta nua, le fás suntasach ar ghníomhaíocht an mhargaidh agus le táirgí agus seirbhísí níos casta. Agus é sa tóir ar chosaint níos láidre d'infheisteoirí agus do thomhaltóirí, lean an Banc Ceannais de phrionsabail láidre geatóra a dhaingniú trí chur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm maidir le hiarratais, lena n-áirítear grinnscrúdú feabhsaithe le haghaidh feidhmeanna a mbaineann rioscaí níos mó leo. Tugann an Banc Ceannais tús áite do rannpháirtíocht luath le gnólachtaí, rud a chuireann ar a gcumas faisnéis agus treoir a fháil faoin bpróiseas údaraithe.

Leagadh béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann le hathléimneacht oibríochtúil i bhfianaise na taithí ar thurraing láithreach na paindéime, an athraithe leanúnaigh ar iompar tomhaltóirí, agus an spleáchais ar chianobair. Ba chóir go mbeadh luas an athraithe ina phríomhréimse fócais do ghnólachtaí, dá gcuid bord agus dá mbainistíocht shinsearach. I gcaitheamh 2021, rinne maoirseoirí measúnú agus faireachán ar rioscaí oibriúcháin, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le seachfhoinsiú, bainistithe riosca TF, agus cibearshlándáil. D'eisigh an Banc Ceannais Treoir trastionscail maidir le hAthléimneacht Oibríochtúil i mí na Nollag 2021. Tugtar comhairle sa treoir maidir le conas ullmhú agus freagairt do chur isteach oibriúcháin a théann i bhfeidhm ar sheachadadh seirbhísí gnó san earnáil seirbhísí airgeadais, agus conas teacht slán uaidh.

Tá infheistíocht leanúnach in anailísíocht sonraí agus in ailtireacht sonraí tar éis maoirseacht faoi thionchar sonraí a chur chun cinn agus tá comhordú níos fearr ar rannpháirtíocht tionscail mar thoradh air, chomh maith le méadú suntasach ar líon na gclár maolaithe riosca a eisíodh chuig

Siar go "Clár na nÁbhar"

gnólachtaí, agus feabhas suntasach ar chaighdeán sonraí ar fud na dtacar sonraí gaolmhara.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara (Maoirseacht)

Lasmuigh den rannpháirtíocht mhaoirseachta, leanadh ar aghaidh le linn 2021 leis an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara tionscail, comhlachtaí ionadaíocha agus ag fóraim ábhartha Eorpacha, trí chainéil éagsúla amhail cruinnithe, óráidí, cuir i láthair, ciorcláin agus foilseacháin. Seo a leanas roinnt de na príomhphointí mar eolas:

- Reáchtáladh an Seimineár Bliantúil Eolais do Chomhair Chreidmheasa i mí Dheireadh Fómhair le breis agus 250 duine i láthair.
- Foilsíodh an t-ochtú heagrán den ráiteas staidrimh, *Financial Conditions of Credit Unions*, i mí na Nollag.
- Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil le rialtóirí piaraí comhar creidmheasa agus rinne sé cathaoirleacht ar chomhdháil bhliantúil Líonra na Rialtóirí Comhar Creidmheasa Idirnáisiúnta.
- Foilsíodh tuarascáil ón tionscal i Ráithe 2 don earnáil árachais maidir le Riosca Aeráide agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn agus foilsíodh faisnéisiú ón tionscal árachais i mí an Mheithimh.
- Mar chuid dá fhor-rochtain, d'eisigh an Banc Ceannais Feasachán ar theagmhálacha maoirseachta an Bhainc Ceannais le Cistí agus Cuideachtaí Bainistíochta Cistí maidir le Frithsciúradh Airgid/Comhrac in aghaidh Maoiniú Sceimhlitheoireachta/Smachtbhannaí Airgeadais agus Treoirlínte nuashonraithe maidir le Fristhsciúradh Airgid/Comhrac in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta don earnáil airgeadais a athbhreithníodh ar an 23 Meitheamh 2021.
- Bhí an Banc Ceannais rannpháirteach i gcoláistí maoirseachta, le húdaráis inniúla Eorpacha agus idirnáisiúnta, do ghnólachtaí le brainsí agus fochuideachtaí bunaithe in Éirinn. Ina theannta sin, d'óstáil an Banc Ceannais coláistí maoirseachta in 2021.

Leagtar amach thíos roinnt de na buaicphointí eile sna hearnálacha ábhartha :

## An Earnáil Baincéireachta

Chiallaigh éabhlóid leanúnach phaindéim COVID-19 gur lean gnólachtaí ag feidhmiú i dtimpeallacht an-éiginnte agus an-dúshlánach. Beidh tuilleadh athruithe struchtúracha ar thírdhreach baincéireachta na hÉireann mar thoradh ar an bhfógra ó dhá bhanc mhiondíola go bhfuil sé ar intinn acu tarraingt siar ó mhargadh na hÉireann, agus leanfaidh treocht atá feicthe ó bhí an ghéarchéim airgeadais ann. Sa ghearrthéarma, baineann rioscaí

Siar go "Clár na nÁbhar"

airgeadais agus oibriúcháin araon leis na hidirbhearta., Ní mór do na gnólachtaí ábhartha agus dá mboird faoi seach na rioscaí sin a bhainistiú ar bhealach iomchuí. Bhí an Banc Ceannais soiléir ó thaobh an méid atá sé ag súil leis, is é sin go nglacfaidh iasachtóirí cur chuige dírithe ar an gcustaiméir i rith na tréimhse athraithe seo.

Leanann earnáil na baincéireachta infheistíochta uirthi ag leathnú i ndiaidh Brexit, ó thaobh méide agus castachta de agus ó thaobh margaí agus táirgí de. Leanann rannpháirtíocht leis an earnáil seo ag díriú ar an ionchas straitéiseach agus ar thabhairt faoi ghníomhaíocht chun leathnú amach ar bhealach atá dírithe ar riosca.

**Riosca Creidmheasa/Fiachas Anásta**

I gcaitheamh 2021, lean an Banc Ceannais ar aghaidh lena chinntiú go dtabharfadh bainc tacaíocht chomhsheasmhach agus éifeachtach d'iasachtaithe a bhí i riaráiste, lena n-áirítear riaráistí morgáiste (fiacha anásta). Áiríodh leis an gclár oibre maoirseachta dian-rannpháirtíocht agus dúshlán a thabhairt do straitéisí fiachais anásta na ngnólachtaí. Lena chois sin, bhí na maoirseoirí dírithe i gcónaí ar aon mheath ar phróifíl riosca na n-iasachtaithe a aithint go cruinn agus in am.

**Athléimneacht Airgeadais**

Ar fud na hearnála baincéireachta, d'fhan na cóimheasa caipitil os cionn na gceanglas rialála in 2021. Bhí roinnt banc Éireannach faoi réir thástáil struis an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh ar fud an AE nó faoi réir thástáil struis chomhthreomhar an tSásra Aonair Maoirseachta ar na bainc a bhí á maoirsiú go díreach ag BCE. Baineadh úsáid as torthaí tástála struis chun bonn eolais a chur faoi Phróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta 2021 do bhainc rannpháirteacha. Ar an iomlán, bhí tionchar na tástála struis níos déine ná na torthaí ó chleachtadh 2018, rud a léirigh cás níos déine. Mar sin féin, cé go raibh éiginnteachtaí fós ard, tá na buntáistí a bhaineann leis an athléimneacht  a cothaíodh le blianta beaga anuas le feiceáil, agus caipiteal leordhóthanach ag bainc chun tionchar an cháis dianstruis a mhaolú.

Lean staid leachtachta an chórais baincéireachta de bheith acmhainneach in 2021. Lean maoirseoirí orthu d'fhaireachán a dhéanamh ar phróifílí leachtachta institiúidí creidmheasa chun a chinntiú gur aithníodh ón tús aon chomharthaí struis leachtachta a d'fhéadfadh a bheith ann.

## Earnáil na gComhar Creidmheasa

Cé gur bhliain dhúshlánach eile a bhí in 2021, lean na comhair chreidmheasa de sheirbhísí a chur ar fáil dá mbaill i rith na paindéime.

**Éifeachtacht Mhaoirseachta**

Siar go "Clár na nÁbhar"

Áiríodh i rannpháirtíocht mhaoirseachta 2021, athbhreithniú téamach ar bhainistíocht riosca na gcomhar creidmheasa agus mar thoradh air sin iarradh ar gach comhar creidmheasa na torthaí agus na moltaí a athbhreithniú agus féachaint go réamhghníomhach ar an gcaoi gur féidir leo cultúr láidir bainistithe riosca a dhaingniú. Tá sé seo ríthábhachtach chun a chinntiú gur féidir le comhair chreidmheasa leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais airgeadais a mball agus a gcoigiltis a chosaint.

Rinneadh iarracht freisin sa straitéis mhaoirseachta in 2021 dul i ngleic le dúshláin agus tacú le hinbhuanaitheacht na hearnála.

**Idirghabháil agus Athstruchtúrú**

Tugadh 14 aistriú agus lánscor deonach amháin chun críche le linn 2021, agus aithníodh píblíne aistrithe amach anseo. Leis an athstruchtúrú leanúnach, tá athmhúnlú á dhéanamh ar phróifíl na hearnála i gcónaí, le 66 comhar creidmheasa ar an 31 Nollaig 2021 agus iad ag tuairisciú sócmhainní os cionn €100m (arb ionann é agus 68% de shócmhainní earnála).

Leagadh béim freisin ar dhí-rioscú éifeachtach na hearnála trí ghníomhaíochtaí sonracha idirghabhála lena n-áirítear athstruchtúrú luathaithe ar líon beag comhar creidmheasa. Dhírigh na hidirghabhálacha sin ar laigí airgeadais, oibríochta agus rialachais a leigheas chun coigilteas na mball agus cobhsaíocht airgeadais earnáil na gcomhar creidmheasa a chosaint.

**Rialachán Sainoiriúnaithe agus Comhréireach**

Lean an Banc Ceannais air ag tacú le cur i bhfeidhm athruithe suntasacha ar an gcreat rialála do chomhair chreidmheasa a tugadh isteach le blianta beaga anuas. Áiríodh leo sin, foilsiú na Tuarascála ar Infheistíochtaí Comhar Creidmheasa. Ba é tátal na tuarascála sin go bhfuil le réimse iomchuí roghanna infheistíochta agus deiseanna éagsúlaithe á sholáthar i gcónaí do chomhair chreidmheasa ag na haicmí infheistíochta agus na teorainneacha sna rialacháin infheistíochta.

Maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí breise, ceadaíodh 16 iarratas eile chun Seirbhísí Cuntas Reatha Pearsanta Baill a sholáthar. Ceadaíodh trí iarratas freisin chun leas a bhaint as acmhainn iasachtaithe bhreise le haghaidh iasachtaí tí agus gnó. Rinneadh athbhreithniú ar raon na seirbhísí is féidir le comhair chreidmheasa a sholáthar gan gá le ceadú sonrach le páipéar comhairliúcháin (CP148) a eisíodh i mí Eanáir 2022. I mí Eanáir 2022, eisíodh páipéar comhairliúcháin (CP147) maidir le híoscheanglais inniúlachta a chur i bhfeidhm i dtaca le pearsanra comhair creidmheasa a sholáthraíonn seirbhísí coigiltis agus iasachtaí.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## An Earnáil Árachais

Chomh maith le croí-rannpháirtíochtaí maoirseachta in 2021, thug maoirseoirí faoi líon ábhartha idirbheart a bhain le comhdhlúthú, athruithe ar straitéisí agus struchtúir gnólachtaí san earnáil árachais.

Le linn na tréimhse seo, díríodh freisin ar dhigitiú, ar thírdhreach na bpinsean, ar riosca aistrithe an Ráta Táirgthe Idirbhainc Londan agus ar sheoladh staidéir ar úsáid eiticiúil olltiomsú Sonraí agus teicneolaíochtaí gaolmhara i bpróisis árachais/athárachais.

Tugadh Creat do Phleanáil Téarnaimh agus Treoirlínte Tacaíochta chun críche i Ráithe 2 2021. Cuireann na rialacháin feasacht chun cinn agus tugann siad deis do ghnólachtaí ullmhú le haghaidh réimse cásanna díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuireann sé sin le cosaint do shealbhóirí polasaí a bhaint amach, chomh maith le cobhsaíocht airgeadais a chinntiú.

Ar bhonn intíre, thacaigh an Banc Ceannais le Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Athchóiriú Árachais, ina leagtar amach raon tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar imní tomhaltóirí agus gnó maidir le costas agus le hinfhaighteacht árachais.

## Earnáil na nInstitiúidí Íocaíochta/na nInstitiúidí Ríomh-Airgid

Tá an tábhacht a bhaineann leis an ról atá ag gnólachtaí íocaíochta agus ríomh-airgid sa chóras airgeadais agus i saol na dtomhaltóirí ag dul i méid i gcónaí. I bhfianaise chineál dinimiciúil na hearnála, tá an Banc Ceannais ag feiceáil níos mó agus níos mó fógraí faoi athruithe ábhartha ar shamhlacha gnó agus i gcásanna áirithe síneadh le hiarratais ar údarú.

I mí na Nollag 2021, d'eisigh an Banc Ceannais Litir do Phríomhfheidhmeannaigh agus é mar aidhm aige ionchais an Bhainc Ceannais maidir le gach gnólacht íocaíochta agus ríomh-airgid a leagan amach go soiléir mar aon leis na gníomhartha a bhfuil súil aige go dtabharfaidh Boird agus bainistíocht shinsearach na ngnólachtaí seo fúthu chun socruithe éifeachtacha rialachais agus bainistithe riosca a chinntiú. Ina theannta sin, d'eisigh an Banc Ceannais teachtaireacht freisin chun na hionchais a leagan amach go soiléir do gach gnólacht a dhéanann iarratas ar údarú, agus chun prionsabail, cur chuige agus croí-ghnéithe an údaraithe a ndéanfaidh an Banc Ceannais measúnú orthu a mheabhrú do ghnólachtaí iarrthacha.

## An Earnáil na nUrrús agus na Margaí

Thug an Banc Ceannais faoin Tuarascáil Bhliantúil ar Ionchas Riosca na Margaí Urrús, inar sainaithníodh rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus rinneadh measúnú ar a dtionchar féideartha. Leis an obair seo, cuireadh

Siar go "Clár na nÁbhar"

maolú agus bainistiú cuí rioscaí chun cinn agus cuireadh bonn eolais faoi chláir oibre an Bhainc Ceannais.

Le linn 2021, tháinig fás ar líon na n-eintiteas rialáilte agus ar shainorduithe reachtacha nua. Tá Éire fós ina príomhrogha mar bhunáit ag eintitis, rud atá léirithe ag fás láidir i ngníomhaíochtaí laistigh d'earnáil na nUrrús agus na Margaí. Tháinig fás láidir ar réimse údaraithe na gcistí in 2021 agus líon na gcistí infheistíochta a údaraíodh in Éirinn aníos go 8,371, arb ionann é agus €4.067tn i sócmhainní ar an 31 Nollaig 2021. Próiseáladh 920 doiciméad réamheolaire, chomh maith le 26,396 comhdú gaolmhar. Cuireadh grinnscrúdú feabhsaithe i bhfeidhm freisin maidir le cur chuige riosca-bhunaithe i leith na bhfeidhmeanna sin lenar bhain na rioscaí ba mhó d'infheisteoirí.

Cuireadh obair ar reachtaíocht nua agus leasuithe ar phróiseas i gcrích freisin, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe agus an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ar príomhthosaíochtaí don Bhanc Ceannais iad. I gcás an dá phíosa reachtaíochta, theastaigh maoiniú chun leasuithe a dhéanamh ar a ndoiciméadúchán agus déileáil leis an mBanc Ceannais. In Aibreán 2021, d'fhoilsigh an Banc Ceannais páipéar comhairliúcháin (CP142) inar leagadh amach a thograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar tháillí réamheolaire agus ar chaighdeáin seirbhíse do cheadú réamheolaire, a raibh cur i bhfeidhm athbhreithnithe mar thoradh air ag tús 2022.

Lean gníomhaíochtaí maoirseachta de mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag eintitis rialáilte. Áiríodh ar mhaoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse cistí, cur i gcrích croímheasúnuithe riosca thar phríomhrioscaí ar nós riosca rialachais, oibriúcháin, caipitil agus riosca TF. Ina theannta sin, bhí rannpháirtíocht réamhghníomhach le heintitis maidir lena socruithe oibriúcháin, acmhainní agus rialachais, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí dúnta a d'eascair as athbhreithniú téamach 2020 ar Rialachas, Bainistíocht agus Éifeachtacht Cuideachtaí Bainistíochta Cistí.

**Drochúsáid Mhargaidh**

In 2021, cuireadh athbhreithniú téamach i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar chomhlíon gnólachtaí, eisitheoirí agus comhairleoirí dlí drochúsáide margaidh na hÉireann lena n-áirítear an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh. Léirigh an t-athbhreithniú gur theip ar rannpháirtithe sa mhargadh a riosca drochúsáide margaidh a mheas agus a bhainistiú go leordhóthanach. Mar thoradh air sin, d'fhorchuir an Banc Ceannais cláir maidir le maolú riosca ar na heintitis a ndearnadh measúnú orthu. Ar an 12 Iúil, d'fhoilsigh an Banc Ceannais litreacha do Phríomhfheidhmeannaigh chuig Gnólachtaí Rialáilte, Eisitheoirí agus Comhairleoirí ag comhairliú do rannpháirtithe sa mhargadh a socruithe

Siar go "Clár na nÁbhar"

comhlíontachta a mheas go criticiúil i gcomparáid leis na torthaí foilsithe. Ina theannta sin, lean an Banc Ceannais air ag cur béime ar a ionchais maidir leis an tábhacht a bhaineann le hidirbhearta amhrasacha a thuairisciú mar go ndearnadh 330 tuarascáil a mheas in 2021, an líon is mó riamh.

## Frith-Sciúradh Airgid/Comhrac in aghaidh Maoiniú Sceimhlitheoireachta

**Cur Chuige Maoirseachta Riosca-bhunaithe**

Le linn 2021, áiríodh i maoirseacht an Banc Ceannais 34 cigireacht, 87 cruinniú athbhreithnithe agus eisiúint 630 Ceistneoir Measúnaithe Riosca chuig gnólachtaí. Mar thoradh ar na cruinnithe cigireachta agus athbhreithnithe, eisíodh 131 fionnachtain chuig gnólachtaí. Mar thoradh ar na fionnachtana sin, eisíodh 340 gníomh chuig na gnólachtaí, a leanfar leo go dtí go mbeidh siad críochnaithe.

**Athruithe Reachtacha**

Thrasuigh Éire an cúigiú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid isteach i ndlí na hÉireann tríd an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021 agus cuireadh tús leis na forálacha a bhaineann le Soláthraithe Seirbhísí Sócmhainní Fíorúla ar an 23 Aibreán 2021.

## Forfheidhmiú

Le linn 2021, chuir an Banc Ceannais torthaí forfheidhmiúcháin suntasacha agus ilchineálacha i bhfeidhm, lena n-áirítear fíneálacha suntasacha. Léiríonn na torthaí sin cur i bhfeidhm spriocdhírithe comhréireach na n-uirlisí forfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha ar cheanglais rialála agus ar mhí-iompar ag gnólachtaí nó ag daoine aonair.

Gearradh níos mó ná €67m i bhfíneálacha in 2021, an méid is airde a gearradh in aon bhliain amháin go dtí seo. Tá sonraí faoi thorthaí agus faoi chásanna le linn Fiosrúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Siar go "Clár na nÁbhar"

**Forfheidhmiú**
Príomhstaidreamh 2021

Fíneálacha **os cionn €67m***

**5**
**Socraíocht le Gnólachtaí**

**1**
**Socraíocht le Duine Aonair**

**1**
**Fógra Toirmisc**

**1**
**Ordú Forfheidhmithe**

**2**
**Cúlghairm Údaruithe**

**90**
**Fógra Rabhaidh Foilsithe**

*Íoctar gach fíneáil a bhailíonn an Banc Ceannais leis an Státchiste

**An Nós Imeachta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin**

Tá na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a cuireadh i gcrích in 2021 mar bhonn agus mar thaca ag fócas an Bhainc Ceannais ar phríomhréimsí, lena n-áirítear: cosaint tomhaltóirí (Ulster Bank Ireland DAC ) agus (Keystone Insurance Limited), acmhainneacht oibriúcháin (Gobharnóir agus Cuideachta an Bhainc Ceannais), bainistiú coimhlintí leasa (J&E Davy), maoirseacht toscaire (Sarasin Funds Management (Ireland) Limited), agus cuntasacht aonair (iar-Cheannasaí Iasachtú Tráchtála (RA) ag Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS)).

**Fiosruithe**

INBS - Tar éis chur i gcrích an cháis i gcoinne an iar-Cheannasaí ar Iasachtú Tráchtála (RA), leanadh ar aghaidh leis an bhfiosrúchán i leith an t-aon duine a bhí fágtha lenar bhain sé. Cuireadh na héisteachtaí deiridh fianaise i gcrích in 2021.

Fiosrúchán tsb p.l.c (PTSB) - Cuireadh tús in 2021 le Fiosrúchán maidir le duine a bhí bainteach roimhe sin le bainistíocht PTSB.

**Oiriúnacht agus Ionracas agus Cúlghairm Údaruithe**

Eisíodh aon fhógra amháin maidir le toirmeasc oiriúnachta agus ionracais chuig duine aonair agus cúlghaireadh dhá údarú gnólachta.

**Costais Oibriúcháin**
Thabhaigh an tAonad um Chinntí Rialála costais iomlána oibriúcháin de €123,961 (gan CBL san áireamh) in 2021, i leith a roil ar fud na gceithre chóras rialála a oibríonn an Banc Ceannais: Fiosrúcháin faoin Nós Imeachta

Siar go "Clár na nÁbhar"

um Smachtbhannaí Riaracháin; an Córas Oiriúnachta agus Ionracais; Córas Measúnóra agus Diúltú Cúlghairm Údaruithe.

In 2021, cheap an Banc Ceannais painéal nua de chinnteoirí agus d'fhéadfaí iad a údarú chun cumhachtaí cinnteoireachta rialála áirithe a fheidhmiú.

**Gnólachtaí Neamhúdaraithe**

D'fhoilsigh an Banc Ceannais 90 fógra rabhaidh i leith gnólachtaí neamhúdaraithe.

Tar éis fiosrúcháin, ghéaraigh an Banc Ceannais a fhreagairt ar sholáthraí neamhúdaraithe agus fuair sé ordú forfheidhmithe ón Ard-Chúirt chun srian a chur le soláthar gníomhaíochtaí rialáilte áirithe gan údarú.

Molann an Banc Ceannais do thomhaltóirí réamhchúraimí a ghlacadh amhail tástáil SAFE a dhéanamh sula dtéann siad ag plé le gnólachtaí seirbhísí airgeadais.

**Nochtadh Cosanta**

Is uirlis thábhachtach iad tuarascálacha ar nochtadh cosanta chun cabhrú leis an mBanc Ceannais a shainordú maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh. Tá ról uathúil ag córas um nochtadh cosanta maidir le hardchaighdeáin a chur chun cinn laistigh de ghnólachtaí rialáilte, agus cabhraíonn sé le tionchar dearfach a imirt ar iompraíochtaí.

Fuair an Banc Ceannais 231 nochtadh cosanta le linn 2021, méadú ó 202 in 2020. Molann an Banc Ceannais do dhaoine aonair ábhair imní nó eolas a bhaineann le héagóir rialála amhrasta i seirbhísí airgeadais a thuairisciú. D'fhéadfadh gníomh maoirseachta/forfheidhmiúcháin a bheith mar thoradh ar nochtadh cosanta, agus in 2021 bhí maoirseacht fheabhsaithe, cláir maolaithe riosca, cigireachtaí, fógraí rabhaidh agus gníomh forfheidhmithe mar thoradh air.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Forbairt Beartais Rialála[7]

## Creat Cuntasachta Aonair

In 2021, thacaigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais chun creat feabhsaithe a fhorbairt le haghaidh cuntasacht aonair i seirbhísí airgeadais. Foilsíodh Scéim Ghinearálta Bhille an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair) 2021 i mí Iúil 2021 (táthar ag súil le reachtaíocht deiridh in 2022). Tá sé i gceist leis an gCreat Cuntasachta Aonair iompraíocht dhearfach a spreagadh, cultúr feabhsaithe a chur chun cinn i ngnólachtaí seirbhísí airgeadais chun dea-chaighdeáin rialachais agus iompraíochta a chinntiú, chun leasa tomhaltóirí agus infheisteoirí.

## Rannpháirtíocht agus Beartais AE agus Idirnáisiúnta

Chuir an Banc Ceannais le príomhghnéithe na forbartha rialála ag leibhéal AE agus Idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhairle a chur ar an Roinn Airgeadais maidir le príomhthograí seirbhísí airgeadais AE, athbhreithnithe ar an Treoir agus ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, athbhreithniú ar Shócmhainneacht II, an Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní agus an tAcht um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil.

Lean an Banc Ceannais den ról tábhachtach atá aige sna hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha maidir le forbairtí rialála i réimsí na cosanta tomhaltóirí agus na baincéireachta, earnálacha an árachais agus na margaí. Chuidigh an Banc Ceannais le freagairtí na nÚdarás Maoirseachta Eorpach a mhúnlú i dtaca le COVID-19, airgeadas inbhuanaithe agus riosca aeráide, airgeadas digiteach, urrúsú, athbhreithniú ar Shócmhainneacht II, bonneagar margaidh agus infheistíochtaí inbhuanaithe in earnáil an chiste. Tá an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, ina Cathaoirleach ar Bhuanchoiste Bainistíochta Infheistíochta an Údaráis Eorpaigh um Margaí agus Urrúis. Déanann an Banc Ceannais comhchathaoirleacht ar Bhuanchoiste an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le Rialáil agus Beartas.

D'oibrigh an Banc Ceannais agus an Roinn Airgeadais ar thrasuí Threoir an AE, lenar tugadh an córas stuamachta nua do ghnólachtaí infheistíochta isteach i ndlí na hÉireann. Leis an gcóras nua, a bhí infheidhme ón 26 Meitheamh 2021, tugadh isteach ceanglais chomhréireacha maidir le caipiteal, le leachtacht agus le rialachas do ghnólachtaí infheistíochta.

Ag leibhéal domhanda, bhí an Banc Ceannais gníomhach ar bhord agus i gcoistí na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús, go háirithe i réimsí iompar an mhargaidh mhiondíola, cistí infheistíochta agus riosca

---

[7] Pléann an chuid seo den tuarascáil le hoibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (2 )( b) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).

córasach. Tá an Banc Ceannais ina bhall gníomhach de Choiste Feidhmiúcháin Chumann Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais, ag cur le saincheisteanna maidir leis an gcaighdeán caipitil idirnáisiúnta, cur i bhfeidhm an Chreata Iomlánaíoch, agus airgeadas inbhuanaithe. I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'fhoilsigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais a thuarascáil deiridh ar athchóirithe ar chistí margaidh airgid. Iarradh ar dhlínsí breithniú a dhéanamh ar na hathchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun athléimneacht na gcistí margaidh airgid a fheabhsú dá margaí áitiúla, cé nach ndeachaigh siad chomh fada le híoschaighdeáin nua dhomhanda a thabhairt isteach.

### Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara (Forbairt Beartais Rialála)

I mí na Samhna 2021, tar éis comhairliúchán poiblí, d'fhoilsigh an Banc Ceannais ráiteas aiseolais inar leagadh amach feabhsuithe ar rannpháirtíocht le tomhaltóirí, leis an tsochaí shibhialta, leis an tionscal airgeadais agus leis an bpobal gnó. Áirítear orthu sin: feabhas ar an nGrúpa Comhairleach Tomhaltóirí agus ar Chomhchruinniú na Sochaí Sibhialta; bunú Fóraim Tionscail, Fóraim Gnó agus Comhdhála Seirbhísí Airgeadais.

Is é an Mol Nuálaíochta pointe teagmhála an Bhainc Ceannais do ghnólachtaí nuálaíocha. Tháinig méadú 19% ar a chuid rannpháirtíochta in 2021, agus méadú 25% in 2020. I mí an Mhárta 2022, d'fhoilsigh an Mol Nuálaíochta a nuashonrú bliantúil.

Bailíonn an Ráiteas Caighdeánach Airgeadais faisnéis airgeadais ó iasachtaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu nó a bhfuil deacrachtaí airgeadais amach rompu, chun cur ar chumas eintitis rialáilte cás an iasachtaí a mheas, agus chun breithniú a dhéanamh an bhfuil socrú malartach aisíocaíochta cuí. Tar éis ceardlanna páirtithe leasmhara agus próiseas comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh an Banc Ceannais leagan athbhreithnithe den Ráiteas Caighdeánach Airgeadais i mí Iúil 2021 chun cabhrú le hiasachtaithe.

I mí na Nollag 2021, foilsíodh an Treoir deiridh Tras-Tionscail ar Sheachfhoinsiú, a thug breac-chuntas ar ionchais an Bhainc Ceannais maidir le bainistiú a dhéanamh ar sheachfhoinsiú riosca ar mhaithe le caighdeáin níos airde athléimneachta oibríochta a chur chun cinn.

### Neartú an Chreata Maoirseachta

In 2021, leanadh ar aghaidh le hobair ar athbhreithniú agus ar fheabhsú PRISM, creat rioscabhunaithe an Bhainc Ceannais chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí rialáilte. San athbhreithniú, cuimsítear Athbhreithniú Tionchair PRISM, athbhreithniú ar theagmháil íosta maoirseachta agus tuilleadh breithnithe ar inghlacthacht an Bhainc Ceannais i leith riosca maoirseachta. Áiríodh leis an obair sin athbhreithniú ar thionchar earnáil na gcistí agus feabhas ar an gcreat bainistithe riosca maoirseachta. Leanfaidh sé ar aghaidh in 2022.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Maoiniú agus Soláthar Foirne don Rialáil Airgeadais[8]

## Maoiniú na Rialála Airgeadais

Leanann straitéis mhaoinithe an Bhainc Ceannais air ag gluaiseacht, ar bhonn céimnithe, i dtreo costas na rialála airgeadais a aisghabháil go hiomlán ón tionscal.

Gach bliain, déanann an Banc Ceannais rialacháin lena gceanglaítear ar ghnólachtaí rialáilte tobhach maoinithe a íoc leis an mBanc Ceannais maidir lena ghníomhaíochtaí rialála airgeadais. Tagann na rialacháin seo, ina leagtar amach an bonn ar a gcuirtear tobhaigh i bhfeidhm ar eintitis aonair rialáilte laistigh de gach catagóir maoinithe tionscail, i bhfeidhm nuair a cheadaíonn an tAire Airgeadais iad.

Léiríonn an ceanglas maoinithe bliantúil costas na rialála airgeadais, na rátaí aisghabhála a cheadaigh an tAire Airgeadais agus coigeartuithe le haghaidh míreanna lena n-áirítear iarmhéideanna nó ioncam iarchurtha ó bhlianta roimhe sin.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais comhairliúchán maidir le maoiniú costas na ngníomhaíochtaí ceadúcháin réamheolaire in 2021, lena n-áirítear an togra maidir leis an gcaoi a gcuirfidh sé a straitéis i bhfeidhm chun bogadh i dtreo maoiniú iomlán tionscail, agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin reatha na seirbhíse ceadaithe réamheolaire.

Sa bhliain amach romhainn, leanfaidh an Banc Ceannais ag athbhreithniú modheolaíochtaí tobhaigh agus ag moladh feabhsuithe i gcás ina mbeidh athruithe den sórt sin comhsheasmhach le baint amach tobhach atá intuartha, trédhearcach agus comhréireach.

Ar mhaithe le trédhearcacht, bíonn teagmháil leanúnach le comhlachtaí ionadaíocha tionscail maidir le forbairtí a bhaineann le maoiniú.

## Soláthar Foirne sa Rialáil Airgeadais

Ag deireadh mhí na Nollag 2021, bhí coibhéis 977.4 ball foirne lánaimseartha i mbun gníomhaíochtaí rialála, anuas ó 1,028.5 i mí na Nollag 2020. Ba mar gheall ar na cúinsí seo a leanas a bhí laghdú ar líon na foirne coibhéise lánaimseartha in 2021:

1. Filleadh ar leibhéil níos normálta láimhdeachais dheonaigh sa dara bliain den phaindéim. I mí na Nollag 2021, ba é 6.3% an láimhdeachas foirne don Rialáil Airgeadais. (Ba é 3.9% an

[8] Pléann an chuid seo den tuarascáil le hoibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (2 )( b) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).

Siar go "Clár na nÁbhar"

láimhdeachas deonach don Bhanc Ceannais in 2020 i gcomparáid le 5.1% in 2021).

2. Bhí éileamh méadaithe freisin sa mhargadh tallainne seachtrach, go háirithe i réimsí speisialaithe, mar gheall ar an bhforbairt i ndiaidh Brexit ar an gcóras airgeadais, rud a chuir le folúntais i roinnt réimsí ag deireadh na bliana.

Léiríonn Cairt 2 thíos na leibhéil foirne atá ag obair sa Rialáil Airgeadais le ceithre bliana anuas.

**Cairt 2: Líon Foirne sa Rialáil Airgeadais 2018-2021**




# Seirbhísí Rialála agus Gnó[9]

## Caighdeáin Seirbhíse le haghaidh Iarratais a Phróiseáil agus Teagmhálacha a Bhainistiú

Oibríonn an Banc Ceannais seirbhís láraithe agus uathoibrithe do chroí-idirbhearta, amhail oiriúnacht agus ionracas, cistí agus soláthraí seirbhíse ciste, údaruithe, pascheadú, bainistiú tuairisceán agus próisis bainistithe teagmhála. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo tacú le comhsheasmhacht cinnteoireachta, riosca laghdaithe agus seirbhís intomhaiste, thrédhearcach a sholáthar le hamanna comhsheasmhacha slánúcháin. Foilsíonn an Banc Ceannais dhá thuarascáil leathbhliantúla ina ndéantar cur síos ar a fheidhmíocht i gcoinne ceangaltais chaighdeánacha seirbhíse maidir le (i) measúnú ar iarratais Oiriúnachta & Ionracais, (ii) údarú soláthraithe seirbhíse airgeadais agus cistí infheistíochta agus (iii) seirbhísí bainistithe teagmhála.[10] Tá achoimre ar fheidhmíocht an Bhainc Ceannais i gcoinne na gcaighdeán seirbhíse leagtha amach i Léaráid 1 thíos.

[9] Pléann an chuid seo den tuarascáil le hoibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (2 )( b) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).
[10] H1 Tuarascáil ar Chaighdeáin Seirbhíse agus Tuarascáil H2 ar Chaighdeáin Seirbhíse.

Siar go "Clár na nÁbhar"

**Léaráid 1: Caighdeáin Seirbhíse a Baineadh Amach in 2021**




## Údaruithe

Is ionad domhanda í Éire do sheirbhísí airgeadais agus leanann nuálaíocht agus iontrálaithe nua sa mhargadh ag cur lena mhéid agus lena chastacht araon. Ní mór do gach gnólacht rialáilte a bheith údaraithe ag an mBanc Ceannais.

Mar chuid dár bpróiseas láidir geatóra, tugann an Banc Ceannais tosaíocht do luath-theagmháil le gnólachtaí, rud a chuireann ar a gcumas a bheith rannpháirteach ag an réamhchéim nó ag an gcéim amhantrach chun eolas agus treoir a fháil faoin bpróiseas údaraithe. Údaraítear formhór na n-iarratas ar fud na n-earnálacha. Tá ár gcaighdeáin údaraithe ag teacht le noirm idirnáisiúnta. Tá leibhéal fairsing ceaduithe ann ó 2018. Cuirtear acmhainní ar fáil freisin do ghnólachtaí a dhéanann iarratais ach a tharraingíonn amach níos déanaí ar chúiseanna tráchtála. Léiríonn Cairt 3 thíos na figiúirí maidir le gníomhaíocht údaraithe gnólachtaí rialáilte ó 2018.

Siar go "Clár na nÁbhar"

**Cairt 3: Gníomhaíocht Údaruithe na nGnólachtaí Rialáilte 2018-2021**




## Seirbhísí Rialála

I mí Feabhra 2021, thosaigh an Banc Ceannais ar phróiseáil a dhéanamh ar iarratais ar rochtain i ndáil leis an gClár um Úinéireacht Thairbhiúil le haghaidh Meán Airgeadais Áirithe. Aithnítear sa chlár úinéirí agus/nó rialtóirí deiridh Gléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, comhair chreidmheasa, iontaobhais aonad, comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta agus comhchistí conartha agus ceadaítear rochtain shonraithe ag an bpobal, ag daoine ainmnithe agus ag údaráis inniúla. In 2021, phróiseáil an Banc Ceannais 588 iarratas ar rochtain san iomlán.

Leagtar béim i gCairt 4 ar teagmhálacha rialála de réir earnála agus cainéal. B'ionann fiosrúcháin le linn 2021 agus 31,645, méadú 11% ar líon na bliana roimhe sin. Léirigh an méadú ar fhiosruithe treochtaí a chonacthas le linn 2020 agus 2021, de réir mar a lorg gnólachtaí tacaíocht bhreise mar gheall ar shocruithe cianoibre le linn phaindéim COVID-19. Ina theannta sin, tháinig méadú 10% ar líon na dtuairisceán rialála a bhí dlite ó ghnólachtaí rialáilte, ó 37,834 tuairisceán a bhí dlite in 2020 go 41,799 tuairisceán a bhí dlite in 2021. Bhí an méadú ba mhó i réimse an tuairiscithe staitistiúil agus XBRL.

**Cairt 4: Teagmhálacha Rialála de réir Earnála**




Le linn 2021, rinneadh measúnú ar 3,394 iarratas ar Fheidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach oiriúnachta agus ionracais, B'ionann an méid sin agus agus laghdú 4% (2020: 3,553). Bhí an laghdú ar líon na n-iarratais a ndearnadh measúnú orthu inchurtha go príomha do thionchar phaindéim COVID-19 ó tharla gur cuireadh níos lú iarratas isteach. Tá miondealú i gCairt 5 ar iarratais oiriúnachta agus ionracais de réir stádais. As na hiarratais a críochnaíodh in 2021, ceadaíodh 85% agus cuireadh 15% ar ais mar iarratais neamhiomlána nó tharraing an t-iarratasóir siar iad (i gcomparáid le 81% agus 19% faoi seach in 2020). In 2021, bhí baint ag 168 iarratasóir leis an bpróiseas agallaimh oiriúnachta agus ionracais - tharraing 24 (14%) díobh siar a n-iarratais tar éis an phróisis seo.

Siar go "Clár na nÁbhar"

**Cairt 5: Iarratais Oiriúnachta agus Ionracais de réir Stádais**




# Athbhreithnithe Piaraí Idirnáisiúnta[11]

Ceanglaítear le halt 32M den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 go ndéanfaidh an Banc Ceannais socruithe cuí, gach ceithre bliana ar a laghad, chun athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta a dhéanamh ar a fheidhmíocht rialála. Cé gur tionscnaíodh an obair le linn 2021, níor críochnaíodh aon léirmheas piaraí Alt 32M le linn na tréimhse.

[11] Pléann an chuid seo den tuarascáil le hoibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (2 )( c) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Caibidil 3:
## Tacú lenár nEagraíocht

# Caibidil 3: Tacú lenár nEagraíocht

## Straitéis Daoine

Le Straitéis Daoine 2019-2021 an Bhainc Ceannais, cuireadh a chuid daoine i gcroílár na heagraíochta agus díríodh ar thrí chuspóir straitéiseacha chomh maith le soláthar seirbhísí riachtanacha daoine. Ba iad sin (1) Acmhainn agus Cumas, (2) Cultúr Eagraíochtúil agus (3) Eispéireas san Ionad Oibre.

Díríodh go leanúnach ar thallann agus cumas a fhorbairt in 2021, agus líonadh níos mó ná 340 ról i rith na bliana. Ar thionscnaimh eile, áiríodh creat bainistíochta tallainne ceannaireachta a chur i bhfeidhm agus cumas eagraíochtúil tosaíochta a aithint. Cuireadh réimse leathan deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil lena n-áirítear forbairt ceannaireachta, meantóireacht, oiliúint i scileanna gairmiúla, breisoideachas agus an Teastas agus an Dioplóma Gairmiúil saincheaptha i mBaincéireacht Cheannais agus Rialú Airgeadais. Thacaigh Foras Oiliúna agus Forbartha na hÉireann le sraith Cláir Forbartha Ceannaireachta an Bhainc Ceannais.

Rinneadh cultúr agus luachanna an Bhainc Ceannais a dhaingniú agus a chomhtháthú tuilleadh i bpríomhchleachtais amhail ionduchtú, aitheantas agus bainistiú feidhmíochta. Bhí méadú beag ar thorthaí an tsuirbhé ghinearálta bhliantúil ar rannpháirtíocht fostaithe agus tháinig feabhas ar na réimsí na cumarsáide agus rannpháirtíochta, na straitéise agus treo agus na bainistíochta feidhmíochta.

Lean an Banc Ceannais air ag glacadh cur chuige a thugann tosaíocht do dhaoine agus muid ag tacú le comhghleacaithe le linn na paindéime agus le hullmhúcháin chun filleadh ar an obair ar an láthair. Cuireadh tacaíochtaí feabhsaithe ceannaireachta agus fostaithe ar fáil i réimsí na folláine, na hathléimneachta agus an bhainistithe athruithe.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le samhail oibre a fhorbairt don todhchaí a chruthaíonn timpeallacht oibre sholúbtha, chomhoibritheach agus chomhtháite. Mar ullmhúchán, reáchtáladh sraith d'Fhóraim Ceannaireachta *Future@Work* chun tacú le ceannairí ionad oibre sásúil hibrideach a chruthú dár ndaoine.

Siar go "Clár na nÁbhar"



## Éagsúlacht & Ionchuimsiú

Lean an Banc Ceannais lena aidhm maidir le hÉagsúlacht & Ionchuimsiú (D&I) trína Phlean Gníomhaíochta 2020-2021 a chur i bhfeidhm go rathúil agus trí thógáil ar a thiomantas chun ionad oibre a chothú atá bunaithe ar chothroime, meas agus muintearas i bhforbairt a Straitéise nua cúig bliana D&I 2022-2026.

Le linn 2021, tacaíodh fís an Bhainc Ceannais trí sheoladh an Bheartais maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne san Ionad Oibre, chomh maith le tacar uirlisí agus oiliúint feasachta ina leith sin agus fócas feabhsaithe D&I laistigh dá phróiseas sealbhaithe tallainne. De bhreis air sin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a cheathrú Tuarascáil Bhliantúil ar Bhearna Pá Inscne (2.2% de bhearna i bhfabhar na bhfear ar an 1 Eanáir 2021). Tá Líonraí Fostaithe luachmhara an Bhainc Ceannais faoi bhláth i gcónaí, agus óstáladh os cionn 40 imeacht fíorúil in 2021.

Go seachtrach, bhí áthas ar an mBanc Ceannais a bheith ar cheann de bhunaitheoirí an Ghealltanais d'Ionad Oibre Cuimsitheach de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn. Bhuaigh sé catagóir D&I de Ghradaim Chuntais Fhoilsithe Chumann Laighean de *Chartered Accountants Ireland* agus fuair sé gradam cré-umha sa chatagóir Earcaíocht Éagsúlachta de chuid *Grad Ireland*.

## An Straitéis Sonraí

Bailíonn an Banc Ceannais líon suntasach sonraí mar chuid dá fheidhmeanna reachtúla éagsúla a chomhlíonadh agus déanann sé iad a phróiseáil agus a anailísiú. Dá bhrí sin, ceann de phríomhchuspóirí eagrúcháin an Bhainc Ceannais is ea a chumais bainistithe sonraí a fhorbairt agus a chothabháil. Le haghaidh 2021, lean an Clár Straitéise Sonraí ag tógáil ar an ardán lárnach (Unity) a cuireadh i bhfeidhm in 2019, atá deartha chun sláine agus luach sonraí an Bhainc Ceannais a uasmhéadú. Ar éachtaí an chláir, áirítear an méid seo a leanas:

Siar go "Clár na nÁbhar"

- Cuireadh Tairseach *Unity* i bhfeidhm go rathúil ar fud gach earnála tionscail agus cláraíodh thart ar 5000 gnólacht. Saibhreofar feidhmiúlacht na tairsí trí fhorbairtí a dhéanfar amach anseo.
- Tá tionscadal nua faoi lán seoil chun an t-ardán inmheánach feabhsaithe a sholáthar maidir le tuairisceáin sonraí a bhainistiú, a thrasfhoirmiú agus a úsáid.
- Mar chuid den phróiseas straitéise, tá treochlár straitéiseach curtha i dtoll a chéile agus leanann sé ar aghaidh ag díriú ar ról na sonraí mar fhoinse faisnéise eagraíochta a fheabhsú.

## Teicneolaíocht

Baineadh roinnt príomhéachtaí teicneolaíochta amach in 2021 lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Cuireadh tús le tionscadal chun soláthraí a roghnú don lárionad sonraí agus do sheirbhísí bainistithe. D'fhreagair an margadh don chéad chéim den phróiseas tairisceana. Leanfar den obair tríd an bpróiseas soláthair chun an conradh a bhronnadh. Beidh an socrú seo ina ghné thábhachtach de sheirbhísí TF a sholáthar don Bhanc Ceannais sna 7-10 mbliana amach romhainn.
- Tá fócas leanúnach ar chibearshlándáil agus tugtar aghaidh ar thírdhreach na mbagairtí atá ag fás trí bhíthin a cuid oibríochtaí agus a próiseas slándála . Tá infheistíocht leanúnach á déanamh i soláthar cumas agus uirlisí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an fhearainn seo a mhéadú.
- Tá bonneagar breise agus feabhsaithe curtha ar fáil chun feabhas leanúnach a chur ar na háiseanna a theastaíonn sa timpeallacht oibre hibrideach agus chun ullmhú d'ionduchtú réimsí nua sa champas oifige.
- Dírítear i gcónaí ar phunann shuntasach tionscadal a sholáthar do chumas athraithe in TF. Chomh maith leis an gcumas eagrúcháin a fheabhsú, tá an phunann seo bunaithe ar na héilimh a eascraíonn as sainordú méadaitheach na heagraíochta agus na riachtanais rialála atá ag athrú. Tá glacadh méadaitheach ar mhodheolaíochtaí lúfar ag cothú fás suntasach ar éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht.

## Cumarsáid

### Rannpháirtíocht lenár ndaoine

Le linn 2021, lean an Banc Ceannais de thosaíocht a thabhairt do chumarsáidí soiléire inmheánacha rialta chun teagmháil idir baill foirne agus lucht bainistíochta a éascú agus tacú leo le linn na paindéime.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Lean réimse leathan cainéal agus fóram cumarsáide inmheánacha ar aghaidh go fíorúil in 2021 dár ndaoine, lena n-áirítear imeachtaí an Líonra Ceannaireachta, Seisiúin Faisnéise Mhíosúla, Lón agus Léann, Cainteanna Tráthúla agus seisiúin "Ask Me Anything". Chabhraigh siad seo ar fad le cur chuige "Banc Amháin" a chothú agus chabhraigh siad lenár ndaoine a choinneáil ar aon dul agus ar an eolas i rith na bliana.

Áiríodh leis na cumarsáidí sin físeán cuimsitheach chun cabhrú lenár ndaoine tuiscint a fháil ar na céimeanna fairsinge a bhí á nglacadh chun tacú lena sláinte agus lena bhfolláine tar éis dóibh filleadh ar an oifig. Léirigh sé mar a d'athraigh ár dtimpeallacht oibre ó thosaigh siad ag obair ón mbaile agus chabhraigh sé leo na bearta sábháilteachta a bhí i bhfeidhm a thuiscint agus a mbealach a dhéanamh tríd an timpeallacht athraithe oibre fhisiciúil. Chabhraigh an físeán seo, agus na cumarsáidí a ghabhann leis, an t-ábhar imní a bhí ag daoine a mhaolú maidir le filleadh ar an oifig agus léirigh siad conas mar a bhí tosaíocht á tabhairt ag an eagraíocht do riachtanais na foirne mar chuid den chéad fhilleadh céimnithe i R4 2021.

## Cumarsáid Sheachtrach

Lean an Banc Ceannais air ag déanamh cumarsáide agus ag dul i ngleic go forleathan leis an bpobal agus lena phríomhpháirtithe leasmhara trí chainéil éagsúla ar réimse téamaí. Cé gur chruthaigh an phaindéim dúshláin do roinnt gnéithe de chur chuige traidisiúnta an Bhainc Ceannais i leith rannpháirtíochta, feabhsaíodh cumarsáid sheachtrach trí úsáid níos forleithne a bhaint as cainéil dhigiteacha le haghaidh cumarsáide, for-rochtana agus comhairliúcháin. I measc na bhforbairtí suntasacha sa tréimhse, tá an méid seo a leanas:

- Ábhar digiteach a sholáthar trí mhínithe agus físeáin do thomhaltóirí, go háirithe maidir le ról an Bhainc Ceannais i dtaca le tomhaltóirí a chosaint ar an tionchar is measa den phaindéim.
- Méadú suntasach ar líon na bhfiosrúchán ó na meáin agus ar chásanna de theagmháil dhíreach leis an bpobal.
- An comhairliúchán maidir le cur chuige an Bhainc Ceannais i leith na rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara (CP136).
- Freagraí tráthúla ar líon suntasach ceisteanna ón Oireachtas agus ceisteanna parlaiminte.
- Rinne an Banc Ceannais tuilleadh forbartha ar a chur chuige maidir le comhairliúcháin phoiblí le níos mó úsáide á baint as acmhainní digiteacha/ar líne i ndáil le hábhair amhail bearta morgáiste (ina bhfuarthas 4,000 freagra), athbhreithniú Straitéise BCE (trí ghrúpaí rannpháirtíochta) agus comhairliúchán maidir le ceapadh straitéise an Bhainc Ceannais.

Siar go "Clár na nÁbhar"

- Reáchtáladh réimse éagsúil imeachtaí fíorúla do pháirtithe leasmhara, le fáilte an-dearfach rompu ó ghrúpaí páirtithe leasmhara agus ó rannpháirtithe foirne an Bhainc Ceannais.

## Láimhseáil Gearán

Is féidir gearáin a dhéanamh faoi Nós Imeachta Láimhseála Gearán an Bhainc Ceannais i ndáil le ball foirne de chuid an Bhainc Ceannais nó faoin mbealach a ndéanann an Banc Ceannais a ghnó, i.e., na seirbhísí a fhaightear. Tá Nós Imeachta ag an mBanc Ceannais freisin maidir le Gearáin faoi Mhíchumas a láimhseáil faoin Acht um Míchumas 2005. Déileáiltear le himscrúdú gearán faoi ghnólachtaí rialáilte nó le nochtadh arna dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 faoi nósanna imeachta ar leith.

Próiseáladh 16 ghearán fhoirmiúla ó bhaill an phobail le linn 2021. Rinneadh gearáin a bhain le réimse saincheisteanna, agus bhain an líon is mó díobh le saincheisteanna a bhain leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Ní bhfuarthas aon ghearán faoin Nós Imeachta ar leith do Ghearáin a bhaineann le Míchumas.

## Saoráil Faisnéise

Phróiseáil an Banc Ceannais 76 iarratas ar Shaoráil Faisnéise le linn 2021. Ceadaíodh/ceadaíodh i bpáirt 33 iarratas ar an iomlán agus diúltaíodh do 33 díobh faoi fhorálacha éagsúla an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ina theannta sin, tarraingíodh siar 10 n-iarratas tar éis dul i dteagmháil leis an iarrthóir.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Tá an Banc Ceannais tiomanta dá mhisean a chur i bhfeidhm ar bhealach atá freagrach go sóisialta agus inbhuanaithe. Cuimsítear i dTuarascáil Bhliantúil CSR 2021 cuid de na príomhthionscnaimh agus buaicphointí a cuireadh chun cinn i rith na bliana, thar na cúig cholún Comhshaol, Ionad Oibre, Pobal, Margadh agus Rialachas/Cumarsáid.

Bhain an Banc Ceannais an Marc do Ghnó atá ag Obair go Freagrach ó Ghnó sa Phobal in Éirinn in 2021. Soláthraíonn an creidiúnú seo athbhreithniú neamhspleách, ó bhonn, ar an eagraíocht agus déanann sé measúnú agus deimhniú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach agus ar chóras bainistithe inbhuanaitheachta ar fud na gcúig cholún.

BUSINESS WORKING RESPONSIBLY
Collective Mark

## Dlí

Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil le Ranna Rialtais ar chúrsaí reachtacha agus bhí tionchar aige ar reachtaíocht phríomhúil agus thacaigh sé le reachtaíocht phríomhúil a mbíonn tionchar aici ar a shainordú, lena n-

Siar go "Clár na nÁbhar"

áirítear Bille nua beartaithe an Bhainc Ceannais ar an gCreat Cuntasachta Aonair a luadh roimhe seo i gCaibidil 2 faoin mír ar Fhorbairt Beartais Rialála, an tAcht um Ghóchumadh 2021 agus an Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola agus Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2021.

Lean an Banc Ceannais den chreat rialála a neartú trí Rialacháin an Bhainc Ceannais in 2021 agus ullmhaíodh roinnt rialachán nua, lena n-áirítear na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú) 2013 (Alt 48 (1)) (Ceanglais Phlean Téarnaimh d'Árachóirí) 2021. Chuidigh an Banc Ceannais freisin le roinnt treoracha agus rialachán AE a thrasuí agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2020/1503 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó.

Tharla an chéad chruinniú bainistíochta fiosrúcháin maidir leis an bhfiosrúchán ar dhuine a bhí bainteach le bainistíocht permanent tsb, go cianda ar an 9 Feabhra 2022. Ba é cuspóir an chruinnithe seo cabhrú leis an bhfiosrúchán a reáchtáil go héifeachtúil agus na saincheisteanna atá le cinneadh ag an bhfiosrúchán a chúngú a mhéid is féidir.

## Áitribh agus Saoráidí

### Forbairt an Champais

Le linn 2021, lean an Banc Ceannais de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt a champais chomhtháite ag Cé an Phoirt Thuaidh. Bhí tionchar suntasach i gcónaí ag dúnadh sainordaithe láithreáin tógála ag an Rialtas agus ag iarmhairtí eile na paindéime ar an gclár tógála agus feistithe don fhoirgneamh nua i Sráid an Mhéara, agus tá an chéad bhogadh isteach san áitreabh ar an mbóthar ceart i gcónaí do shamhradh 2022. Bhí tionchar ag forbairtí na paindéime ar an gcur chuige maidir le díol an áitribh ag Duga Spencer chomh maith agus tá an t-áitreabh curtha ar an margadh in dhá bheart aonair nó mar bheart iomlán amháin. Bhí suim mhaith mhargaidh sa spás in áitreabh Shráid an Mhéara a ghlacadh ar léas, ar spás é a shealbhaítear mar infheistíocht fhadtéarmach agus atá leithdháilte lena ligean ar cíos.

### Bainistiú Saoráidí

Chinntigh an Banc Ceannais gur fhan a fhoirgnimh agus a shaoráidí ag feidhmiú ina n-iomláine agus go raibh siad sábháilte i gcomhréir le Treoirlínte an Rialtais agus lena chur chuige maidir le tosaíocht do dhaoine. Bhí tacaíocht leanúnach ann don tsamhail “Ag Obair ón mBaile” lena n-áirítear ionduchtú iontrálaithe nua isteach san eagraíocht. Chuir sé seo ar chumas 95% den fhoireann leanúint ar aghaidh ag obair in áiteanna lasmuigh d'áitribh an Bhainc Ceannais.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Cuireadh tús leis an gClár um Fhilleadh ar an Obair a bhí pleanáilte go cúramach i Ráithe 4 2021. Ar an meán, bhí 250-300 duine ar an láthair in aghaidh an lae san áitreabh ag Cé an Phoirt Thuaidh. Bhí an t-aiseolas ón bhfoireann a d'fhill an-dearfach agus d'oibrigh na samhlacha oibriúcháin mar a bhí pleanáilte. De réir Threoirlínte an Rialtais, cuireadh an filleadh seo ar an oifig ar fionraí i lár mhí na Samhna agus rinneadh na samhlacha oibriúcháin a oiriúnú chun comhairle an Rialtais a bhí ann ag an am a léiriú.

## Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht

Oibríonn an Banc Ceannais de réir córais chomhtháite dheimhnithe bainistithe maidir le Comhshaol, Sábháilteacht agus Fuinneamh ar fud na suíomhanna ar fad. Tháinig méadú 12% ar astaíochtaí scóip 1 agus 2 mar gheall ar an bhfreagairt a theastaigh ar dhúshláin na paindéime. Tá raon táscairí gaolmhara tomhaiste agus ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Chomhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta.

## Bainistiú Punann Infheistíochta

Ag deireadh 2021, áiríodh i gclár comhardaithe an Bhainc Ceannais punann infheistíochta ina raibh sócmhainní le luach margaidh €17.4bn, lena n-áirítear leithdháileadh €4.2bn a bhí comhionann le punanna ainmnithe in airgeadra eachtrach (dollar SAM, dollar na hAstráile, dollar Shingeapór, renminbi na Síne agus won na Cóiré) chun críocha éagsúlaithe.[12]

Ba mar gheall ar laghdú i méid na punainne coinnithe go dtí aibíocht tar éis fuascailtí agus aistrithe a tharla an titim i méid na punainne infheistíochta ó €18.1bn ag deireadh 2020. Le linn 2021, mhéadaigh an Banc Ceannais a shealúchais i renminbi na Síne trí thaiscí leis an mBanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus rinne sé infheistíocht i gciste an Bhainc um Socraíochtaí Idirnáisiúnta arna ainmniú i won na Cóiré. Mhéadaigh an Banc Ceannais a shealúchais d'ór fisiciúil freisin le linn 2021 mar chuid den straitéis éagsúlaithe infheistíochta níos fadtéarmaí do na sócmhainní lánroghnacha infheistíochta, atá dírithe ar athléimneacht an chláir chomhardaithe a fheabhsú.

Trí shócmhainní éagsúlaithe a shealbhú tacaítear le tuairisceáin infheistíochta agus laghdaítear luaineacht fhoriomlán san fhadtéarma, d'ainneoin acmhainn áirithe d'inathraitheacht i dtuairisceáin sa ghearrthéarma. Ina theannta sin, le linn 2021,  rinne an Banc Ceannais infheistíocht i ndollar na Stát Aontaithe agus i gcistí infheistíochta glasbhannaí arna n-ainmniú in euro do bhainc cheannais a bhunaigh an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta. Léiríonn na hinfheistíochtaí tiomantas an Bhainc Cheannais do bhreithnithe a bhaineann leis an athrú aeráide a

[12]Cuimsíonn an figiúr €17.4 billiún sealúchais óir agus leithdháileadh cothromais anois agus tá figiúr 2020 nuashonraithe sa téacs seo chun an t-athrú sin a léiriú freisin.

Siar go "Clár na nÁbhar"

dhaingniú ina chuid oibríochtaí féin agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca don aeráid.

Tá méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais freisin faoi Chomhaontú an Eurochórais faoi Ghlansócmhainní Airgeadais. Níor chuir na hoibleagáidí sin le haon athruithe in 2021, áfach.[13] B'ionann an tuilleamh iomlán ar phunann infheistíochta (seachas ór agus cothromais) an Bhainc Ceannais agus €149.2m in 2021 i gcomparáid le €208.2m in 2020.

[13]Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais, féach suíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu/explainers/tell-me-more/html/anfa_qa.html

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Caibidil 4:
# Tosaíochtaí Straitéiseacha na Rialála Airgeadais in 2022

# Caibidil 4: Tosaíochtaí Straitéiseacha na Rialála Airgeadais in 2022[14]

## Straitéis 2022-2026




Leagann ár Straitéis béim ar an gcóras seirbhísí airgeadais atá dinimiciúil agus ag fás in Éirinn agus freagraíonn sí don chóras sin. Baineann tairbhí eacnamaíocha agus tomhaltóirí araon leis an bhfás seo, ach cruthaíonn sé rioscaí, aighneas agus castacht mhéadaitheach sa chóras airgeadais freisin.

Tá tosaíochtaí an Bhainc Ceannais bunaithe ar éilimh na timpeallachta athraithí seo, agus ar ár bhfócas ar chóras airgeadais athléimneach, iontaofa a chur chun cinn a fhreastalóidh go hinbhuanaithe ar riachtanais na saoránach agus an gheilleagair; agus ina gcloíonn rannpháirtithe an mhargaidh le caighdeáin iompair chuí. Tá sé mar aidhm againn ár ndualgais a chomhlíonadh trí chreat rialála ardchaighdeáin, geatóireacht éifeachtach agus maoirseacht threallúsach a chur ar fáil agus leas comhréireach á bhaint as cumhachtaí forfheidhmiúcháin mar bhonn agus mar thaca aige.

Is féidir ár dtosaíochtaí rialála airgeadais a ghrúpáil faoi na ceithre phríomhthéama a shainaithnítear inár Straitéis:

- Léiríonn an téama maidir le **Cosaint** ár dtiomantas daingean d'éifeachtacht dhearadh, chur i bhfeidhm agus oibriú ár bpríomhchreataí beartais agus maoirseachta, trína bhfuil sé mar aidhm againn ár bhfeidhmeanna reachtúla agus na torthaí foriomlána is fearr d'úsáideoirí seirbhísí airgeadais agus don gheilleagar a bhaint amach.
- Faoin téama **Dírithe ar an Todhchaí**, tá muid ag obair lena chinntiú go mbeidh an córas airgeadais ábalta dul in oiriúint go maith do shaol atá ag athrú go tapa agus a mbítear ag cur isteach air, ionas go bhfreastalófar ar leasanna na saoránach agus an gheilleagair trí athrú, nuálaíocht agus iomaíocht. Leanfaidh muid orainn freisin ag cur dlús lenár gcuid oibre ar athrú aeráide chun a chinntiú gur féidir leis an gcóras airgeadais tacú leis an aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de agus atá athléimneach a dhóthain ó thaobh na rioscaí de. [15]

[14] Pléann an chaibidil seo den tuarascáil le hoibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (2 )(a) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).
[15] Féach gealltanas an Bhainc Ceannais maidir le gníomh i leith athrú aeráide – Samhain 2021 https://www.centralbank.ie/docs/default-source/news-and-Nia/press-releases/climate-change-action-pledge-november-2021

Siar go "Clár na nÁbhar"

- Beidh muid **Oscailte agus Rannpháirteach** le páirtithe leasmhara sa bhaile agus thar lear. Cuirfidh muid i bhfeidhm na feabhsuithe ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a aithníodh sa chomhairliúchán le déanaí (CP 136). Áirítear leis sin teagmháil níos doimhne le húsáideoirí agus tomhaltóirí seirbhísí airgeadais, Fóram do Pháirtithe Leasmhara ón Tionscal, agus Comhdháil Seirbhísí Airgeadais a thionólfar níos déanaí sa bhliain.
- Cuireann ár sainordú leathan agus domhain ar ár gcumas dearcadh cuimsitheach agus comhtháite a ghlacadh, agus úsáid á baint againn as ár gcuid eolais agus léargas ar fud mórán earnálacha chun dul i ngleic le dúshláin ar fud an chórais idirnasctha airgeadais ar fad, lena n-áirítear mar chuid lárnach den Aontas Eorpach agus dá chuid institiúidí agus creataí. Chun leanúint den sainordú a chomhlíonadh, aithníonn muid an tábhacht a bhaineann le tógáil ar an mbunsraith atá tógtha againn agus le **Bunathrú** chun go mbeidh muid níos sofhreagrúla, níos éagsúla agus níos faisnéisbhunaithe, ag tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an timpeallacht atá ag athrú go tapa.

## Tosaíochtaí na Rialála Airgeadais do 2022

Tógann an plean agus na tosaíochtaí do 2022 ar an dul chun cinn suntasach atá déanta maidir le hathléimneach agus iontaofacht an chórais seirbhísí airgeadais a chothabháil agus a fhorbairt le linn phaindéim COVID-19. Tá sé riachtanach leas a bhaint as ceachtanna na paindéime chun breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann muid measúnú ar rioscaí agus ar dhóchúlachtaí, agus ar an gcaoi a neartaíonn muid muinín, athléimneacht agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna.

Chomh maith leis sin, tá muid i dtréimhse ina bhfuil nuálaíocht theicneolaíoch thapa agus dhomhain ag tarlú agus na buntáistí uile a d'fhéadfadh a bheith ann do thomhaltóirí agus don gheilleagar, ach na rioscaí is gá a bhainistiú freisin. Ní mór dúinn a chinntiú go n-imríonn seirbhísí airgeadais ról dearfach san aistriú go geilleagar neodrach, i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Ní féidir é sin a dhéanamh go héifeachtach as féin. Leanfaidh an Banc Ceannais de bheith ina phríomh-rannpháirtí i bhforbairt rialála AE agus Idirnáisiúnta, ag léiriú ról na hÉireann mar mhór-dhlínse seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta.

I measc na dtionscnamh a bheidh idir lámha againn i mbliana – agus é á aithint go mbeidh dearadh agus cur i bhfeidhm an chuid is mó díobh ilbhliantúil - tá na cinn seo a leanas:

1. **Le béim ar athléimneacht an chórais airgeadais, déanfaidh muid an méid seo a leanas, *inter alia*:**

Siar go "Clár na nÁbhar"

- An t-athbhreithniú ar na bearta morgáiste macrastuamachta a chur i gcrích, agus measúnú á dhéanamh againn ar an ngá iad a oiriúnú i bhfianaise taithí agus i bhfianaise an chomhthéacs tithíochta reatha lena n-áirítear soláthar, airgeadas, agus inacmhainneacht.
- Beidh ionchur againn san athbhreithniú Eorpach ar mhaoláin chaipitil do bhainc, lena n-áirítear a n-inúsáidteacht a chinntiú le linn géarchéime agus ag an leibhéal intíre, agus an t-athbhreithniú ar an gcreat caipitil macrastuamachta a thabhairt i gcrích.
- Beidh ról ceannasach againn i bhforbairt creata macrastuamachta do chistí infheistíochta, lena n-áirítear bearta nua a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí i gcistí maoine na hÉireann.
- I gcomhthéacs an tírdhreacha atá ag athrú go tapa, díreoidh muid i gcónaí ar athléimneacht airgeadais agus oibriúcháin na hearnála airgeadais. Áireofar an méid seo a leanas ar an obair sin:
    - Tástáil struis agus obair eile a bhaineann le hathléimneacht airgeadais ar fud earnálacha éagsúla.
    - Maoirseacht ar athrú samhla gnó agus ar athrú a bhaineann le teicneolaíocht, de réir mar a chuireann gnólachtaí teicneolaíochtaí nua i bhfeidhm agus mar a fhreagraíonn siad do shainroghanna custaiméirí atá ag athrú.
    - Fócas leanúnach ar athléimneacht oibríochtúil, a chlúdaíonn cibear-athléimneacht, bonneagar criticiúil agus seachfhoinsiú. [16]
- Leanfaidh muid orainn ag neartú cumas bainistithe géarchéime agus ag cur chun cinn inréititheacht na ngnólachtaí seirbhísí airgeadais, ag dul i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais maidir leis na bearnaí atá fágtha sa chreat reachtach.

2. **Leanfaidh muid orainn ag iarraidh torthaí córa a bhaint amach agus leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí a bhunú i gcroílár na seirbhísí airgeadais, mar shampla tríd an méid seo a leanas:**
    - Athbhreithnithe téamacha spriocdhírithe ar fud na bpríomhrioscaí a shainaithnítear trí bhíthin na measúnuithe bliantúla riosca do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí.
    - Rannpháirtíocht fhairsing mhaoirseachta ar fud réimsí ábhartha, lena n-áirítear árachas idirbhriseadh gnó, riaráistí fadtéarmacha morgáiste agus maoirseacht ar tharraingt amach dhá bhanc miondíola ó mhargadh na hÉireann, agus aistriú custaiméirí chuig soláthraithe seirbhíse nua.

[16] Mínítear ionchais gnólachtaí sna treoirlínte a cuireadh i gcrích le déanaí maidir le (i) Seachfhoinsiú agus (ii) Athléimneacht Oibríochtúil.

Siar go "Clár na nÁbhar"

- Plépháipéar a fhoilsiú ar an Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí agus rannpháirtíocht fhorleathan le páirtithe leasmhara air. Scrúdóidh an plépháipéar an ról atá ag cosaint tomhaltóirí maidir le tacú le córas airgeadais a fheidhmíonn go maith agus cothromaíocht príomhghnéithe amhail muinín, nuálaíocht agus intuarthacht.
- An creat rialála a oiriúnú chun an reachtaíocht nua maidir le Sluachistiú agus Fruilcheannach, Pleananna Conartha Pearsanta, agus táirgí Ceanaigh Anois - Íoc Níos Déanaí a chur i bhfeidhm, agus ag an am céanna eispéireas maoirseachta an Bhainc Ceannais a chur san áireamh in athbhreithnithe leanúnacha ar reachtaíocht ar leibhéal intíre agus ar leibhéal AE ar fud cistí, gnólachtaí infheistíochta, baincéireachta agus árachais.
- Maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Rialachán na Praghsála Difreálaí maidir le hárachas neamhshaoil.
- Leanúint d'fheabhas a chur ar na tuarascálacha ón mBunachar Náisiúnta Faisnéise ar Éilimh chun tacú leis an gclár oibre beartais níos leithne i dtreo earnáil árachais neamhshaoil atá ag feidhmiú níos fearr.
- Leanúint d'fheabhas a chur ar chur chuige earnáil na seirbhísí airgeadais maidir le frithsciúradh airgid/comhrac in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta, agus ullmhú á dhéanamh ag an am céanna do na hathruithe suntasacha atá le teacht ar an gcur chuige ar leibhéal Eorpach.

3. **I gcomhthéacs an athraithe thapa agus na ndeiseanna gaolmhara agus na rioscaí gaolmhara, leanfaidh muid orainn ag forbairt creataí rialála agus cineálacha cur chuige maoirseachta chun a chinntiú go bhfreastalóidh athrú, nuálaíocht agus iomaíocht san earnáil airgeadais go maith ar leasanna saoránach agus an gheilleagair. I measc na hoibre ábhartha i mbliana, áirítear an méid seo a leanas:**
    - Údarú gnólachtaí nua – leanfaidh muid orainn ag tabhairt tosaíochta d'obair údaraithe ar fud earnálacha éagsúla, ag aithint na buntáistí a bhaineann le nuálaíocht, cur isteach agus iomaíocht, ach freisin an tábhacht a bhaineann le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint. Ag teacht lenár Straitéis, leanfaidh an Banc Ceannais de bheith ag plé go hoscailte agus ag cur caighdeáin agus próisis shoiléire chomhsheasmhacha i bhfeidhm do ghnólachtaí atá ag lorg údarú.
    - Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Mhoil Nuálaíochta chun tacú le rannpháirtíocht idir an Banc Ceannais agus nuálaithe.
    - Oibriú chun an creat rialála a fhorbairt chun an dul chun cinn i dteicneolaíocht chripteagrafach agus san airgeadas dáilte a léiriú.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Leanfaidh muid orainn ag tacú leis an Roinn Airgeadais chun idirbheartaíochtaí a thabhairt chun críche ar Thogra an Rialacháin do Mhargaí i gCripteashócmhainní agus ar an Acht um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil agus ullmhóidh muid iad lena gcur i bhfeidhm in Éirinn.

- Critéir údaraithe a fhorbairt le haghaidh cistí a thairgeann infheistíochtaí i gcripteashócmhainní.
- Cleachtadh um plé poiblí a dhéanamh ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí chun a chinntiú go bhfanfaidh an Cód oiriúnach don fheidhm sna blianta amach romhainn.
- Timpeallacht na n-íocaíochtaí a fheabhsú - áireofar leis seo páirt a ghlacadh san obair chun euro digiteach a eisiúint; íocaíochtaí ar chostas íseal a chur chun cinn sa bhaile agus ar fud na hEorpa; agus ionchur a bheith againn san athbhreithniú ar an Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta agus i bhfeidhmiú na baincéireachta oscailte.

4. **Leanúint d'fheabhas a chur ar rialachas gnólachtaí seirbhísí airgeadais agus ar chuntasacht daoine aonair as na gníomhartha a dhéanann siad tríd an méid seo a leanas:**
    - Tacú leis an Roinn Airgeadais sa phróiseas reachtaíochta chun an Creat Cuntasachta Aonair a thabhairt isteach. [17]
    - Úsáid a bhaint as an tacar iomlán uirlisí maoirseachta, lena n-áirítear cumhachtaí forfheidhmiúcháin, chun tacú le feidhmiú ardchaighdeáin an chórais airgeadais.
    - Cur chuige spriocdhírithe agus comhréireach a ghlacadh i leith gníomhaíocht fhorfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha ar cheanglais rialála chun mí-iompar a dhíspreagadh agus chun comhlíonadh a chur chun cinn in earnáil na seirbhísí airgeadais.
5. **Tacú leis an aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de tríd an méid seo a leanas:**
    - Leanúint den mhaoirseacht a oiriúnú chun a chinntiú go bhfuil gnólachtaí airgeadais ag oiriúnú samhlacha gnó agus ag cothú acmhainneachta i bhfianaise rioscaí forásacha aeráide agus aistrithe.
    - Ag díriú ar fhorbairt agus ar mhargaíocht táirgí 'glasa' seirbhísí airgeadais agus seirbhísí 'glasa' airgeadais sa chaoi is go gcomhlíonann siad ardchaighdeáin agus ardchaighdeán nochta.

[17] Eiseofar páipéar comhairliúcháin ina leagfar amach an rialachán tacaíochta agus an treoir atá beartaithe láithreach tar éis an reachtaíocht a rith.

Siar go "Clár na nÁbhar"

- Ag foghlaim ó dhea-chleachtais idirnáisiúnta, ag cur leo agus á gcur i bhfeidhm, agus rialachán agus treoirlínte ábhartha a fhorbairt trí rannpháirtíocht sa Líonra do Ghlasú an Chórais Airgeadaisagus obair sna hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha.

6. **A bheith oscailte agus rannpháirteach ar bhonn intíre agus idirnáisiúnta chun leanúint leis an gcreat rialála a fheabhsú, maoirseacht a fhorghníomhú agus cáil agus creidiúnacht na hÉireann mar phríomh-dhlínse seirbhísí airgeadais a fhorbairt go leanúnach. Beidh teagmháil dhíreach againn leis an Roinn Airgeadais maidir le roinnt forbairtí reachtaíochta, lena n-áirítear:**

   - Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid/Comhrac i gcoinne Maoiniú Sceimhlitheoireachta, agus ag ullmhú do bhonneagar nua AE, ar athrú suntasach struchtúrtha é ar an gcur chuige Eorpach i leith na mbunrioscaí.
   - Athbhreithnithe ar na nithe seo a leanas: an creat do riachtanais chaipitil do bhainc (CRR3/CRD6), an creat sócmhainneachta d'árachóirí (athbhreithniú ar Shócmhainneacht II), an Treoir maidir le Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFMD), an Rialachán agus an Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais (athbhreithniú ar MiFID II) agus obair ar an athbhreithniú ar an dara Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta (athbhreithniú PSD2).

   Le hobair an Bhainc Ceannais sna hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, sa Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach, sa Sásra Aonair Maoirseachta, sa Bhord um Chobhsaíocht Airgeadais, in Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Urrús, i gComhlachas Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais, agus sa Líonra do Ghlasú an Chórais Airgeadais, cuimsítear an méid sin ar fad thuas mar aon leis na nithe seo a leanas:

   - Feabhas ar an gcreat rialála le haghaidh cistí infheistíochta.
   - Rannpháirtíocht i dtionscnaimh chun leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le nuálaíocht theicneolaíoch do thomhaltóirí, d'infheisteoirí agus don gheilleagar.
   - Athrú rialála agus maoirseachta chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar neodrach.
   - Caighdeán caipitil idirnáisiúnta d'árachóirí a chur i bhfeidhm.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Caibidil 5:
# Ráiteas ó Iniúchóireacht Inmheánach

# Caibidil 5: Ráiteas ó Iniúchóireacht Inmheánach[18]

Is é cuspóir an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD) feidhmiú mar fheidhm neamhspleách an "tríú líne chosanta" laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais. Cuireann IAD dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil chun cabhrú leis an mBanc Ceannais a chuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach, smachtaithe a ghlacadh maidir le meastóireacht agus feabhas ar na próisis bainistithe riosca, rialaithe agus rialachais.

In 2021, rinne IAD raon athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta, feidhmeanna baincéireachta ceannais, TF agus feidhmeanna oibriúcháin eile. Áiríodh sna hathbhreithnithe sin, fócas leanúnach ar an bhféidearthacht maidir le rioscaí oibriúcháin méadaithe mar gheall ar COVID-19.

Chuir IAD deaiseanna rialta faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ag tabhairt sonraí faoi thorthaí na n-athbhreithnithe agus faoin dul chun cinn atá déanta ag an mbainistíocht maidir le dul i ngleic le torthaí a aithníodh roimhe seo. I mí an Mhárta, d'fhormheas an Coiste Iniúchóireachta Straitéis Rannach Iniúchóireachta IAD do na blianta 2021-2023. Chomh maith leis sin, i mí na Samhna, d'fhormheas an Coiste Iniúchóireachta Plean Iniúchóireachta leanúnach trí bliana.

Mar aon le comhghleacaithe ó bhainc cheannais náisiúnta eile, rinne IAD iniúchtaí mar chuid de Choiste Iniúchóirí Inmheánacha (IAC) CEBC. Tuairiscíonn IAD don IAC freisin ar thoradh na n-iniúchtaí seo agus ar stádas na dtorthaí oscailte. Cuireann IAC tuarascálacha nuashonraithe faoi bhráid Chomhairle Rialaithe BCE agus choistí ábhartha CEBC.

Chun feasacht agus tuiscint ar fhorbairtí agus rioscaí laistigh den eagraíocht a mhéadú, d'fhreastail IAD ar roinnt cruinnithe coiste ardfheidhmeannach agus ar chruinnithe le hionadaithe rannáin ar fud an Bhainc Ceannais. Ina theannta sin, bhí cruinnithe rialta ag IAD leis an nGobharnóir chun ábhair a bhaineann le hiniúchóireacht a phlé.

[18] Pléann an chaibidil seo freisin oibleagáidí tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L (3)(a) d'Achtanna an Bhainc Ceannais (arna leasú).

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Caibidil 6:
# Rialachas

# Caibidil 6: Rialachas

Leagtar amach sa chuid seo na próisis is infheidhme maidir le rialachas an Bhainc Ceannais le linn 2021.

## An Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Bunaíodh an Banc Ceannais mar Bhanc Ceannais na hÉireann ar an 1 Feabhra 1943, faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht). Mar bhall de CEBC, déanann an Banc Ceannais cúraimí CEBC, dá bhforáiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i Reacht CEBC agus BCE (reacht CEBC), a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, comhlíonann sé cúraimí áirithe neamh-CEBC a shainordaítear leis an dlí náisiúnta.

## Coimisiún an Bhainc Ceannais

Foráiltear leis an Acht gurb é Coimisiún an Bhainc Ceannais a bhainistíonn agus a rialaíonn gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Cheannais (cé is moite d'fheidhmeanna a bhfuil an Gobharnóir amháin freagrach astu, lena n-áirítear feidhmeanna CEBC an Bhainc Cheannais agus feidhmeanna réitigh).

Tá a Théarmaí Tagartha féin glactha ag an gCoimisiún ina leagtar amach an bealach is fearr is féidir leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Tá tuilleadh eolais faoin gCoimisiún ar fáil sa Tuarascáil ó Bhaill an Choimisiúin, atá mar chuid de na Cuntais Bhliantúla i gCuid 2 den tuarascáil seo.

## Comhaltas agus Cothromaíocht Inscne an Choimisiúin

Cuimsíonn Coimisiún an Bhainc Ceannais ceathrar comhaltaí a fheidhmíonn i gcáil ex–officio - an Gobharnóir, beirt Leas-Ghobharnóirí, agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais - agus idir seisear agus ochtar comhaltaí atá ceaptha ag an Aire Airgeadais. Ag deireadh 2021 bhí seisear comhaltaí ceaptha ann. Tá tuilleadh sonraí maidir le feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin agus a chomhaltaí le fáil anseo.

B'ionann cothromaíocht inscne an Choimisiúin ag deireadh na bliana 2021 agus 60% fir agus 40% mná. As na comhaltaí ceaptha, is ionann an chothromaíocht inscne agus 50% fir agus 50% mná. Agus na ceapacháin is déanaí chuig an gCoimisiún á ndéanamh aige in 2020, thug an tAire dá aire go raibh na ceapacháin seo ag teacht leis an an gceanglas chun aird a thabhairt ar scileanna, ar éagsúlacht agus ar mheascán inscne ar Bhoird Stáit mar a leagtar amach san Iarscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ioncuimsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Struchtúr Eagraíochtúil

Leagtar amach san Acht feidhmeanna an Bhainc Ceannais agus déantar foráil ann do na struchtúir ina gcuireann an Banc Ceannais feidhmeanna

Siar go "Clár na nÁbhar"

den sórt sin i gcrích. Tagann na feidhmeanna sin freisin ó fhoinsí éagsúla dlí, lena n-áirítear Conarthaí AE, Achtanna an Bhainc Ceannais, agus reachtaíocht eile maidir le seirbhísí airgeadais. Cé gur féidir roinnt feidhmeanna a shannadh d'oifigigh ar leith, tá sé de chúram ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, ar an gcéad dul síos, an chuid is mó d'fheidhmeanna an Bhainc Ceannais a chomhlíonadh (cé is moite d'fheidhmeanna CEBC agus d'fheidhmeanna réitigh). Mar sin féin, tá sé seo faoi réir tarmligean reachtúil agus sannadh freagrachta.

Leagtar amach sa Chairt Eagraíochtúil an bealach atá an Banc Ceannais struchtúrtha chun a chuspóirí a bhaint amach.

## Creat Rialachais

I gCreatdhoiciméad Rialachais an Bhainc Ceannais, cuirtear san áireamh ceanglais Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí AE, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus socruithe rialachais inmheánacha eile.

## Freagrachtaí na gCeannairí Sinsearacha sa Bhanc Ceannais

I ndoiciméad Fhreagrachtaí Ceannairí Sinsearacha (RSL) an Bhainc Ceannais, tugtar léargas ginearálta ar fhreagrachtaí na ndaoine sin a bhfuil poist cheannaireachta sinsearaí acu laistigh den Bhanc Ceannais, mar aon leis na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm a thacaíonn le cinnteoireacht.

## Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Tá roinnt coistí traseagraíochta inmheánacha ann atá freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm beartas a chomhordú agus as comhairle a thabhairt maidir le mórcheisteanna. Cuimsíonn struchtúr coiste an Bhainc Ceannais coistí oibríochtúla agus coistí a bhaineann le sainordú, a mbíonn ionchur acu, i measc nithe eile, i bhforbairt agus i bhforghníomhú straitéis, fonn riosca agus cultúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais.

Tá tuilleadh sonraí faoi na struchtúir rialachais inmheánaigh agus faoi na Coistí éagsúla le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

## Cuntasacht

### Plean Straitéiseach

De réir alt 32B den Acht, tá sé de dhualgas ar an mBanc Ceannais Plean Straitéiseach a ullmhú agus a fhoilsiú gach trí bliana.

Le linn 2021, ghlac an Coimisiún páirt i bhfoirmliú Phlean Straitéiseach nua an Bhainc Ceannais 2022-2026, a foilsíodh i mí na Samhna 2021.

### Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil

De réir Alt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil ar a chuid oibríochtaí le linn na bliana agus cuireann sé an tuarascáil sin faoi bhráid an

Siar go "Clár na nÁbhar"

Aire Airgeadais laistigh de shé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le halt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) don bhliain airgeadais lena mbaineann. Déanann an C&AG iniúchóireacht, deimhniú agus tuairisciú ar an Ráiteas Cuntas agus cuireann siad a dtuarascáil agus an Ráiteas Cuntas faoi bhráid an Aire. Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha iniúchóireacht ar chuntais airgeadais an Bhainc Ceannais freisin mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC.

De réir Alt 32L den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais lena chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain.

## Teacht os comhair Coistí Oireachtais

Féadfaidh an Gobharnóir, an Leas-Ghobharnóir nó Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa a bheith faoi oibleagáid dul os comhair Comhchoiste den Oireachtas a bheidh freagrach as nithe a bhaineann leis an mBanc Ceannais a scrúdú, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil, agus eolas a chur ar fáil don Choiste sin de réir mar a theastaíonn sé, faoi réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Reacht CEBC agus oibleagáidí gairmiúla rúndachta an Bhainc Ceannais.

In 2021, tháinig an Banc Ceannais os comhair Coistí Oireachtais sé huaire ar leith.

## Fiosrúcháin Reachtúla

Glaoitear ar an mBanc Ceannais, ar a oifigigh agus ar a fhostaithe de réir mar is gá chun fianaise a sholáthar d'fhiosrúcháin a bhunaítear faoi Reacht. Agus é ag déileáil le haon fhiosrúchán den sórt sin, ní mór don Bhanc Ceannais na hoibleagáidí rúndachta a fhorchuirtear faoi Alt 33AK den Acht a chomhlíonadh.

## Athbhreithnithe Piaraí

Ní mór don Bhanc Ceannais socrú a dhéanamh, gach ceithre bliana ar a laghad, go ndéanfaidh banc ceannais náisiúnta eile, nó duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag an nGobharnóir mar dhuine nó mar chomhlacht cuí, athbhreithniú ar chomhlíonadh a fheidhmeanna rialála, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá an Banc Ceannais tiomanta do bheith ina eagraíocht atá freagrach go sóisialta agus atá inbhuanaithe maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann sé a shainordú agus a mhisean. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, is cuid lárnach

Siar go "Clár na nÁbhar"

den ghealltanas níos leithne seo oibleagáid an Bhainc Ceannais a dhualgas earnála poiblí a chomhlíonadh.

Agus ár Straitéis á forbairt againn, rinne muid breithniú ar ár ról faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus Comhionannas, agus rinne muid measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann lenár gcuspóir agus lenár bhfeidhmeanna. Bhain muid leas freisin as an aiseolas ar ár ndualgais earnála poiblí a fuarthas ónár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Tá sonraí faoi na gníomhartha sonracha a dtabharfaidh muid tús áite dóibh i gcomhthéacs ár ndualgas san earnáil phoiblí leagtha amach inár Straitéis.

In 2021, rinne muid measúnú bliantúil freisin ar ár ngníomhartha dualgais earnála poiblí mar atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach 2019-2021 roimhe seo. Ba é tátal an mheasúnaithe sin go bhfuil réimse beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm i gcónaí, ar fud na bhfeidhmeanna ábhartha ar fad a sainaithníodh, chun a chinntiú go bhfuil an Banc Ceannais ag tabhairt faoi na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann lenár ndualgas san earnáil phoiblí.

Tugtar é seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

29 Aibreán 2022

**Neil Whoriskey**
Rúnaí

29 Aibreán 2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Cuid 2:
# Oibríochtaí Airgeadais

# Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais

## Torthaí Airgeadais don bhliain 2021

### Brabús agus Caillteanas - Príomhghluaiseachtaí




B'ionann agus €1,321.5m an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021, is é sin méadú €491.9m i gcomparáid leis an méid comhréireach de €829.6m in 2020.

Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an mhéadaithe sin ar bhrabúis:

- Méadú ar "Glanghnóthachain arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais" mar gheall ar dhíolacháin mhéadaithe urrús arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc Ceannais.
- Méadú ar "Glanioncam eile" de bharr méaduithe ar phionóis airgeadaíochta na rialála airgeadais agus ar thobhach maoiniúcháin tionscail i leith rialáil airgeadais agus de bharr laghdú ar ús ar dhliteanais scéime pinsin.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Arna fhritháireamh ag:

- Laghdú ar "Ghlanioncam Úis" de dheasca caiteachais mhéadaithe ar iasachtú OASF, ioncam níos ísle agus caiteachais níos airde ar urrúis i bpunann an bheartais airgeadaíochta, úis níos ísle mar gheall ar dhíolacháin urrús sa Phunann Speisialta agus sealúcháis níos ísle i bpunann CGA toisc bannaí a bheith ag teacht in aibíocht.
- Laghdú ar "Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta" mar gheall ar mhéadú ar an nglaníocaíocht dlite don BCE, i gcomparáid le 2020, a bhaineann go príomha le hiasachtú méadaithe OASF ar fud an Eurochórais.
- Laghdú ar "Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus Leasa Rannpháirteachais" de dheasca dáileadh brabúis laghdaithe ón BCE i gcomparáid le 2020 mar gheall ar laghdú ar a bhrabúis fhoriomlána.

## Clár Comhardaithe

B'ionann Sócmhainní/Dliteanais Iomlána an Chláir Chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2021 agus €204.2bn, méadú €62.8bn ar an iarmhéid comhréireach de €141.4bn in 2020.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Sócmhainní an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí




Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an mhéadaithe sin ar Shócmhainní an Chláir Chomhardaithe:

- Tháinig méadú ar chuntais chúlchiste institiúidí creidmheasa agus, dá thoradh sin, tháinig méadú ar "Éilimh laistigh den Eurochóras".
- Méadú ar "Iasachtú le hInstitiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro i ndáil le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta" mar gheall ar thabhairt isteach oibríochtaí OASF-III agus an ráta speisialta úis ar na hoibríochtaí sin.
- Méadú ar "Urrúis in euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro" go mór mór mar gheall ar mhéadú ar shealúchais Beartais

Siar go "Clár na nÁbhar"

Airgeadaíochta de bharr ceannacháin mhéadaithe faoi phunann an Chláir Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime (PEPP).

- Méadú ar "Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nah Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad" mar gheall ar leithdháileadh ginearálta CSTanna ag an CAI agus ar mar gheall ar mhéadú ar thaiscí airgeadra eachtraigh.

## Dliteanais an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí




Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an mhéadaithe sin ar Dhliteanais an Chláir Chomhardaithe:

- Méadú ar "Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro" mar gheall ar thabhairt isteach an chórais dhá leibhéal maidir le luach saothair i

Siar go "Clár na nÁbhar"

leith cúlchistí sa chaoi go mbíonn institiúidí creidmheasa ábalta cúlchistí a shealbhú ina bhfuil róleachtacht suas le 6 huaire níos mó ná a gceanglas cúlchiste íosta, gan muirir úis a thabhú.

- Méadú ar "Dliteanais in euro do Chónaitheoirí Eile an Limistéir Euro" mar gheall ar mhéadú ar thaiscí rialtais.
- Méadú ar "Contrapháirtí na gCeart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI" de bharr leithdháileadh ginearálta CSTanna ag an CAI.

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú).

# Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin

## Réamhrá

Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc Ceannais in alt 5A d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú). Leagtar amach feidhmeanna Choimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) in alt 18B den Acht lena bhforáiltear go mbainisteoidh agus go rialóidh an Coimisiún gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC).

## Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc Ceannais. Tá a chuid téarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus is sna téarmaí tagartha sin a leagtar amach an bealach is fearr chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.

Foráiltear in alt 18F den Acht go bhféadfar aon cheann d'fheidhmeanna reachtúla arna ndílsiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus ar mhaithe le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Coimeádfaidh an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann d'fheidhmeanna agus de chumhachtaí an Bhainc Ceannais arna dtarmligean chuige ó am go ham ag an gCoimisiún a fheidhmiú i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún Plean um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) i ndáil le haon tarmligean a rinneadh.

Tá formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún agus tá an Plean maidir le sannadh na bhfreagrachtaí sin (a ndearnadh an t-athbhreithniú is déanaí air i mí Iúil 2019) formheasta aige. Tá an Coimisiún cuntasach i gcónaí i maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc Ceannais (seachas na cinn sin ar ina leith a thugtar freagracht don Ghobharnóir amháin) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás ina mbeidh cumhacht sannta i gcomhréir leis an bPlean, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe sa sannadh maidir le feidhmiú na cumhachta sin.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc Ceannais (ar leith ó fheidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, formheasann sé straitéis an Bhainc Ceannais agus athbhreithníonn sé cur chun feidhme na straitéise sin ar bhonn leathbhliantúil.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais an Choimisiúin i gCuid III den Acht. Anuas air sin, faoi Alt 32J den Acht, tá an Banc Ceannais freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais agus iniúchóirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE).

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras um rialú inmheánach sa Bhanc Ceannais, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc Ceannais a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúir iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúchóireachta agus na hIniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus comhaltaí de lucht bainistíochta an Bhainc Ceannais le chéile go rialta chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlíne Chuntasaíochta CEBC (an Treoirlíne), agus i gcás ina bhfuil sí sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais, agus tá an Coimisiún sásta go raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama.[19]

Tá gach beart glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a shuíomh go raibh iniúchóirí reachtúla an Bhainc Ceannais ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

---

[19] Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34) arna leasú.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí ex-officio seo a leanas:

- An Gobharnóir (Cathaoirleach)
- An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)
- An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta)
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

De bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhaltaí.

Sa tábla thíos, tá liosta de na comhaltaí a bhí ar an gCoimisiún i rith 2021 mar aon lena gcuid dátaí ceapacháin nó athcheapacháin (féadfar comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh go ceann téarma breise amháin):

| **Comhaltaí den Choimisiún** | **Dáta Ceapacháin (nó Athcheapacháin)** |
|---|---|
| Gabriel Makhlouf* | 1 Meán Fómhair 2019 |
| Patricia Byron[20] | 1 Eanáir 2019 |
| Shay Cody | 1 Nollaig 2020 |
| Sharon Donnery*[21] | 1 Márta 2021 |
| John Hogan*[22] | 8 Meitheamh 2021 |
| Sarah Keane | 1 Nollaig 2020 |
| David Miles | 1 Nollaig 2020 |
| Niamh Moloney | 11 Meán Fómhair 2018 |
| Derek Moran*[23] | 15 Iúil 2014 |
| Ed Sibley* | 1 Meán Fómhair 2017 |
| John Trethowan | 11 Meán Fómhair 2018 |

** Comhaltaí ex-officio*

Tá an comhaltas seo i gcomhréir leis an gceanglas chun aird a thabhairt ar scileanna, ar éagsúlacht agus ar mheascán inscne ar Bhoird Stáit mar a leagtar amach san Iarscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ioncuimsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

---

[20] Ceapadh Patricia Byron ar dtús ar an 1 Eanáir 2014, agus athcheapadh í ar an 1 Eanáir 2019.

[21] Ceapadh Sharon Donnery ar dtús ar an 1 Márta 2016, agus athcheapadh í ar an 1 Márta 2021.

[22] Is é John Hogan Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais.

[23] Tháinig deireadh le téarma Derek Moran mar chomhalta den Choimisiún ar an 7 Meitheamh 2021 toisc gur éirigh sé as mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais ar an dáta sin.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Coistí an Choimisiúin

I mí Eanáir 2021, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar struchtúir a fhochoistí. D'fhormheas sé go gcoinneofaí an Coiste Iniúchóireachta agus an Coiste Riosca ar bun, go ndí-bhunófaí an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus go mbunófaí dhá choiste nua - Coiste Luacha Saothair agus Coiste Mórthionscadal (beidh an dara ceann le bunú ar dháta níos déanaí, nuair a bheidh an Straitéis nua forbartha agus curtha i gcrích). Ba iad seo a leanas na coistí a bhí ar bun ag deireadh na bliana:

- An Coiste Iniúchóireachta
- An Coiste Luacha Saothair
- An Coiste Riosca.

## An Coiste Iniúchóireachta

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Iniúchóireachta agus bíonn trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Nollaig 2021, ba iad Patricia Byron (an Cathaoirleach), John FitzGerald agus Shay Cody comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta.

Bhunaigh an Coimisiún an fochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le nithe a bhaineann le riosca airgeadais, rialú agus rialachas. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas dearbhuithe a thugtar don Choimisiún.

## An Coiste Luacha Saothair

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste Luacha Saothair le linn 2021 agus bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin air. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2021: Niamh Moloney (an Cathaoirleach), Sarah Keane agus David Miles.

Bhunaigh an Coimisiún an fochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le beartas luacha saothair, agus luach saothair.  Bunaíodh é tar éis don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na fochoistí i mí Eanáir 2021. Glacann sé chuige féin na freagrachtaí maidir le luach saothair a bhíodh á gcomhall roimhe sin ag an gCoiste Buiséid agus Luacha Saothair ar cuireadh deireadh leis in 2021. Déantar míreanna buiséadacha a bhreithniú go díreach anois ar leibhéal an Choimisiúin.

## An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Riosca ar a bhfuil seachtar comhaltaí - ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin, beirt chomhaltaí feidhmiúcháin (Leas-Ghobharnóir na Baincéireachta Ceannais agus Leas-Ghobharnóir na Rialála Stuamachta) agus an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí. Ba iad seo a

Siar go "Clár na nÁbhar"

Ieanas comhaltaí an Choiste Riosca amhail ar an 31 Nollaig 2021: John Trethowan (an Cathaoirleach), Patricia Byron, Sharon Donnery, David Miles, Niamh Moloney, Gerry Quinn agus Ed Sibley.

Bhunaigh an Coimisiún an fochoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith: infheistiú shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais, beartais agus cleachtais infheistíochta, neamhchosaintí riosca agus straitéis a athbhreithniú, faireachán ar riosca oibriúcháin agus riosca leanúnachais ghnó agus maoirseacht ar bhainistíocht riosca sa Bhanc Ceannais. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas dearbhuithe a thugtar don Choimisiún.

## Sceideal Freastail

Leagtar amach thíos an sceideal freastail do na cruinnithe den Choimisiún agus den Choiste in 2021.

| Comhalta den Choimisiún | Coimisiún | An Coiste Iniúchóireachta | An Coiste Riosca | An Coiste Luacha Saothair | Comhchruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus den Choiste Riosca |
|---|---|---|---|---|---|
| Gabriel Makhlouf | 9/9 | - | - | - | - |
| Patricia Byron | 9/9 | 4/4 | 2/2 | - | 1/1 |
| Shay Cody | 9/9 | 3/4 | - | - | 1/1 |
| Sharon Donnery | 9/9 | - | 6/6 | - | 1/1 |
| John Hogan | 4/5 | - | - | - | - |
| Sarah Keane | 9/9 | - | - | 1/1 | - |
| David Miles | 9/9 | - | 6/6 | 1/1 | 1/1 |
| Niamh Moloney | 9/9 | - | 5/6 | 1/1 | 1/1 |
| Derek Moran | 4/4 | - | - | - | - |
| Ed Sibley | 8/9 | - | 5/6 | - | 1/1 |
| John Trethowan | 9/9 | 4/4 | 6/6 | - | 1/1 |

## Athruithe ar Chomhaltas

D’éirigh Derek Moran as mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais in 2021. Tháinig John Hogan i gcomharbas air nuair a ceapadh mar Ard-Rúnaí é ar an 8 Meitheamh 2021 agus, dá bhrí sin, tháinig sé chun a bheith ina chomhalta den Choimisiún ón dáta sin. Rinneadh Sharon Donnery a athcheapadh mar Leas-Ghobharnóir na Baincéireachta Ceannais ar an 1 Márta 2021 agus, dá bhrí sin, fanann sí mar chomhalta den Choimisiún.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nochtadh Faisnéise arna cheangal faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 8 - "Caiteachais Iomlána":

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe
- Costais Chomhairleachta
- Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí Dlíthiúla
- Caiteachas Taistil agus Cothaithe
- Caiteachas Fáilteachais
- Luach saothair agus caiteachais arna n-íoc le comhaltaí an Choimisiúin in 2021.

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód glactha ag an gCoimisiún, oiriúnaithe in imthosca áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a chinntiú go gcuirfear forálacha ábhartha i bhfeidhm maidir leis an gCód. Sa chomhthéacs sin, tá measúnú déanta ar gach foráil, agus tá an fhoráil á cur i bhfeidhm, nó á glacadh, nó á hoiriúnú faoi láthair ag an mBanc Ceannais, d'fhonn ceanglais reachtúla an Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Measadh nár bhain forálacha áirithe leis an mBanc Ceannais.

I gcás ina ndéanfar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh forálacha áirithe infheidhme, beidh an cás amhlaidh d'fhonn córas reachtúil an Bhainc Ceannais a shainaithint. In Acht 1942, foráiltear do chóras reachtúil an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear an caidreamh a bheidh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

**Patricia Byron**
Comhalta den Choimisiún

5 Aibreán 2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

I mí Aibreáin 2017, chinn an Coimisiún go nglacfaí forálacha áirithe den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an Cód). I gcásanna áirithe, oiriúnaíodh an Cód chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais.

I gcomhréir leis an gCód, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú maidir le feidhmiú Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais don tréimhse tuairiscithe bhliantúil, dar chríoch an 31 Nollaig 2021. Thar ceann an Choimisiúin, deimhnímid ár bhfreagracht fhoriomlán as Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais, as ailíniú ceaptha an chórais sin lenár bhfonn riosca formheasta agus leis na próisis dearbhaithe a bunaíodh chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheasúnú.

Cuimsíonn Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais sraith fhairsing beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseachta. Is í aidhm an chórais sin a áirithiú go bhfuil bearta comhréireacha i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as comhlíonadh shainordú fadréimseach reachtúil an Bhainc Ceannais agus as cuspóirí Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais. Ní fhéachann na bearta rialaithe seo le rioscaí a dhíchur (toisc nach bhféadfar é sin a dhéanamh). Ina ionad sin, féachann siad le dearbhú réasúnach (seachas dearbhú iomlán) a thabhairt in aghaidh caillteanas, earráid nó mainneachtain ábhartha.

Chun a áirithiú go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha ar comhréir leis na rioscaí a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu, tá próiseas comhréireach um shainaithint agus measúnú riosca bunaithe ag an gCoimisiún lena mbreithnítear an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn agus na himpleachtaí ionchasacha oibriúcháin, airgeadais agus clú. Le linn 2021, fuair an Coimisiún agus a chuid fochoistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar riosca oibriúcháin, airgeadais, agus straitéiseach agus maidir le gnéithe éagsúla de Chóras na Rialuithe Inmheánacha, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an chórais ina iomláine trí nós imeachta tuarascála bliantúla. Ba iad na rannáin seo a leanas sa Bhanc Ceannais a d'ullmhaigh na tuarascálacha sin: an Rannán um Rialachas Inmheánach, an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) agus an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD). Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbhreathnú thíos léiriú cruinn ar stádas Chóras na Rialuithe Inmheánacha a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Ina theannta sin, i gcomhréir leis na trí líne cosanta, tacaítear le hoibriú Chóras na Rialuithe Inmheánacha chun a áirithiú go gcuirtear creataí formheasta bainistíochta riosca de chuid an Choimisiúin i bhfeidhm go córasach, lena n-áirítear dúshlán treallúsach do na rannáin chéadlíne, ar bhonn sceidealaithe timthriallach, chun a áirithiú go bhfuil comhsheasmhacht ann ó thaobh riosca a shainaithint agus a ghrádú agus chun tuairisciú rioscaí in ord tosaíochta a éascú.

Sa ráiteas seo, leagtar amach an fhaisnéis a bhaineann le Córas na Rialuithe Inmheánacha sa Bhanc Ceannais lena n-áirítear príomhghnéithe na timpeallachta rialaithe, sainaithint agus measúnú riosca, príomhghníomhaíochtaí rialaithe, faireachán ar riosca agus ar rialuithe agus athbhreithniú bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha.

## Príomhghníomhaíochtaí an Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún maoirsiú ar chur chun feidhme raon leathan gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go maolófaí go héifeachtach aon rioscaí do ghnóthú na gcuspóirí sin, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na gníomhaíochtaí rialaithe seo á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc Ceannais lena gcuimsítear rialú a chuid sócmhainní airgeadais, fisiceacha agus faisnéise, a chuid próiseas gnó, agus a thimpeallacht teicneolaíochta, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann gach ceann díobh le dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil cuspóir rialaithe ar leith bainte amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear:

- **Creat Rialachais:** Doiciméad Creata Rialachais chun na socruithe rialachais sa Bhanc Ceannais a chomhdhlúthú agus a chur in iúl go soiléir mar a shonraítear thuas; struchtúr eagraíochtúil agus coiste atá ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc Ceannais agus ina bhfuil línte freagrachta agus leibhéil údaráis atá sainithe go soiléir; Beartas Corparáideach lena sainítear a bhfuil i gceist le Beartas Corparáideach agus lena gcuirtear ar fáil clár de Bheartais Chorparáideacha ina sainaithnítear an t-údarás ábhartha formheasa; agus doiciméad ina sonraítear róil agus freagrachtaí na gceannairí sinsearacha agus ina leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm agus a thacaíonn le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais.
- **Príomhoibleagaidí Reachtúla an Bhainc Ceannais:** I gcomhréir leis an gCód, tugadh liosta de na hoibleagáidí is tábhachtaí reachtúla agus rialachais atá ag an mBanc Ceannais, mar aon le tuairisc ina sainaithnítear, ar ardleibhéal, an reachtaíocht is infheidhme, sannadh freagrachtaí agus conas a dhéantar faireachán ar chomhlíonadh.

Siar go "Clár na nÁbhar"

- **Bainistíocht Acmhainní Daonna:** Creat rialachais d'acmhainní daonna ina n-áirítear plean arna fhormheas ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní a chur ar fáil, beartas earcaíochta, cláir fhoirmiúla oiliúna don fhoireann, breithmheas bliantúil feidhmíochta agus nósanna imeachta ábhartha eile chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oilte go leordhóthanach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Airgeadais:** Pleanáil airgeadais agus próisis um buiséadú bliantúil arna bhformheas ag an gCoimisiún, le córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe cuntas iníoctha, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht agus ón gCoimisiún ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc Ceannais.
- **Bainistíocht Riosca:** Creataí cuimsitheacha don bhainistíocht riosca lena n-áirítear riosca oibriúcháin agus bainistíocht teagmhas ar fud na hoibríochta, bainistíocht riosca airgeadais a bhaineann le sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais agus oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus bainistíocht fhoriomlán an Chláir Chomhardaithe.
- **Bainistíocht Calaoise:** Beartais agus nósanna imeachta um bainistíocht riosca caolaoise ina leagtar amach go soiléir freagrachtaí maidir le rioscaí caolaoise a shainaithint, agus an cur chuige maidir le teagmhais calaoise nó teagmhais calaoise amhrasta laistigh den Bhanc Ceannais a thuairisciú agus a imscrúdú.
- **Leanúnachas Gnó:** Creat chun a áirithiú go mbeidh an Banc Ceannais in ann teagmhais shuaiteacha a bhainistiú, áitribh theagmhasacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.
- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Gníomhaíochtaí rialaithe lena n-áirítear creat sainithe rialachais chun athrú ábhartha a bhainistiú laistigh den Bhanc Ceannais, ar creat é ina n-ionchorpraítear nósanna imeachta maidir le bainistíocht athruithe agus bainistíocht tionscadal, formheas infheistíochta agus beartú tosaíochta maidir le hinfheistíocht.
- **Cosaint Sonraí:** Bearta rialaithe atá ceaptha a chinntiú go gcosnófar cearta príobháideachta daoine i gcomhréir le ceanglais rialála ábhartha.
- **Slándáil Fhisiciúil agus Faisnéise:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, áitribh agus sócmhainní fisiceacha agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraithe, ar chaillteanas nó ar chontúirt de bharr timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla. Ina theannta sin, tá straitéis agus plean níos fadtéarmaí forbartha ag an Rannán um Bainistíocht Faisnéise agus

Siar go "Clár na nÁbhar"

Teichneolaíochta chun a áirithiú gur féidir le teicneolaíochtaí an Bhainc Ceannais tacú i gcónaí le cuspóirí an Bhainc Ceannais a bhaint amach.

- **Iniúchóireacht Inmheánach:** Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúchóireachta Inmheánaí a mbaineann úsáid as plean inmheánach riosca-bhunaithe iniúchóireachta, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhormheas ag an gCoiste Iniúchóireachta.
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha a chothabháil maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta do Choiste Iniúchóireachta an Choimisiúin.

## Timpeallacht Rialaithe

Ar phríomhghnéithe na timpeallachta rialaithe arna bunú ag an gCoimisiún, áirítear: struchtúr cuimsitheach rialachais, cód iompair eiticiúil leabaithe, róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach i bPlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais.

Tá an Cód oiriúnaithe ag an mBanc Ceannais i gcásanna áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Dá bharr seo, tá líon teoranta mínithe tugtha ag an mBanc Ceannais i gcás ina raibh air foráil ar leith den Chód a oiriúnú. D'ainneoin an méid sin thuasluaite, creideann an Banc Ceannais go bhfuil cuspóirí an Chóid bainte amach aige i ndáil le timpeallacht láidir rialaithe trí bhithín bearta sonracha reachtúla nó rialachais.

I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc Ceannais a bhfuil bord reachtúil aige, an Coimisiún, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra.  Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú.
- A áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc Ceannais comhtháite agus comhordaithe.
- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Faoin Acht, tugtar cumhacht don Choimisiún feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean don Ghobharnóir, do Leas-Ghobharnóir,

Siar go "Clár na nÁbhar"

do Choiste de chuid an Choimisiúin nó d'fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ní féidir leis an gCoimisiún aon fheidhm de chuid an Bhainc Ceannais a tharmligean do choiste más rud é go gceanglaítear le foráil den Acht go gcomhlíonfaidh an Gobharnóir an fheidhm sin. Déantar tarmligean den sórt seo ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus chun a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhall go cuí. Dá bhrí sin, tá formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún. Tá cumhacht tugtha do gach duine de na daoine thuasluaite gníomhú thar ceann an Bhainc Ceannais chun na feidhmeanna, cumhachtaí agus freagrachtaí a shanntar dóibh ó am go ham a chomhall, lena n-áirítear tuairimí a fhoirmiú, cinntí a ghlacadh, gníomh a dhéanamh, agus cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais arna dtarmligean ó am go ham a fheidhmiú. Beidh an duine dá sanntar freagracht as feidhm a chomhlíonadh freagrach don Ghobharnóir as comhlíonadh na feidhme sin. Déanann an Coimisiún, trí bhíthin a thrí fhochoiste (An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luacha Saothair agus an Coiste Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid fochoistí leagtha amach i dTéarmaí Tagartha ar leithligh.

I mí Eanáir 2021, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar struchtúir a fhochoistí. D'fhormheas sé go gcoinneofaí an Coiste Iniúchóireachta agus an Coiste Riosca ar bun, go ndí-bhunófaí an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus go mbunófaí dhá choiste nua - Coiste Luacha Saothair agus Coiste Mórthionscadal (beidh an dara ceann le bunú ar dháta níos déanaí, nuair a bheidh an Straitéis nua forbartha agus curtha i gcrích). Ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta, áirítear maoirseacht agus athbhreithniú ar an Ráiteas Cuntas, na hiniúchóirí seachtracha, iniúchóireacht inmheánach agus bainistíocht riosca, comhlíontacht agus rialú inmheánach, agus maoirseacht rialachais. Ar fhreagrachtaí an Choiste Riosca, áirítear an t-athbhreithniú ar neamhchosaintí riosca reatha agus straitéis bainistíochta riosca de chuid an Bhainc Ceannais, agus faireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh. Ar fhreagrachtaí an Choiste Luacha Saothair, áirítear maoirseacht ar an mbeartas luacha saothair, agus ar luach saothair. Glacann sé chuige féin na freagrachtaí maidir le luach saothair a bhíodh á gcomhall roimhe sin ag an gCoiste Buiséid agus Luacha Saothair, ar cuireadh deireadh leis in 2021. Déantar nithe buiséadacha a bhreithniú anois go díreach ar leibhéal an Choimisiúin.

D'fhormheas an Coimisiún Creat Rialachais lena mbunaítear creat láraithe don Bhanc Ceannais ina leagtar amach struchtúir eagraíochtúla rialachais. Déantar iad seo a dhoiciméadú sa Chreat agus leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear ról na gcoistí traseagraíochtúla. Ina

Siar go "Clár na nÁbhar"

theannta sin, áirítear sa Chreat clár Beartas Corparáideach a bhfuil teimpléid agus treoir ábhartha mar thaca leo, agus clár agus treoir do Mheabhrán Tuisceana.

Áirítear sa Chreat, struchtúr coistí inmheánacha agus struchtúr inmheánach feidhmiúcháin a dhéanann maoirseacht. Tá Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) ann ar leibhéal feidhmiúcháin a gcuirtear de chúram air maoirseacht a dhéanamh agus dúshlán a thabhairt ar fud na n-aicmí riosca go léir agus nithe a bhaineann le comhlíonadh inmheánach agus iompar. Tacaíonn coistí eile ar leibhéal feidhmiúcháin le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais, mar atá leagtha amach sa chreat.

Leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla a shannadh laistigh den Bhanc Ceannais. Sainítear freagrachtaí bainistíochta agus foirne trí bhíthin chreat cuimsitheach próifíle róil agus córas bainistíochta feidhmíochta. Is é an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, i gcomhar leis an gCoimisiún, a shonraíonn cuspóirí uileghabhálacha (leibhéal eintitis) an Bhainc Ceannais laistigh de Phlean Straitéiseach trí bliana. Tá Plean Straitéiseach ag an mBanc Ceannais don tréimhse 2019-2021. Formheasann an Coimisiún an Plean Straitéiseach agus cuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais é. Tá an Plean Straitéiseach don tréimhse 2019-2021 leagtha amach ina dhá chuid. I gcuid a haon, leagtar amach cuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais de réir mar atá siad ailínithe le cúig théama straitéiseacha, mar atá Athléimneacht a Neartú, Brexit, Cosaint Tomhaltóirí a Neartú, Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt agus Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú. I gcuid a dó den Phlean Straitéiseach, leagtar amach cuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais faoina chuspóirí reachtúla agus faoina chuspóirí eagraíochtúla agus athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018. Tá próiseas sainithe eagraíochtúil ag an mBanc Ceannais chun an dul chun cinn i dtreo ghnóthú chuspóirí an Phlean Straitéisigh a chur chun feidhme agus a thuairisciú agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sin. Faoin gCreat um Chur Chun Feidhme agus um Fhaireachán Straitéise (SIM), léirítear na gníomhaíochtaí atá mar bhonn taca ag gach cuspóir straitéiseach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo ghnóthú na ngníomhaíochtaí sin. Faoi Chreat SIM, sanntar cuspóirí straitéiseacha do chomhaltaí an Choiste Ardcheannaireachta (SLC). Tuairisciú cisealta deaise a bhíonn i gceist, áit a bhfaightear tuairisc chun dáta ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gach cuspóir straitéiseach ó úinéir SLC an chuspóra sin. Déantar é seo a achoimriú ansin chun forbhreathnú a thabhairt ar an dul chun cinn iomlán atá déanta maidir le gach téama straitéiseach agus gach cuspóir reachtúil agus, ar an gcaoi sin, cumasaítear don Bhanc Ceannais measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá an Plean Straitéiseach á bhaint amach. Maidir le rialachas Chreat SIM, déanann an SLC agus an Coiste Ceannaireachta Feidhmiúcháin

Siar go "Clár na nÁbhar"

athbhreithniú leathbhliantúil ar dheaiseanna achoimre gach ceann de na téamaí straitéiseacha agus na cuspóirí reachtúla. Déanann an Coimisiún athbhreithniú leathbhliantúil freisin ar SIM. Ó tharla gurb í 2021 an bhliain deiridh faoin bPlean Straitéiseach reatha, rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn agus ar stádas chur i gcrích Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais 2019-2021 agus rinne an Coiste Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus an Coimisiún measúnú ar an athbhreithniú sin.

Anuas air sin, déanann an Coimisiún maoirseacht i gcónaí ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc Ceannais, Cód a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice i measc bhaill foirne agus oifigigh an Bhainc Ceannais a áirithiú. Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún Beartas Inmheánach Sceithireachta agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mBeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil d'fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc Ceannais gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta air.

## Sainaithint agus Maolú Riosca

Is gné lárnach d'oibriú éifeachtach Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc Ceannais ar leibhéal fiontair agus ar leibhéal rannáin araon.

## Creat Foinn Riosca

Tá Creat formheasta Foinn Riosca (RAF), lena n-áirítear folamhpháltais i leith phríomhrioscaí an Bhainc Ceannais, mar bhonn eolais faoin measúnú a dhéantar ar neamhchosaintí riosca. Sonraítear sa RAF seo an leibhéal riosca agus na cineálacha riosca atá inghlactha don Bhanc Ceannais le linn dó a chuid cuspóirí a shaothrú. Ó thaobh cúrsaí rialachais de, déantar athbhreithnithe ráithiúla ina mbreithnítear an phróifíl riosca le hais na dtairseach atá leagtha amach i RAF. I dteannta le RAF, tá ceanglas ann a áirithiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú go beacht, toisc go gcuireann sé seo bonn ar fáil lenar féidir neamhchosaintí próifíle riosca a chur i gcomparáid le RAF agus, ar an gcaoi sin, is féidir aon athruithe atá ina n-ábhar imní ó thaobh bainistíocht riosca de nó aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní amhlaidh a chinneadh.  Cuireadh siar athbhreithniú bliantúil 2021 ar RAF de bharr athbheartú tosaíochtaí agus tabharfar chun críche é in 2022. Ar a shon sin, leantar den Chreat Foinn Riosca arna fhormheas ag an gCoimisiún a fheidhmiú agus tuairiscítear air ar bhonn ráithiúil.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Measúnú Riosca Straitéisigh

Ar leibhéal fiontar ó bharr anuas, tugtar faoi Mheasúnú Riosca Straitéisigh (SRA) go tréimhsiúil, arb é is aidhm dó rioscaí straitéiseacha a shainaithint a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais mar a leagtar amach ina Phlean Straitéiseach iad. Léirítear in SRA comhairle ón Rannán um Riosca Eagraíochtúil do pháirtithe sinsearacha leasmhara. Tar éis an Straitéis nua a fhorbairt, tá modheolaíocht don SRA á sainiú agus, uaidh sin, ullmhófar SRA lena athbhreithniú ag an gCoimisiún ag tús L2 de 2022.

## Féinmheasúnú ar Rialú Riosca

Ó bhun aníos, tá an creat riosca oibriúcháin ceaptha comhordú comhsheasmhach a éascú ar shainaithint agus ar mheasúnú riosca agus rialaithe do na rannáin go léir sa Bhanc Ceannais. Sa chur chuige arna fhormheas ag an gCoimisiún, cuimsítear próiseas measúnaithe riosca agus rialaithe do na rannáin (RCSA). Le RCSA, áirithítear go mbunaíonn agus go gcothabhálann gach rannán sa Bhanc Ceannais clár caighdeánaithe de neamhchosaintí ábhartha riosca oibriúcháin. Déantar sraith iomlán de chláir riosca na rannán a chothabháil, a athbhreithniú, agus a thuairisciú don RMC agus don Choiste Riosca.

I dteannta leis na RCSAanna, bíonn clár teagmhas ag na rannáin, agus déantar aon teagmhais oibriúcháin arna rangú mar theagmhais mheánacha nó níos airde a chur faoi bhráid an Choiste Riosca. Glacann an Banc Ceannais cur chuige 'milleán ar bith' maidir le teagmhais chun nach spreagfar tearcthuairisciú ar theagmhais. Déantar anailís bunchúise ar gach teagmhas ina sainaithnítear deiseanna chun an timpeallacht rialaithe a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, chun an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas athuair a íoslaghdú.

Ceanglaítear ar gach rannán clár riosca agus rialuithe atá cothrom le dáta a chothabháil. Ina theannta sin, tugann ORD faoi nós imeachta tréimhsiúil rioscabhunaithe um dhearbhú cáilíochta, dá dtagraítear rannpháirtíochtaí Riosca Neamhairgeadais (NFR), chun na rioscaí sainaitheanta agus éifeachtacht na rialuithe a bhailíochtú. Chun críocha an nós imeachta seo, athbhreithníonn agus ceistíonn ORD a bhfuil sna cláir agus cinntíonn sé go gcuimseofar aon ghníomhartha ceartaitheacha is gá i bplean bainistíochta riosca an rannáin. Deimhníonn Ceannasaí an rannáin lena mbaineann agus an stiúrthóir iomláine a gcuid clár mar chuid den nós imeachta seo um dhearbhú cáilíochta le ORD. Tá athbhreithniú déanta ag an RMC ar thuarascálacha ar stádas na rioscaí rannáin agus tá breithniú déanta aige ar na gníomhartha atá glactha ag an lucht bainistíochta chun gníomhartha feabhais a chur chun feidhme agus chun rialuithe a fheabhsú le linn na tréimhse tuairiscithe, agus bhí maoirseacht bhreise ann ó Choiste Riosca an Choimisiúin.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Próiseálann an Banc Ceannais sonraí pearsanta le linn dó roinnt dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlionadh, agus próiseálann sé sonraí pearsanta i ndáil le fostaíocht foirne agus lena rannpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998-2018 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), leagtar amach na hoibleagáidí éagsúla a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá Beartas um Chosaint Sonraí, Creat Oibríochtúil um Shonraí Pearsanta agus nósanna imeachta oibríochtúla gaolmhara forbartha ag an mBanc Ceannais chun comhlíonadh na gceanglas seo a áirithiú. Iontu sin, cuirtear síos ar na róil agus freagrachtaí a bhaineann le cosaint sonraí, agus leagtar amach an chaoi ina ndéantar na príomhphrionsabail maidir le cosaint sonraí a chur chun feidhme sa Bhanc Ceannais. I gcomhréir le ceanglais GDPR, tá Oifigeach um Chosaint Sonraí (DPO) ceaptha ag an mBanc Ceannais, agus tá an méid seo a leanas i gceist leis an ról sin; comhairle a thabhairt maidir le sonraí, faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta agus na gceanglas éagsúil um chosaint sonraí, comhordú a dhéanamh ar aon teagmhais a bhaineann le cosaint sonraí, freagraí a thabhairt ar iarrataí ar rochtain agus tuairisciú go rialta do choistí maoirseachta.

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, d'aithin an Banc Ceannais go raibh gá le feabhas breise a chur ar a bhearta rialaithe i leith coinneáil sonraí pearsanta agus i leith na maoirseachta ar thríú páirtithe a phróiseálann sonraí pearsanta thar a cheann. Cuireadh tús le bearta spriocdhírithe feabhais i leith na ngnéithe sin den Chreat Oirbíochtúil um Shonraí Pearsanta, agus tugadh an t-eolas is déanaí don RMC agus do Choiste Riosca an Choimisiúin maidir le stádas na mbeart sin.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar chreat tiomanta um measúnú riosca airgeadais. Bíonn an creat um measúnú riosca airgeadais ag díriú go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh chur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus bhreithnigh sé moltaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis na lamháltais atá leagtha amach ina Ráiteas Foinn Riosca formheasta.

Oibríonn an Banc Ceannais Beartas Corparáideach Soláthair (an Beartas) atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an mBeartas seo agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Tá an Beartas i gcomhréir le prionsabail na rialacha agus treoirlínte soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ach amháin i leith tairiscintí iomaíocha le haghaidh earraí agus seirbhísí faoi bhun Thairseach AE (€214,000). Sa chás sin, chinn an Banc Ceannais go mbeadh pointe tosaigh €50,000 seachas €25,000 ann mar thairseach do Thairiscintí Náisiúnta ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht oibriúcháin. Bíonn trí mheastachán i scríbhinn de dhíth le haghaidh tairiscintí soláthar/seirbhíse idir €5,000 agus €50,000.

In imthosca teoranta áirithe, féadfar conarthaí a dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairisceana:

- I gcás ina bhforáiltear sna rialacha soláthair do dhíolúine/d'eisceacht ábhartha, nó
- In imthosca eisceachtúla, e.g. gur lú an luach ná tairseach AE agus nach bhfuil aon leas trasteorann i gceist.

Meastar gur "conarthaí neamhchomhlíontacha" iad aon chonarthaí eile a dhámhtar gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairisceana agus tuairiscítear iad go tréimhsiúil don Choiste Buiséid & Airgeadais agus don Choiste Iniúchóireachta. Níor dhámh an Banc Ceannais aon chonarthaí neamhchomhlíontacha in 2021. Le linn 2021, níor tabhaíodh aon chaiteachas ar an aon chonradh neamhchomhlíontacha amháin a bhí ann cheana (2020: €0.02m thar dhá chonradh). Is ionann é sin agus 0.00% de chaiteachas geallta an Bhainc Ceannais (2020: 0.03%). Leanfaidh an conradh eile go dtí deireadh a théarma nuair a bheidh na seirbhísí curtha i gcrích. Tá miondealú ar na conarthaí neamhchomhliontacha seo sa tábla thíos.

I bhfianaise mhórthábhacht an chonartha, chinn an Banc Ceannais i mí Aibreáin 2020 go ndámhfadh sé conradh le haghaidh Óstáil Ionaid Sonraí agus Seirbhísí Bainistithe gan dul ar iontaoibh nós imeachta iomaíoch mar gheall ar dhálaí 'fíorphráinne' (de bhun Rialachán 32(2)(c) de I.R. Uimh. 284 de 2016) de bharr éigeandáil COVID-19. D'fhoilsigh an Banc Ceannais Fógra Trédhearcachta Ex-Ante Saorálach (VEAT) an 3 Lúnasa 2020 inar cuireadh in iúl go soiléir go raibh sé i gceist aige conradh nua a dhámhachtain. B'ionann an caiteachas ar an gconradh seo agus €10,183,673 (gan CBL a áireamh) in 2021 agus €1,106,635 (gan CBL a áireamh) le linn na tréimhse ón 17 Samhain go dtí an 31 Nollaig 2020.

Siar go "Clár na nÁbhar"

*Tábla 1.1 Cur síos ar Chonarthaí Neamhchomhlíontacha*

| An fáth le dír-dhámhachtain | Líon na gconarthaí 2021 | Caiteachas €2021 | Líon na gconarthaí 2020 | Caiteachas €2020 |
|---|---|---|---|---|
| Cosc ar phróiseas tairiscintí iomaíocha de bharr chineál íogair nó rúnda na hoibre | 1* | 0 | 1 | 0 |
| Tar-rolladh conartha reatha go dtí go dtabharfar próiseas tairisceana chun críche | 0 | 0 | 2 | 24,369 |
| Tar-rolladh conartha reatha a leanfaidh go dtí deireadh a théarma | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **1** | **0** | **3** | **24,369** |

**Ag deireadh 2021, ba é seo an t-aon chonradh dír-dhámhachtana amháin a bhí fágtha (arna dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas tairisceana).*

## Athbhreithniú agus Faireachán ar Rioscaí agus Rialuithe

Chun a áirithiú go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha ag oibriú de réir a chuid ionchas, tá nósanna imeachta neamhspleácha um dhearbhú bunaithe ag an gCoimisiún chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Bhainc Ceannais. Is é IAD go príomha a thugann faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus faireacháin.

Tuairiscíonn IAD go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhtheoranta aige ar an lucht Bainistíochta agus ar chomhaltaí an Choimsiúin. Bíonn gníomhaíochtaí IAD faoi stiúir ag Cairt na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúchóireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann IAD measúnú ar chomhlíonadh bheartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialachán infheidhme, agus cuireann sé dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bainistíochta riosca, Chóras na Rialuithe Inmheánacha agus na bpróiseas rialaithe trí iniúchóireachtaí rialta a dhéanamh.

Déanann IAD a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Sna tuarascálacha sin, leagtar béim ar laigí, más ann dóibh, i gCóras na Rialuithe Inmheánacha agus cláraítear na bearta comhaontaithe ceartaitheacha a ghlacfar i gcás ina meastar gur gá sin. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna n-ardú ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go nglacfar gníomhartha iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna sin.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coimisiun athbhreithniú ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha sa Bhanc Ceannais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe ar

Siar go "Clár na nÁbhar"

éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Aibreáin 2022. San athbhreithniú sin ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha, áiríodh an méid seo a leanas:

- Breithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón Rannán um Riosca Eagraíochtúil ina leagtar amach neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibriúcháin agus breithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ar ghnéithe eile de Chóras na Rialuithe Inmheánacha arna gcur ar fáil ag an Rannán um Rialachas Inmheánach.
- Obair an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach agus a chuid tuarascálacha agus fionnachtana a bhreithniú.
- Forbhreathnú ar thuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le stádas thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais agus stádas saincheisteanna arna gcur in iúl roimhe seo ina chuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúchóirí seachtracha.
- Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais arna sainaithint ag na hiniúchóirí seachtracha a bhreithniú.
- Breithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha éifeachtacha a chothabháil le linn tionchar phaindéim COVID-19 a bhainistiú:
    - Tá athruithe ar an tsamhail oibre mar fhreagairt ar ghéarchéim Covid-19 agus a cuid iarmhairtí (saol oibre amach anseo) á mbainistiú laistigh de thionscadal struchtúrtha um bainistiú athruithe, faoi mhaoirsiú feidhmeannach sinsearach.
    - Lean an Banc Ceannais dá chreataí bainistíochta riosca go léir a fheidhmiú i gcomhthéacs na cianoibre fadaithe. Áiríodh sa mhéid sin, go ndéanfadh an rannán dara líne gníomh um dhearbhú cáilíochta i leith rioscaí calaoise le linn 2021, agus go bhforbrófaí samhail um Maireachtáil le COVID le haghaidh oibríochtaí margaidh atá criticiúil ó thaobh ama de.
    - Leanadh de bhéim a leagan ar chultúr éifeachtach riosca a chothú, trí chascáidí riosca ó stiúrthóirí agus ón lucht bainistíochta, trí oiliúint do chomhordaitheoirí riosca, agus trí thionscnaimh leanúnacha maidir le feasacht ar shlándáil faisnéise.

Bunaithe ar an méid sin thuas, measann an Banc Ceannais go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 éifeachtach.

**Gabriel Makhlouf**
**An Gobharnóir**

**Patricia Byron**
**Comhalta den Choimisiún**

5 Aibreán 2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 41 mar chuid de na cuntais seo.

# CUNTAS LEITHGHABHÁLA BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam Úis | 2 | **1,017,413** | **946,432** |
| Úschostas | 2 | **(214,019)** | **(60,265)** |
| Glanioncam úis | 2 | **803,394** | **886,167** |
| Glan-ghnóthachain réádaithe a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais | 3 | **1,273,644** | **652,206** |
| Díluachálacha sócmhainní agus staideanna airgeadais | 3 | **(13,054)** | **(131,121)** |
| Aistriú chuig soláthairtí | 3 | **(502,214)** | **(398,447)** |
| Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí | 3 | **758,376** | **122,638** |
| Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin | 4 | **3,258** | **3,262** |
| Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteachais | 5 | **14,385** | **37,122** |
| Glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta | 6 | **(166,015)** | **(80,742)** |
| Glanioncam eile | 7 | **264,182** | **201,024** |
| *Ioncam ón tobhach maoiniúcháin* | | 192,001 | 174,401 |
| *Eile* | | 72,181 | 26,623 |
| **GLANIONCAM IOMLÁN** | | **1,677,580** | **1,169,471** |
| Caiteachais foirne | 8 | **(255,800)** | **(232,122)** |
| Caiteachais oibriúcháin eile | 8 | **(77,429)** | **(81,972)** |
| Dímheas | 8 | **(15,033)** | **(14,609)** |
| Amhábhair um tháirgeadh airgeadra | 8 | **(7,851)** | **(11,159)** |
| **CAITEACHAIS IOMLÁNA** | 8 | **(356,113)** | **(339,862)** |
| **BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, GNÓTHACHAN/(CAILLTEANAS) ACHTÚIREACH AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS** | | **1,321,467** | **829,609** |
| Glanghluaiseacht ar ghnóthachain neamhréadaithe | 32 | **(1,662,206)** | **(240,523)** |
| Aistrithe chuig cuntais athluachála | 32 | **1,662,206** | **240,523** |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an scéim pinsin | 30 | **261,851** | **(216,134)** |
| Aistriú brabús coimeádta chuig cúlchiste ginearálta | 33 | **(515,745)** | **(163,906)** |
| Aistriú ó chúlchistí | 33 | **-** | **216,134** |
| **BARRACHAS IONCAIM IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE** | **9, 29** | **1,067,573** | **665,703** |

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

5 Aibreán 2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2021

| SÓCMHAINNÍ | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Ór agus infháltais óir | 10 | **492,855** | **299,039** |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad | 11 | **10,847,854** | **5,747,665** |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí de chuid an limistéir euro | 12 | **189,539** | **229,401** |
| Éilimh in euro ar chónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad | 13 | **1,904,463** | **2,263,577** |
| Iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro i ndáil le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 14 | **21,048,400** | **7,288,900** |
| Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro | 15 | **2,489,097** | **3,988,928** |
| Urrúis in euro de chuid chónaitheoirí an limistéir euro | 16 | **79,219,600** | **72,776,455** |
| *Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta* | | 61,903,311 | 49,533,972 |
| *Urrúis Eile* | | 17,316,289 | 23,242,483 |
| Éilimh laistigh den Eurochóras | | **85,514,733** | **46,974,026** |
| *Leas rannpháirteachais sa BCE* | 17 | 226,940 | 216,609 |
| *Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha* | 18 | 683,175 | 683,175 |
| *Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)* | 19 | 84,604,618 | 46,074,242 |
| Sócmhainní eile | 20 | **2,459,935** | **1,839,518** |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **204,166,476** | **141,407,509** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 41 mar chuid de na cuntais seo.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

5 Aibreán 2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2021

| DLITEANAIS | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Nótaí bainc i gcúrsaíocht | 22 | **24,061,535** | **22,349,697** |
| Dliteanais d'institiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 23 | **108,147,764** | **62,073,627** |
| Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro | 24 | **1,779,277** | **3,101,460** |
| Dliteanais in euro do chónaitheoirí eile de chuid an limistéir euro | 25 | **31,239,889** | **19,229,123** |
| Dliteanais in euro do chónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad | 26 | **10,580** | **186,200** |
| Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithroinnt ag an CAI | 27 | **5,044,920** | **913,917** |
| Dliteanais a bhaineann le leithroinnt nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras | 28 | **20,219,846** | **19,599,173** |
| Dliteanais eile | 29 | **1,517,401** | **958,969** |
| Sochair scoir | 30 | **663,141** | **868,570** |
| Soláthairtí | 31 | **1,806,231** | **1,304,420** |
| Cuntais athluachála | 32 | **4,176,055** | **5,838,261** |
| Caipiteal agus cúlchistí | 33 | **5,499,837** | **4,984,092** |
| **Dliteanais iomlána** | | **204,166,476** | **141,407,509** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 41 mar chuid de na cuntais seo.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

5 Aibreán 2022

Siar go "Clár na nÁbhar"

# Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

## Nóta 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

### (a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma "an Banc Ceannais", aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc Ceannais ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Airgeadais. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc Ceannais laistigh de chreat CEBC mar aon lena raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí.[24] Ceanglaítear faoi Airteagal 27.1 de Reacht CEBC agus BCE go gceapfar iniúchóirí neamhspleácha seachtracha.

### (b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe sa Treoirlíne.[25] [26] Ullmhaítear Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc Ceannais.[27] Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is

---

[24] An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 27 mBanc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2021 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma 'an tEurochóras' do na 19 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta le BCE amhail ar an dáta céanna.

[25] Is í an Chomhairle Rialaithe príomhchomhlacht cinnteoireachta BCE. Tá sé chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin uirthi mar aon le gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na 19 dtír atá sa limistéar euro.

[26] Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE/2016/34) arna leasú.

[27] Is iad seo a leanas na príomhreachtanna lena rialaítear an Banc Ceannais: Achtanna an Bhainc Ceannais, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Sna *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943*, foráiltear do ríomh bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais gach bliain agus íoctar an ioncam barrachais sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d'Acht an Bhainc Cheannais 1942. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach freisin agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear Reacht CEBC agus BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe de chuid an AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta de chuid CEBC.

Siar go "Clár na nÁbhar"

infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc Ceannais idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe.

b. Níl gá le ráiteas ar shreafaí airgid.

c. Áirítear soláthar i leith rioscaí airgeadais faoin mír dliteanais "Soláthairtí".

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil an Treoirlíne tostach i ndáil le hionstraimí airgeadais, leanann an Banc Ceannais ceanglais alt 11 agus alt 12 ina iomláine faoi FRS 102. I Nóta 1 (n) "Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta", cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó measúnachta leo. Déantar sócmhainní airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear na glanmhéideanna in iúl sa Ráiteas Cuntas nuair atá ceart is infheidhmithe le dlí ann na méideanna atá sainaitheanta a fhritháireamh agus nuair a bheartaítear réiteach a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach.

## (c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta BCE glactha ag an mBanc Ceannais. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne.

### (i) *Cuntasaíocht Dáta Trádála*[28]

Sonraítear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as "gnáthchur chuige" nó as "cur chuige malartach". Baineann an Banc Ceannais úsáid as an gcur chuige malartach agus, dá bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteannais a

---

[28] Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).

Siar go "Clár na nÁbhar"

thaifeadadh ar an dáta socraíochta (go hiondúil an dáta trádála móide dhá lá oibre), seachas an gnáthchur chuige trína ndéantar idirbhearta a thaifeadadh ar an dáta trádála.[29]

### (ii) *Iarmhéideanna laistigh den CEBC*

Eascraíonn iarmhéideanna laistigh den CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann san AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú i TARGET2 - an tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 19(i)), agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha astu i gcuntais TARGET2 de chuid BCNanna an AE.

Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha sin a ghlanluacháil agus a shannadh ansin don BCE ar bhonn laethúil, sa chaoi nach mbíonn ach suíomh glan déthaobhach aonair ag gach BCN i leith BCE amháin. Iarmhéideanna in-Eurochórais de chuid an Bhainc Ceannais i leith BCE arna n-eascairt as TARGET2, mar aon le hiarmhéideanna in-Eurochórais eile arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta, riaradh oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt laistigh den Eurochóras lena n-áirítear aisíocaíochtaí i dtaca le Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais mar shuíomh glansócmhainne aonair nó mar shuíomh glandliteanais aonair agus nochtar faoi "Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)" (Nóta 19) iad. Iarmhéideanna laistigh den CEBC seachas BCNanna lasmuigh den limistéar euro nach n-eascraíonn as TARGET2, déantar iad a nochtadh faoi "Dliteanais in euro do Chónaitheoirí eile de chuid an Limistéir Euro" (Nóta 25) agus faoi "Dliteanais in euro do Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad" (Nóta 26) faoi seach.

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi "Dliteanais a bhaineann le Dáileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(iv), Nóta 22, Nóta 28).

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais sa BCE, tuairiscítear iad faoi "Leas Rannpháirteachais sa BCE" (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 17).

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as aistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi "Éilimh atá

---

[29] BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den Chlár Comhardaithe a aisiompú agus iontrálacha laistigh den Chlár Comhardaithe a thaifeadadh.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha" (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 18).

### (iii) *Scála Caipitil*

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa BCE atá a shealbhú ag gach ceann de BCNanna CEBC faoi seach. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit an AE agus is cumasc 50:50 é den Olltáirgeacht Intíre agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad BCNanna CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Is gá suibscríbhinní a choigeartú freisin i gcás ina n-imeoidh BCN as CEBC. Tharla an coigeartú deireanach an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht as an AE. Dá thoradh sin, tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa BCE ó 1.1754% go dtí 1.3772%.

An dara scála, "Scála caipitil an Eurochórais", arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa an Eurochórais ó 1.6883% go dtí 1.6934% tar éis do RA imeacht as AE.

### (iv) *Nótaí bainc i gCúrsaíocht*

Bíonn nótaí bainc euro á n-eisiúint ag BCE agus ag BCNanna an limistéir euro a dhéanann suas an tEurochóras i dteannta a chéile.[30] Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN.[31]

Tá scair 8% de luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht leithdháilte ar BCE fad atá 92% leithdháilte ar na BCNanna i gcomhréir lena n-ualuithe i scála caipitil BCE. Déantar an scair de na nótaí bainc a leithdháiltear ar gach BCN a nochtadh faoin mír dliteanais "Nótaí bainc i gCúrsaíocht" (Nóta 22) ar an gClár Comhardaithe.

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha in-Eurochórais as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i

[30] Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26, arna leasú.

[31] Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a eascraíonn as scair BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8%) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92%).

Siar go "Clár na nÁbhar"

gcúrsaíocht iarbhír. I gcás easnaimh san eisiúint maidir le scála leithdháilte nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)" (Nóta 1(c)(ii), Nóta 19). I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dliteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "Dliteanais laistigh den Eurochóras (glan): dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(ii), Nóta 28). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil.[32] Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi "Glanioncam Úis" (Nóta 2) sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

### (v) *Leithdháiltí ag BCE*

Chinn an Comhairle Rialaithe go mbeadh sé seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhraíonn sé: ioncam seigniorage BCE a eascraíonn as scair 8% de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar BCE agus an t-ioncam a eascraíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP), agus (e) Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime (PEPP). Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfaidh BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis.[33] Déantar é a dháileadh ina iomláine mura mó é ná glanbhrabús BCE don bhliain agus faoi réir aon chinntí ag an gComhairle Rialaithe chun aistrithe a dhéanamh i leith rioscaí airgeadais. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim arna thabhú ar nótaí bainc euro i gcursaíocht.

Cuirtear an méid arna dháileadh ar na BCNanna in iúl sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi "Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus Leasa Rannpháirteachais" (Nóta 5(i), Nóta 19(ii)).

### (vi) *Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta*

An méid d'ioncam airgeadaíochta gach BCN de chuid an Eurochórais, i.e. an glanioncam a thuilltear ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír ó na sócmhainní comharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanas a thomhas.

---

[32] Cinneadh ón BCE 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna Ballstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, lch.26.

[33] Cinneadh (AE) 2015/1195 ón BCE an 2 Iúl 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam BCE (BCE/2015/25).

Siar go "Clár na nÁbhar"

Tá an bonn dliteanas déanta suas de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro: glandliteanais in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais in-Eurochórais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro i ndáil le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh in-Eurochórais atá coibhéiseach le haistriú cúlsóchmainní eactracha chuig BCE; glanéilimh in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET2; éilimh in-Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha, meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.[34, 35, 36, 37]

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú leis an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú, nó a asbhaint as, de réir mar is iomchuí.

---

[34] Cinneadh (AE) 2009/522 ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009.

[35] Cinneadh (AE) 2011/17 ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011.

[36] Cinneadh (AE) 2015/744 ón BCE an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.

[37] Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh iarbhír arna thuilleamh ar bhannaí institiúide idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsaítear.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais "Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta" a thaifeadtar sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6(i)).

I gcás ina dtabhóidh BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

### (vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 1992 agus in alt 5B d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc Ceannais "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc Ceannais méid a bhí coibhéiseach le €424.8m chuig BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis BCE leis an méid sin. Aistríodh €683.2m san iomlán ón 1 Eanáir 1999 i leith. An t-éileamh arna eascairt as seo ar BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 18).

### (viii) *Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe*

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den Chlár Comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sna cuntais athluachál ar bhonn gach urrúis ar leith.

Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi "Sócmhainní Eile" (Nóta 20) nó faoi "Dliteanais Eile" (Nóta 29) i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear

Siar go "Clár na nÁbhar"

lena n-úsáid ag CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Déantar conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thaifeadadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a shainaithint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais, faoi "Glanionacam Úis" (Nóta 2).

### (ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc Ceannais na hurrúis sin faoi raon feidhme an chláir ceannaigh do CCBC3, agus fuair sé urrúis fiachais faoi raon feidhme CMU, PSPP, agus PEPP.[38, 39, 40, 41] Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(ii), Nóta 16(i)). Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir a lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú. Tacaíonn an Treoirlíne leis an gcur chuige cuntasaíochta seo.

### (X) Cearta Speisialta Tarraingthe ('CSTanna') agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (an 'CAI')

Déileáltar le CSTanna mar airgeadra chun críocha cuntasaíochta agus déantar iad a nochtadh faoi "Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad" (Nóta 11(ii)).

Is cúlsócmhainní idirnáisiúnta iad CSTanna, arna gcruthú ag an CAI, a bhfuil Éire ina ball de. Sainítear CSTanna i dtéarmaí ciseán airgeadraí agus cinntear a luach trí shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig phríomhairgeadra (dollar SA, Euro, Renminbi na Síne, Yen na Seapáine agus Steirling).

Déantar suíomh airgeadra shealúchais CSTanna a chomhshó in euro trí úsáid a bhaint as ráta comhshó an euro i leith CSTanna amhail ar an dáta deiridh den tréimhse tuairiscithe.

Déantar dliteanas an Bhainc Ceannais don CAI i leith leithdháileadh CSTanna d'Éirinn a chur in iúl mar "Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag an CAI" (Nóta 27). Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CST an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh

---

[38] Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L 335, 22.10.2014, lch. 22.
[39] Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.
[40] Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.
[41] Cinneadh ón BCE an 18 Márta 2020 lena mbunaítear clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (BCE/2020/17), IO L 91, 25.03.2020, lch. 1.

Siar go "Clár na nÁbhar"

mhalartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin de thoradh íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháiltí CST.

*(xi) Cistí infheistíochta inmhargaidh*

Maidir le cistí infheistíochta inmhargaidh, i gcás nach ndéanann an Banc idirghabháil sna cinntí a bhaineann le ceannach nó díol na sócmhainní foluiteacha, déantar iad a luacháil ar phraghsanna margaidh ar bhonn glanchiste (Nóta 1(j)(ii)). Ní cuid den suíomh airgeadra foriomlán iad na cistí seo arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ach is cuid de shealúchas airgeadra ar leith iad. Nochtar iad i "Sócmhainní Eile" (Nóta 20 (ii), (iii)). Níl glanluacháil idir torthaí athluachála na gcistí éagsúla infheistíochta inmhargaidh.

*(xii) Oibríochtaí spriocdhírithe fadtéarmacha ('OASF')*

Is ionann OASFanna agus oibríochtaí margaidh oscailte arna gcur i gcrích ag an Eurochóras. Is é is aidhm dóibh leachtacht atá níos fadtéarmaí ná oibríochtaí athmhaoinithe eile a sholáthar d'institiúidí creidmheasa (Nóta 14).

Tá airleacain uile OASF urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras.[42] De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanais ó iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheidh ann san Eurochóras ag an am. I gcás comhthaobhacht shonrach a fhéadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag Comhairle Rialaithe BCE (Nóta 34).

Ní fhéadfaidh caillteanais teacht chun cinn ach amháin i gcás ina dteipfidh ar an gcontrapháirtí agus i gcásn nach leor aisghabháil na gcistí a gheofar ó réiteach na comhthaobhachta a bheidh curtha ar fáil ag an gcontrapháirtí.

**Aitheantas tosaigh**

Déantar OASFanna a thaifeadadh ag luach ainmniúil an idirbhirt. Tuairiscítear idirbhearta ar dháta socraíochta an idirbhirt lena mbaineann faoi "Iasachtú le hInstitiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro i ndáil le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro" (Nóta 14).

**Tomhas ina dhiaidh sin**

Níl na hiasachtaí sin faoi réir athluachála agus déantar iad a mheasúnú maidir le lagú nuair a aithnítear táscairí den sórt sin. I gcás ina measúnófar

[42] Tá na comhthaobhachtaí formheasta liostaithe ar shuíomh gréasáin BCE ar: http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html

Siar go "Clár na nÁbhar"

iasachtaí nó taiscí aonair mar iasachtaí nó taiscí lagaithe, chuirfí i gcuntas iad i gcomhréir le hAirteagal 32.4 de Reacht CEBC, mar a thuairiscítear thuas.

**Ús is infhaighte agus iníoctha**
Ús a fhabhraítear de réir ráta úis comhaontaithe an idirbhirt. Áirítear fabhruithe i "Sócmhainní Eile" (Nóta 20(i)) nó "Dliteanais Eile" (Nóta 29(ii)). I gcás iasachtaí comhthaobhaithe, ní fhabhraítear cúpón na comhthaobhachta foluití toisc gur le húineir an urrúis í agus déanfaidh an t-úinéir sin í a thaifeadadh ar a gclár comhardaithe (d'fhéadfadh eisceacht a bheith i gceist i gcás idirbhearta athcheannaigh/idirbhearta athcheannaigh droim ar ais). Ba cheart fabhruithe a ríomh ar an mbonn a úsáidtear sa mhargadh inar seoladh an t-idirbheart. Ceadaítear modh lá tosaigh nó lá deiridh na bhfabhruithe. Baineann an Banc Ceannais úsáid as modh lá deiridh na bhfabhruithe.

### *(xiii) Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (an 'BIS')*
Nochtar scaireanna sa BIS faoi "Sócmhainní Eile" (Nóta 20 (viii)) agus déantar iad a luacháil i gcomhréir leis an Treoir trí úsáid a bhaint as rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 1 (j)(ii)).

Déantar díbhinn a fhaightear ar scaireanna arna sealbhú sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta a thaifeadadh mar "Ioncam ó Scaireanna Cothromais agus ó Leasanna Rannpháirteachais" (Nota 5).

### *(xiv) Leas rannpháirteachais sa BCE*
Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana nó i gcás ina n-imeoidh BCN as CEBC (Nóta 17).

Folaítear sa leas rannpháirteachais scála an Bhainc Ceannais le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE, mar aon leis na glanmhéideanna a íocann nó a fhaigheann an Banc Ceannais de bharr méadú nó laghdú ar a sciar i luach cothromais BCE de thoradh na gcoigeartuithe go léir roimhe sin ar scála caipitil BCE,

### *(xv) Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile*
Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile, seasann siad do shócmhainní agus dliteanais a nochtar ar luach ainmniúil arna gcomhshó de réir ráta malairte eachtraí an mhargaidh (Nóta 11, Nóta 12, Nóta 13, Nóta 15, Nóta 25, Nóta 29).

## (d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Siar go "Clár na nÁbhar"

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhraithe.

## (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreachta

**Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe**

(i) *Tomhas*

Déantar Maoin, Gléasra, Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha, ní dhéantar athluacháil orthu agus bíonn siad faoi réir lagú.

*(ii) Dímheas*

Déantar dímheas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Baineann an Banc Ceannais úsáid as meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais. Le linn déanamh amhlaidh, féadfaidh gclaonfaidh an saol úsáideach measta ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

**Maoin, Gléasra agus Trealamh**

| | |
|---|---|
| Áitreabh | - 20 - 50 bliain |
| Gléasra agus Innealra | - 5 - 15 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | - 3 - 5 bliana |
| Trealamh Eile | - 5 bliana |
| Troscán, Feistis agus Daingneáin | - 5 bliana |

**Sócmhainní Doláimhsithe**

| | |
|---|---|
| Bogearraí Ríomhaireachta | - 3 - 5 bliana |

(iii) *Lagú*

Déantar athbhreithniú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i leith lagú má thugann teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh a suim ghlanluacha inghnóthaithe.

(iv) Dí-aithint

Déantar MGT nó Sócmhainní Doláimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh siad diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as a ndiúscairt amach anseo. D'eascródh gnóthachain nó caillteanais as an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chaillteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na

Siar go "Clár na nÁbhar"

sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne amhail ar dháta an idirbhirt.

### (v) Sócmhainní á dTógáil

Maidir le sócmhainní dochta a chomhlíonann critéir chaipitlithe ach atá fós á dtógáil nó á bhforbairt, déantar iad a thaifeadadh faoin gceannteideal 'Sócmhainní á dTógáil'. Déantar na costais ghaolmhara a aistriú chuig an gceannteideal iomchuí le haghaidh sócmhainní dochta a luaithe a bheidh na sócmhainní ar fáil lena n-úsáid.

**Sócmhainní Oidhreachta**

Tá bailiúchán ealaíne ag an mBanc Ceannais nach n-aithnítear ina chuntais bhliantúla ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 21(i)(d)).

## (f) Sochair Scoir

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc Ceannais, faigheann comhaltaí foirne buana an Bhainc Ceannais na sochair aoisliúntais chéanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc Ceannais na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlite. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003*. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc Ceannais an tráth sin (Willis), aistríodh €400m ó acmhainní an Bhainc Ceannais chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim Pinsin do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus cé is moite de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin i leith na príomhscéime. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc Ceannais tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime sa todhchaí (Nóta 30). Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a mbainean an téarma céanna leo agus atá ag na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an

Siar go "Clár na nÁbhar"

chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 8, Nóta 30(i)) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 7, Nóta 30(i)). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dliteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta.[43]Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 29(i), Nóta 30(ii)).

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghais, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. Leagtar amach i Nóta 30 na toimhdí sin is bonn do dhliteanais agus do chostais pinsn 2021.

### (g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc Ceannais monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais (lena n-áirítear forchostais áitiúla) a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na  nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Déantar costas táirgthe monaí a ghearradh ar an gCúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 25(ii)). In alt 14A den *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta* 1998, (arna chur isteach le halt 137 den *Acht Airgeadais* 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a aisíoc leis an mBanc Ceannais.

### (h) Airgeadra Feidhme agus Tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhme agus tuairiscithe an Bhainc Ceannais. Idirbhearta cuntasaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotráta ar dháta an Chláir Chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 32).

---

[43] Bíonn Banc Ceannais na hÉireann ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais le linn dó monaí euro a tháirgeadh agus a eisiúint. Tugtar an seigniorage ar fad a fhaightear ar ais don Státchiste. Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## (i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta agus áirítear iad faoi "Glanioncam Úis" (Nóta 2).

## (j) Beartas Luachála

(i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 32). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

(ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith, ach amháin más infheistíochtaí, go príomha, iad na hurrúis seo i gcistí cothromais a luacháiltear ar bhonn glan. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh (MÓM), déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 11(i)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).

I gcomhréir leis an Treoirlíne is infheidhme maidir le hionstraimí cothromais inmhargaidh, déantar athluacháil infheistíochtaí i gcistí cothromais ar bhonn glan seachas ar bhonn scair leithleach. Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála (Nóta 1(c)(xi)(k)).

Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i

Siar go "Clár na nÁbhar"

gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo sa chuntas athluachála.

(iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagú. Déantar athbhreithniú um lagú ar bhonn bliantúil (Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).

(iv) Déantar ór a luacháil ar mheánphraghas scoir margaidh (Nóta 10, Nóta 32).

(v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc Ceannais a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite atá ar áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraithe i leith na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraithe). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 11(i)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).

### (k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir a ríomh faoi threoir meánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc Ceannais (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Tugtar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús, nó ar bhonn glan i leith cistí cothromais. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a dtugtar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe sa todhchaí.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## (l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc Ceannais sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais.

Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ann an chomaoin a thabhairt ar ais (Nóta 24, Nóta 26(ii)). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc Ceannais. Coinníonn an Banc Ceannais formhór na rioscaí agus luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais (Nóta 11(i)(c), Nóta 12(i), Nóta 13(ii), Nóta 15(i)) ach ní áirítear iad i sealúchais urrús an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais.

Eascraíonn ioncam úis nó úschostas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála as comhaontuithe athcheannaigh agus comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais. Déileáltar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh nó an praghas ceannaigh agus athdhíola mar ioncam úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(v)).

## (m) Soláthairtí

### *(i) Lagú*

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 31). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní aonair).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc Ceannais, ar dháta an Chláir Chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhófar caillteanais lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos

Siar go "Clár na nÁbhar"

mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis ("teagmhas caillteanais") agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

(i) Rédhliteacht ó thaobh íocaíocht príomhshuime nó íocaíocht úis.

(ii) Deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí.

(iii) Tús a chur le socrú um athstruchtúrú fiachais.

(iv) Meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh.

(v) Íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéal inghlactha.

(vi) Dálaí díobhálacha eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar dhalaí tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc Ceannais cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar bhonn aonair ar urrúis atá suntasach ar bhonn aonair, agus gur tharla lagú ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann ar urrúis nach bhfuil suntasach ar bhonn aonair. Má chinneann an Banc Ceannais nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis arna measúnú ar bhonn aonair, cibé acu an urrúis shuntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheasúnú le chéile i ndáil le lagú.

Urrúis a mheasúnaítear ar bhonn aonair maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir glanráta bunaidh úis de chuid an urrúis.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús arna measúnú le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheasúnú ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 3(iii), Nóta 31(ii)).

Siar go "Clár na nÁbhar"

*(ii) Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais*

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc Ceannais, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí airgeadais.

Tá an soláthar seo bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach a bheadh ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc Ceannais ar a neamhchosaint ar an riosca seo, agus raon tosca á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithneofar scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 3(iii), Nóta 31(i)).

*(iii) Soláthar um Athstruchtúrú*

Is éard is athstruchtúrú ann clár arna bheartú agus arna rialú ag an mbainistíocht, ar clár é a athraíonn go bunúsach réimse an ghnó a dhéanann eintiteas nó an chaoi ina ndéantar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais ghinearálta do sholáthairtí.

Déanann an Banc Ceannais cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 31(iii)).

**(iv) Soláthar i leith Riosca Contrapháirtí in Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta de chuid an Eurochórais**

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir na Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE sa bhliain inar tharla an lagú tosaigh.

## (n) Meastacháin agus Breithniúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Cuntas:

- Lagú: (Nóta 1(j)(iii),(m)(i), Nóta 3(iii))
- Soláthairtí: (Nóta 31)
- Rátaí dímheasa: (Nóta 1(e)(ii), Nóta 21)

Siar go "Clár na nÁbhar"

- Luacháil ar an Scéim Pinsin le Sochar Sainithe: (Nóta 30)
- Luacháil ar an bPunann Speisialta: (Nóta 1(j)(ii)(v), Nóta 16(ii)(a)(i))
- Ioncam Tobhaigh: (Nóta 39 (ii)).

## (o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943.* Féadfaidh an Banc Ceannais suas go 20% ar a mhéad den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a chur chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 9, Nóta 29(i)).

## (p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

### *Tomhas Tosaigh*

Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar costas ar dtús, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i "Sócmhainní Eile" (Nóta 20(vii)).

### *Tomhas ina dhiaidh sin*

Réadmhaoin infheistíochta a bhféadfar a luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar í a thomhas ar luach cóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana. Déantar laghduithe ar luach cóir a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

### *Ioncam Cíosa*

Tugtar cuntas in ioncam cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in "Glanioncam Eile" (Nóta 7(iv)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

## q) An Príomh-Chlár Creidmheasa

Bíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR), bunachar sonraí náisiúnta um fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa, á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais faoin Acht um Thuairisciú Chreidmheasa 2013 agus faoi rialacháin ghaolmhara. Níor cheart go mbeadh oibriú an CCR ag an mBanc Ceannais ina bhun le brabús nó caillteanas agus, dá bhrí sin, déantar na

Siar go "Clár na nÁbhar"

costais go léir a bhaineann leis a fháil ar ais trí tháillí a mhuirearú ar na Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna). Déantar táillí a mhuirearaítear ar CIPanna i leith tuarascálacha creidmheasa a thaifeadadh in "Glanioncam Eile" (Nóta 7(iii)).  Déantar costais foirne agus costais eile go léir (lena n-áirítear leithdháileadh costas neamhdhíreach) a áireamh laistigh de na haicmí costais ábhartha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Chun a chinntiú nach n-éireoidh brabús nó caillteanas as oibriú an CCR, déanfar aon chostais nach bhfuarthas ar ais go fóill trí ioncam ó tháillí a léiriú i gcuntas sócmhainne an CCR in Sócmhainí Eile (Nóta 7(iii), Nóta 20(x)).

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 2: Glanioncam Úis

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Taiscí Institiúidí Creidmheasa (i) | 316,144 | 129,768 |
| Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii) | 244,016 | 262,872 |
| Urrúis – MÓM (iii) | 153,186 | 208,698 |
| Taiscí Rialtais (i) | 139,703 | 136,275 |
| Urrúis – CGA (iv) | 137,531 | 192,018 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh (v) | 12,197 | 10,145 |
| CST (vi) | 7,039 | 1,891 |
| Ioncam Taisce (vii) | 5,831 | 682 |
| Eile (viii) | 1,008 | 3,518 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (v) | 400 | 161 |
| Ioncam ón gCiste Cúitimh Árachais (ix) | 288 | 268 |
| Ioncam Chiste Ranníocach SRT (x) | 70 | 136 |
| **Ioncam Úis** | **1,017,413** | **946,432** |
| | | |
| Oibríochtaí Margaidh Oscailte (xi) | (165,804) | (31,474) |
| Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii) | (19,790) | (3,429) |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (v) | (19,214) | (15,626) |
| Caiteachais Babhtálacha (xii) | (6,614) | (8,159) |
| Eile (xiii) | (1,837) | (814) |
| Taiscí (xiv) | (760) | (762) |
| Comhaontuithe Athcheannaigh (v) | - | (1) |
| **Úschostas** | **(214,019)** | **(60,265)** |
| | | |
| **Iomlán** | **803,394** | **886,167** |

(i) I mí an Mheithimh 2014, thug BCE ráta diúltach isteach ar an tsaoráid taisce a mbíonn feidhm aige maidir le taiscí áirithe arna sealbhú leis an mBanc Ceannais. I Meán Fómhair 2019, tháinig laghdú 10 mbonnphointe ar an ráta úis diúltach ar an tsaoráid taisce ó -0.4% go dtí -0.5%. Thuill an Banc Ceannais ioncam úis ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa agus ar thaiscí Rialtais arbh ionann é agus €316.1m (2020: €129.8m) agus €139.7m (2020: €136.3m) faoi seach. Leanann an Banc Ceannais d'ús a ghearradh ar na taiscí sin suas le tairseach chomhaontaithe de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 23, Nóta 25).[44]

### Taiscí Institiúidí Creidmheasa

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Cuntais reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) | 269,735 | 95,488 |
| Saoráid taisce | 46,409 | 34,280 |
| **Iomlán** | **316,144** | **129,768** |

[44] Is é 0.0% an rata úis imeallaigh atá á úsaid faoi láthair ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

Siar go "Clár na nÁbhar"

(ii) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus déantar é a mhiondealú mar seo a leanas (Nóta 1(c)(ix), Nóta 16(i)):

### Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---:|---:|
| PSPP | 219,900 | 220,017 |
| CMU | 13,899 | 30,985 |
| CBPP3 | 10,217 | 11,870 |
| PEPP | (19,790) | (3,429) |
| **Iomlán** | **224,226** | **259,443** |

I mí an Mhárta 2020, sheol an tEurochóras PEPP. Folaíonn ceannacháin faoin PEPP na sócmhainní go léir ata incháilithe faoin APP agus roinnt sócmhainní breise, lena n-áirítear sócmhainní na hearnála poiblí a mbeidh aibíocht 70 lá ar a laghad fágtha orthu (seachas aon bhliain amháin faoin PSPP).

Léiríonn an t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2021 leibhéil ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár agus na torthaí coibhneasta ar na sócmhainní (Nóta 16(i)).

Áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh san ioncam ar na hurrúis a shealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta.

(iii) Baineann an mhír seo le hioncam úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais.

B'ionann agus €141.5m an t-ioncam arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú sa Phunann Speisialta (2020: €192.5m). Cuimsíonn an phunann urrús seo bannaí ráta chomhlúthaigh agus fuarthas í tar éis leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) i mí Feabhra 2013. Freagraíonn an laghdú ar ús arna thuilleamh ar an bPunann Speisialta do mheán-iarmhéideanna níos ísle de thoradh díolachán le linn na tréimhse (Nóta 16(ii)(a)).

Tháinig laghdú ar ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis (seachas an phunann speisialta) i bpunanna MÓM go dtí €11.7m (2020: €16.2m). Tá an laghdú seo inchurtha do thorthaí laghdaithe ar infheistíochtaí airgeadra eachtraigh de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear punann dhollar Shingeapór (SGD), punann dhollar SA (USD), punann dhollar na hAstráile (AUD) agus punann Renminbi na Síne (CNY), mar aon le torthaí diúltacha méadaithe ar infheistíochtaí euro.

(iv) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí atá aicmithe mar bhannaí a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Laghaigh an t-ús arna thuilleamh ar

Siar go "Clár na nÁbhar"

na hurrúis sin go dtí €137.5m (2020: €192.0m) mar thoradh ar chinneadh a ghlac an Banc Ceannais chun méid CGA a laghdú mar chuid dá straitéis infheistíochta (Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).

(v) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh nó le hús arna thabhú ag an mBanc Ceannais mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann na t-ioncam nó na caiteachais a ghintear don difríocht idir praghsanna díola agus athcheannaigh / praghsanna ceannaigh agus díola ina dhiaidh sin (Nóta 1(l), Nóta 11(i)(b), Nóta 12(i), Nóta 13(ii), Nóta 15(i), Nóta 24, Nóta 26(ii)).

(vi) Baineann an méadú ar ioncam CST go príomha le leithdháileadh acmhainní ar Chuntas Teagmhasach Speisialta na hÉireann (SCA-1) agus le coigeartuithe a bhaineann le muirir iarchurtha ar an gCuntas Riartha arna shealbhú leis an CAI. Ghlac Éire páirt i ndá chlár um fhaoiseamh ó fhiachas mar chuid den Tionscnamh le haghaidh Tíortha a bhfuil Fiachais Ollmhóra orthu (HIPC) i Márta 2020 agus i Meitheamh 2021 agus úsáid á baint as SCA-1 agus as na cistí um muirir iarchurtha arbh ionann iad agus €6.5m (CST5.4m). Tá ioncam €6.5m (CST5.4m) don bhliain 2021 aitheanta ag an mBanc Ceannais. Áirítear féichiúnaí comhfhreagrach in "Sócmhainní Eile" in 2021 (Nóta 20(ix)).

(vii) Baineann ioncam taisce go príomha le hioncam arna thuilleamh ar thaiscí airgeadra eachtraigh. Tá an laghdú ar ioncam go dtí €5.8m (2020: €0.7m) inchurtha go priomha do mhéadú ar thaiscí CNY agus USD in 2021 (Nóta 11(i)(b)).

(viii) Tá an laghdú ar Ioncam Éile go dtí €0.9m (2020: €3.5m inchurtha go príomha do laghdú ar ioncam úis a bhaineann le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí agus do laghdú ar ioncam maoiniúcháin USD (Nóta 36(ii)).

(ix) Baineann sé seo le hioncam ón gCiste Cúitimh Árachais (Nóta 29(iv)).

(x) Baineann sé seo le hioncam ó Chiste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (SRT) (Nóta 29(iii)).

(xi) Cuimsíonn an mhír seo an glanchaiteachas ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc Ceannais. In 2016, tugadh isteach an dara sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha (OASFanna), ar a dtugtar TLTRO-II agus in 2019 thug an Chomhairle Rialaithe an tríú sraith

Siar go "Clár na nÁbhar"

d'OASFanna isteach, ar a dtugtar OASF-III.[45] Is ceann d'uirlisí neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta BCE iad na hoibríochtaí seo. Bhí an méid airgid a d'fhéadfadh na bainc a fháil ar iasacht, mar aon le costas na hiasachtaíochta sin, ag brath ar mhéid na n-iasachtaí a chuirfidís ar fáil don fhíorgheilleagar. Bhí an ráta úis ab infheidhme i leith oibríochtaí OASF-II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socraíodh an ráta iarbhír i mí an Mheithimh 2018 nuair a cuireadh ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (0%) i bhfeidhm maidir le hiasachtú contrapháirtithe áirithe, agus nuair a cuireadh ráta na saoráide taisce (-0.4%) i bhfeidhm maidir le hiasachtú contrapháirtithe eile de chuid an Eurochórais. D'fhéadfadh an ráta úis deiridh ab infheidhme i leith gach oibríocht OASF-III a bheith chomh híseal leis an meánráta úis ar an tsaoráid taisce thar shaolré na hoibríochta. Mar fhreagra ar thurraing COVID-19, chinn an Chomhairle Rialaithe in 2020 maidir leis an tréimhse ón 24 Meitheamh 2020 go dtí an 23 Meitheamh 2021 agus an tréimhse ón 24 Meitheamh 2021 agus 23 Meitheamh 2022 - dá dtagraítear tréimhse an ráta úis speisialta agus tréimhse bhreise an ráta úis speisialta faoi seach - go bhféadfadh an ráta úis ab infheidhme bheith chomh híseal le 50 bonnphointe faoi bhun an mheánráta úis ar an tsaoráid taisce thar an tréimhse chéanna, ach nach bhféadfadh sé bheith níos ísle ná -1.0%.

Ní bheidh na rátaí iarbhír úis ar eolas go dtí go dtiocfaidh gach oibríocht in aibíocht nó go dtí go ndéanfar oibríocht a aisíoc go luath agus ní fhéadfar meastachán iontaofa a dhéanamh roimhe sin ach amháin i gcás ina mbeidh sonraí ráta úis do thréimhse an ráta úis speisialta agus do thréimhse bhreise an ráta úis speisialta curtha in iúl cheana féin do na contrapháirtithe. Dá bhrí sin, measadh gur cur chuige stuama é an meánráta úis lúide 50 bonnphointe a úsáid maidir leis an tsaoráid taisce a mbeidh uasteorainn -1.0% air, chun ús OASF-III a ríomh thar an dá thréimhse den ráta úis speisialta, agus bainfear úsáid as ráta na saoráide taisce chun ús OASF-III a ríomh thar a mbeidh fágtha de shaolré oibríochta, go dtí go mbeidh sonraí níos iontaofa ar fáil. Ciallaíonn sé sin go mbainfear úsáid as na rátaí seo a leanas i gcuntais bhliantúla 2021 chun fabhruithe úis OASF-III a ríomh: rátaí úis thar thréimhsí an ráta úis speisialta go dtí 23 Meitheamh 2021, ar ina leith a cuireadh sonraí rátaí úis in iúl do na contrapháirtithe an 9 Meán Fómhair 2021 agus an 1 Deireadh Fómhair 2021, agus an meánráta úis ar an tsaoráid taisce lúide 50 bonnphointe a mbeidh uasteorainn -1.0% air, thar thréimhse breise an ráta úis speisialta ón 24 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

[45] Seoladh an chéad sraith den OASF in 2014.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Tá an méadú ar an gcaiteachas go dtí €165.8m (2020: €31.5m) inchurtha do mhéadú ar iasachtaí OASF in 2021 de bharr dálaí fabhracha iasachtaíochta (Nóta 14).

(xii) Tá an caiteachas níos ísle inchurtha do laghdú ginearálta ar rátaí úis chiseán foluiteach airgeadra a dhéanann suas an CST agus do laghdú 34% ar mhéid chonarthaí airgeadra eachtraigh CST in 2021 (Nóta 36(i)).

(xiii) Baineann an méadú ar Úschostas Eile go príomha le méadú ar úschostais a bhaineann le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí agus ar tháillí a bhaineann le hinfheistíochtaí cistí nua (Nóta 36(ii)).

(xiv) Baineann sé seo le húschostas is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taisce (Nóta 15).

## Nóta 3: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

### (i) Glanghnóthachain arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Caillteanais Praghais Réadaithe ar Urrúis | 1,273,304 | 652,149 |
| *- Punann Speisialta (i)* | *1,273,000* | *649,750* |
| *- Punanna MÓM (ii)* | *304* | *2,399* |
| Gnóthachain Réadaithe ar Rátaí Malairte (iii) | 340 | 57 |
| **Iomlán** | **1,273,644** | **652,206** |

(i) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin na Nótaí Ráta Comhlúthaigh (NRCanna) (Nóta 16(ii)(a)(i)). Mhéadaigh gnóthachain ar dhíolacháin na punainne speisialta go dtí €1,273.0m (2020: €649.8m) de bharr díolacháin níos airde in 2021 (€2.0bn ainmniúil) i gcomparáid le 2020 (€1.0bn ainmniúil).

(ii) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar urrúis i bpunanna MÓM seachas ar urrúis sa phunann speisialta (Nóta 11(i)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).

(iii) Léiríonn sé seo gnóthacháin réadaithe ráta malairte ar dhíolacháin sócmhainní i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais (Nóta 11(i), Nóta 12).

Siar go "Clár na nÁbhar"

### (ii) Díluachálacha Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis (i) | (11,763) | (739) |
| Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Chistí (ii) | (1,241) | - |
| Caillteanais Neamhréadaithe ar Rátaí Malairte (iii) | (50) | (130,382) |
| **Iomlán** | **(13,054)** | **(131,121)** |

(i) Maidir leis an méadú ar chaillteanais neamhréadaithe praghais ar urrúis go dtí €11.8m (2020: €0.7m), baineann sé le margadhluach laghdaithe na n-urrús ag deireadh na bliana (Nóta 11(i)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).

(ii) Rinne an Banc Ceananis infheistíocht i gcistí éagsúla BIS in 2021. Baineann caillteanais ar na cistí seo le margadhluachanna níos ísle ar na cistí ag deireadh na bliana (Nóta 20(ii)).

(iii) Baineann an caillteanas neamhréadaithe ráta malairte in 2021 le caillteanas ó 2020 a d'eascair as idirbheart faoisimh ó fhiachas i mí an Mhárta 2020 (Nóta 20(ix)). Tá an laghdú ar chaillteanais neamhréadaithe ráta malairte go dtí €0.1m (2020: €130.4m) inchurtha go príomha don iarmhairt a bhí ag gluaiseachtaí ráta malairte sna hairgeadraí ar phunanna airgeadra eachtraigh an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear dollar SA (USD), dollar Shingeapór (SGD), dollar na hAstráile (AUD) agus renminbi na Síne (CNY) (Nóta 11(i), Nóta 12).

### (iii) Aistriú chuig Soláthairtí

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais (Nóta 31(i)) | (500,000) | (400,000) |
| Soláthar um Athstruchtúrú (Nóta 31(iii)) | (2,214) | 1,553 |
| **Iomlán** | **(502,214)** | **(398,447)** |

## Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Iasachtú Urrús | 1,336 | 1,475 |
| Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2 | 1,300 | 1,145 |
| Táillí agus Muirir Seirbhíse | 622 | 642 |
| **Iomlán** | **3,258** | **3,262** |

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Scair de bhrabús BCE (i) | 9,027 | 37,122 |
| Díbhinn BSI (ii) | 5,358 | - |
| **Iomlán** | **14,385** | **37,122** |

(i) Léiríonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de bhrabús BCE (Nóta 1(c)(v), Nóta 19(ii)).

In 2021, chinn Comhairle Rialaithe BCE €610.0m de bhrabús BCE a aistriú amhail ar an 31 Nollaig 2021 chuig soláthar BCE i leith rioscaí ginearálta, rud a d'fhág go raibh méid na punainne sin ag an uasteorainn. Déantar uasteorainn sholáthar BCE i leith rioscaí ginearálta a shainiú faoi threoir mhéid chaipiteal láníoctha BCE ag BCNanna an limistéir euro (€8,193.7m ag deireadh 2021). Mar thoradh ar (i) imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE agus (ii) cinntí na Comhairle Rialaithe maidir le caipiteal BCE, tiocfaidh méadú €610.0m ar chaipiteal láníoctha BCE ag BCNanna an limistéir euro in 2021 agus 2022. Is ionann scair an Bhainc Ceannais den mhéadú seo agus €10.3m in 2021 agus 2022, agus íocadh an chéad tráthchuid ar an 29 Nollaig 2021.

Íocadh €150.0m (2020: €1,260.0m) le BCNanna an Eurochórais an 31 Eanáir 2022 i gcomhréir lena scála caipitil Eurochórais mar dháileadh eatramhach ar bhrabúis BCE don bhliain. B'ionann scair an Bhainc Ceannais den bhrabús eatramhach agus €2.5m (2020: €21.3m) (Nóta 19(ii)). Maidir le dáileadh deireanach an bhrabúis do 2020 arna íoc i mí Feabhra 2021 agus arbh ionann é agus €6.5m, cuirtear i láthair é sna figiúirí do 2021 freisin (b'ionann agus €15.8m an figiúr comhréireach do 2019, arna íoc in 2020). An 18 Feabhra 2022, íocadh dáileadh deiridh bhrabúis BCE don bhliain 2021 agus tabharfar cuntas ina leith i gcuntais 2022 an Bhainc Ceannais (Nóta 38).

(ii) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 20(viii), Nóta 34(i)).

## Nóta 6: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (i) | (166,015) | (82,216) |
| Scaoileadh/(Cruthú) soláthair do Scair d'Urrúis Lagaithe Eurochórais (ii) | - | 425 |
| Úsáid soláthair do Scair d'Urrúis Lagaithe Eurochórais (ii) | - | 1,049 |
| **Iomlán** | **(166,015)** | **(80,742)** |

Siar go "Clár na nÁbhar"

(i) Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais, arbh ionann é agus €188.3m (2020: €151.3m), agus an méid a athdháileadh ar an mBanc Ceannais arbh ionann é agus €19.8m (2020: €73.2m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, i dteannta úis mar atá léirithe sa tábla thíos.

San fhigiúr d'athdháileadh ioncaim airgeadaíochta, áirítear coigeartú ar na glantorthaí do na blianta roimhe sin arbh ionann é agus €2.5m (2020: €3.1m) (Nóta 1(c)(vi)).

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe | (188,296) | (152,312) |
| Ioncam airgeadaíochta athdháilte | 19,815 | 73,171 |
| **Glan(ranníocóir)/Glacadóir Ioncaim Airgeadaíochta** | **(168,481)** | **(79,141)** |
| Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo | 2,466 | (3,075) |
| **Iomlán (Nóta 19)** | **(166,015)** | **(82,216)** |

(ii) Cuimsíonn na míreanna seo scair an Bhainc Ceannais de ghlantoradh an tsoláthair i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, ar soláthar é a bunaíodh i ndáil le hurrúis arna sealbhú ag BCN de chuid an Eurochórais ina phunann CSPP. Na sócmhainní ar cuireadh soláthar ar fáil ina leith ag an tosach, diúscraíodh iad in 2020 agus réadaíodh caillteanas a clúdaíodh leis an soláthar reatha. Bhain an Banc Ceannais úsáid as €1.1m den soláthar seo chun an caillteanas a réadaíodh ar an diúscairt a chlúdach agus scaoileadh méid €0.4m a bhí fágtha ag deireadh na bliana 2020. Níor cruthaíodh aon soláthairtí gaolmhara nua in 2021.

## Nóta 7: Glanioncam Eile

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Glantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais (i) | 185,336 | 170,062 |
| Pionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais (ii) | 67,031 | 24,685 |
| Eile (iii) | 7,041 | 7,054 |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 30 (i)) | 5,000 | 8,600 |
| Ioncam Eile na Rialála Airgeadais (Nóta 39) | 6,665 | 4,340 |
| Ioncam Cíosa (iv) | 3,309 | 1,583 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin (Nóta 30 (i)) | (10,200) | (15,300) |
| **Iomlán** | **264,182** | **201,024** |

(i) I Nóta 39, léirítear comhdhéanamh Ghlantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais.

(ii) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna is iníoctha leis an mBanc Ceannais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais tar éis

Siar go "Clár na nÁbhar"

comhaontuithe socraíochta a chur i gcrích leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála. Déantar méid iomlán na bpionós sin, is é sin €67.0m (2020: (€24.7m), a áireamh in "Ioncam Barrachais is Iníoctha leis an Státchiste" (Nóta 9).

(iii) Maidir le hIoncam an Phríomh-Chláir Creidmheasa (CCR) arb ionann é agus €6.5m (2020: €5.8m) agus a áirítear in Eile, seasann sé do tháillí arna ngearradh ar Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna) i leith tuarascálacha creidmheasa a eisíodh. Tá muirir i leith fiosruithe ar an CCR á ngearradh ar iasachtóirí ón 1 Iúil 2019 i leith (Nóta 1(q), Nóta 20 (x)).

(iv) Baineann ioncam cíosa le fáltais ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer a ligtear le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 20 (vii)). Tar éis athbhreithniú sceidealta ar chíos a thabhairt chun críche i mí Iúil 2021, méadaíodh an cíos bliantúil ó €1.6m go €2.6m i mí Iúil 2021 le héifeacht ó dháta oifigiúil an athbhreithnithe ar chíos de réir an léasa, is é sin an 11 Bealtaine 2020.

## Nóta 8: Caiteachais Iomlána

| | Iomlán na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála* | | An Mionta** | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 |
| Tuarastail/Liúntais (i) | 158,120 | 157,292 | 2,192 | 859 | 160,312 | 158,151 |
| ÁSPC | 16,080 | 15,330 | 218 | 88 | 16,298 | 15,418 |
| Pinsin (Nóta 30(i)) | 81,600 | 59,500 | - | - | 81,600 | 59,500 |
| **Caiteachais Foirne** | **255,800** | **232,122** | **2,410** | **947** | **258,210** | **233,069** |
| Cumarsáid agus TF | 35,771 | 36,851 | 52 | 120 | 35,823 | 36,971 |
| Táillí Gairmiúla (ii) | 9,110 | 9,396 | 24 | 4 | 9,134 | 9,400 |
| Saoráidí agus Cothabháil | 7,009 | 8,042 | 544 | 32 | 7,553 | 8,074 |
| Íocaíochtaí agus Táillí Bainistíochta Sócmhainní (iii) | 6,259 | 6,406 | 30 | 4 | 6,289 | 6,410 |
| Ilghnéitheach (iv) | 6,112 | 5,766 | 1 | (2) | 6,113 | 5,764 |
| Cíos agus Fóntais | 4,430 | 4,810 | 300 | - | 4,730 | 4,810 |
| Earcaíocht & Costais Foirne (iv) | 3,167 | 3,811 | - | - | 3,167 | 3,811 |
| Taighde Seachtrach agus Síntiúis Chorparáideacha | 3,068 | 2,828 | 7 | 1 | 3,075 | 2,829 |
| Oiliúint, Oideachas & Comhdhálacha | 2,084 | 2,742 | 11 | 10 | 2,095 | 2,752 |
| Foilsitheoireacht & Caidreamh Poiblí | 237 | 580 | - | - | 237 | 580 |
| Caiteachas Riaracháin Oifige | 149 | 236 | 6 | 7 | 155 | 243 |
| Taisteal Gnó (v) | 33 | 504 | 1 | 2 | 34 | 506 |
| **Caiteachais Oibriúcháin Eile** | **77,429** | **81,972** | **976** | **178** | **78,405** | **82,150** |
| **Dímheas** | **15,033** | **14,609** | **157** | **116** | **15,190** | **14,725** |

Siar go "Clár na nÁbhar"

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra (vi)** | **7,851** | **11,159** | **199** | **1,172** | **8,050** | **12,331** |
| **Caiteachais Iomlána** | **356,113** | **339,862** | **3,742** | **2,413** | **359,855** | **342,275** |

*I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 25 (ii)).

(i) Rinneadh íocaíochtaí in ionad fógra arbh ionann iad agus €1,661 a íoc le beirt le linn na bliana (2020: Nialas).

Ar áireamh in "Pá", tá €15,500 i ndáil le dhá shocraíocht in 2021 (2020: íocaíocht ar bith). Ar áireamh in "Táillí Gairmiúla", tá ranníocaíocht €7,500 i leith chostais dhlíthiúla duine den bheirt sin a raibh baint acu leis na socraíochtaí agus €35,743 i ndáil le costais dhlíthiúla an Bhainc Ceannais féin.

### *Déantar anailís bhreise mar a leanas ar Chaiteachais Foirne:*

### Caiteachais Foirne (lena n-áirítear an Mionta)

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 160,310 | 158,151 |
| Pinsin (Nóta 30(i)) | 81,600 | 59,500 |
| ÁSPC Fostóra | 16,298 | 15,418 |
| Sochair foirceannadh fostaíochta | 2 | - |
| **Iomlán** | **258,210** | **233,069** |
| Líon Foirne (FTE) ar an 31 Nollaig | 2,110 | 2,115 |

FTE - Coibhéis Lánaimseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirnigh

### *Déantar Tuarastail agus Liúntais Foirne a anailísiú mar a leanas:*

### Sochair Ghearrthéarmacha (lena n-áirítear an Mionta)

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 158,904 | 156,626 |
| Liúntais | 845 | 887 |
| Ragobair | 561 | 638 |
| **Iomlán** | **160,310** | **158,151** |

Áirítear sa Bhunphá fabhrú €11.4m i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2020: €11.9m) (Nóta 29(v)).

Siar go "Clár na nÁbhar"

*Luach saothair le comhaltaí Feidhmiúcháin den Choimisiún in 2021*

| Ainm | 2021 | Tuarastal | 2020 | Tuarastal |
|---|---|---|---|---|
| **Gabriel Makhlouf**<br><br>Gobharnóir (a) (b) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €293,257 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €288,224 |
| **Sharon Donnery**<br><br>An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €255,006 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €250,630 |
| **Ed Sibley**<br><br>An Leas-Ghobharnóir Rialáil Stuamachta (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €255,006 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €250,630 |

Méadaíodh tuarastail i gcomhréir le comhaontuithe pá na Seirbhíse Poiblí ó 2013 i leith. D'fhormheas an Coimisiún méaduithe do chomhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin i mí na Nollag 2021 a théann siar go dtí Deireadh Fómhair 2021, agus rinneadh iad sin a phróiseáil i mí Eanáir 2022 (€2,003).

*Táillí Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| Ainm | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| John Trethowan (c) | €14,936 | Nialas |
| Patricia Byron | €14,936 | €14,936 |
| Niamh Moloney | €14,936 | €14,936 |
| Shay Cody (Ceaptha – 1 Noll 2020) | €14,936 | €1,245 |
| Sarah Keane (Ceaptha – 1 Noll 2020) | €14,936 | €1,245 |
| David Miles (Ceaptha – 1 Noll 2020) | €14,936 | €1,245 |
| Derek Moran (c) (Ar scor – 30 Beal 2021) | Nialas | Nialas |
| John Hogan (c) (Ceaptha - 8 Meith 2021) | Nialas | - |
| John FitzGerald (Ar scor - 30 MF 2020) | - | €11,202 |
| Alan Ahearne (Ar scor – 7 Márta 2020) (c) (d) | - | Nialas |

Siar go "Clár na nÁbhar"

### *Caiteachais Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| Ainm | Taisteal | Cóiríocht agus Cothú | Iomlán do 2021 | Iomlán do 2020 |
|---|---|---|---|---|
| John Trethowan | €191 | €269 | €460 | €1,457 |
| Patricia Byron | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Niamh Moloney | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Shay Cody | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Sarah Keane | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| David Miles | €545 | €218 | €763 | Nialas |
| Derek Moran | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| John Hogan | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| John FitzGerald | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Alan Ahearne | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |

(a) Ní théann teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra Gabriel Makhlouf, an Leas-Ghobharnóra Sharon Donnery, nó an Leas-Ghobharnóra Ed Sibley, thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 30).

(b) Tá pinsean seirbhíse poiblí á fháil ag an nGobharnóir Gabriel Makhlouf ón Ríocht Aontaithe freisin.

(c) I gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine amháin, Tuarastal amháin', níor íocadh aon táillí le beirt comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún (2020: triúr).

(d) Mar gheall ar an tiomantas ama a bhíonn ag teastáil chun feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh, bhí ceannach amach ama i bhfeidhm in 2020 chun fostóirí lánaimseartha earnála poiblí de chuid comhalta amháin a chúiteamh i leith costas arna dtabhú de thoradh a gcuid asláithreachta ar ghnó an Choimisiúin. Le linn 2020, tabhaíodh costas €3,246 i ndáil le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (costais €476 i ndáil le taisteal san áireamh). Níl aon táillí den sórt sin i gceist in 2021.

### *Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta*[46]

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 11,498 | 10,859 |
| **Iomlán** | **11,498** | **10,859** |

Oibríonn an Banc Ceannais scéim iasachta saoire, atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim, don fhoireann go léir. Ar áireamh sa mhéid seo, tá

[46] Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Ceannasaí Rannán agus níos airde agus áirítear comhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 8, mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Seachas na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.

Siar go "Clár na nÁbhar"

airleacain €29,950 (2020: €22,700) chuig seisear Príomhphearsanra Bainistíochta (2020: cúigear Príomhphearsanra Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2021, rinneadh na hairleacain go léir faoin scéim seo a aisíoc ina n-iomláine (2020: aisíoctha ina n-iomláine).

### *Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe de bhreis ar €60,000*[47]

| Bandaí Pá | 2021 Líon Daoine | 2020 Líon Daoine |
|---|---|---|
| 60,000-70,000 | 296 | 440 |
| 70,000-80,000 | 341 | 169 |
| 80,000-90,000 | 142 | 176 |
| 90,000-100,000 | 316 | 251 |
| 100,000-110,000 | 54 | 100 |
| 110,000-120,000 | 88 | 13 |
| 120,000-130,000 | 37 | 58 |
| 130,000-140,000 | 60 | 32 |
| 140,000-150,000 | 11 | 23 |
| 150,000-160,000 | 30 | 20 |
| 160,000-170,000 | 2 | - |
| 170,000-180,000 | 2 | 2 |
| 180,000-190,000 | 6 | 9 |
| 190,000+ | 12 | 9 |
| **Iomlán** | **1,397** | **1,302** |

(ii) Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúchóirí is iníoctha le Mazars agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus arbh ionann iad agus:

| **Táillí Iniúchóirí**[48] | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| **Iniúchóireacht ar Chuntais Aonair** | **334** | **304** |
| Mazars | 171 | 155 |
| Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 163 | 149 |
| **Seirbhísí Dearbhaithe Eile** | **54** | **53** |
| Mazars | 54 | 53 |
| **Seirbhísí Neamhiniúchóireachta Eile** | **113** | **398** |
| Mazars | 113 | 398 |
| **Iomlán** | **501** | **755** |

Áirítear costais Chomhairleachta €5.7m sna Táillí Gairmiúla agus déantar anailísiú orthu sa tábla seo a leanas (2020: €5.8m). Áirítear iarmhéid €1.7m (2020: €0.6m) in MGT agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 21).

---

[47] Ar na socair ghearrthéarmacha, áirítear Bunphá, Liúntais agus Íocaíochtaí le comhaltaí foirne i leith Ragoibre.

[48] Léirítear Táillí Iniúchóirí gan CBL san áireamh chun go nochtfar an méid glan a bheidh faighte ag an soláthraí.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Comhairleacht

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| TF | 2,325 | 2,177 |
| Áitribh | 1,403 | 1,009 |
| Comhairle Dlí | 1,332 | 1,010 |
| Eile | 1,063 | 937 |
| Airgeadas | 991 | 875 |
| Pinsin & AD | 174 | 330 |
| Feabhsú Gnó | 115 | 106 |
| **Iomlán** | **7,403** | **6,444** |

| | | |
|---|---|---|
| Costais Chomhairleachta muirearaithe ar Ioncam agus Caiteachas | 5,675 | 5,873 |
| Costais Chaipitlithe Chomhairleachta | 1,728 | 571 |
| **Iomlán** | **7,403** | **6,444** |

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais dhlíthiúla €1.7m a bhaineann le himeachtaí dlí (2020: €1.7m).

## Táillí Dlíthiúla

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlí | 1,702 | 1,707 |
| **Iomlán** | **1,702** | **1,707** |

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dhlíthiúla go léir arna dtabhú i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc Ceannais nó i gcoinne an Bhainc Ceannais. An costas sin thuas i ndáil le himeachtaí dlí, baineann sé le 17 chás dlí ar leith (2020: 14).

D'íoc cuideachta árachais an Bhainc Ceannais Nialas (2020: €0.2m) i ndáil le costais dhlíthiúla agus socraíochtaí dlíthiúla.

(iii) Ar áireamh i Muirir Íocaíochta agus Bainistíochta Sócmhainní, tá muirir a bhaineann le hÍoc Pras. Tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis phionósaigh arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2021, mar aon leis na figiúirí comhfhreagracha don bhliain 2020.

Siar go "Clár na nÁbhar"

| Íocaíochtaí Déanacha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha | 9 | 51 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A) | €55,882 | €3,622,628 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B) | €205,939,038 | €182,284,958 |
| A mar % de B | 0.03% | 1.99% |
| Luach iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha | €540 | €15,085 |

(iv) Áirítear in Ilghnéitheach, caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais €0.1m (2020: €0.1m) a íocann an Banc Ceannais i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

(v) In Earcaíocht & Costais Eile Foirne thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.1m don bhliain 2021, arna anailísiú mar a leanas:

| Caiteachas Fáilteachais | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 97 | 46 |
| Fáilteachas Cliant | - | - |
| **Iomlán** | **97** | **46** |

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ní bhíonn an Banc Ceannais ag gabháil d'Fháilteachais Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/ar fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí nó cruinnithe.

(vi) Déantar an caiteachas ar Thaisteal a anailísiú mar a leanas:

**Taisteal (lena n-áirítear an Mionta)**

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Coimisiún | 1 | 3 |
| Baill Foirne | 24 | 68 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Coimisiún | 4 | 11 |
| Baill Foirne | 4 | 424 |
| Iomlán | **33** | **506** |

*Folaíonn an Coimisiún comhaltaí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin araon.

(vii) Baineann an caiteachas i ndáil le hAmhábhar Airgeadra le táirgeadh nótaí bainc €7.9m (2020: €11.2m) agus monaí €0.2m (2020: €1.2m). Bhí an laghdú ar chostais nótaí bainc in 2021 inchurtha do cheanglas maidir le leithdháileadh níos airde nótaí bainc in 2020. Laghdaigh ábhair monaí in 2021 toisc gur úsáideadh ábhair arna gceannach in 2020 chun an ceanglas maidir le táirgeadh monaí in 2021 a chomhlíonadh.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 9: Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Tá ioncam barrachais €1,067.6m iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021 (2020: €665.7m) (Nóta 1(o), Nóta 29(i)). Tá an méid comhlán iníoctha leis an Státchiste toisc go bhfuil an Banc Ceannais díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil faoi alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

## Nóta 10: Ór agus Infhaighteachtaí Óir

| | 2021 €000 | 2021 Unsaí Míne d'Ór | 2020 €000 | 2020 Unsaí Míne d'Ór |
|---|---|---|---|---|
| Ór agus Infhaighteachtaí Óir | 492,855 | 306,221 | 299,039 | 193,693 |
| **Iomlán** | **492,855** | **306,221** | **299,039** | **193,693** |

Cuimsíonn ór agus infhaighteachtaí óir stoic monaí atá á sealbhú sa Bhanc Ceannais, mar aon le barraí óir atá á sealbhú i mBanc Shasana agus sa Banque de France. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2021 inchurtha do cheannacháin óir mar chuid de straitéis fhadtéarmach infheistíochta an Bhainc Ceannais agus don athrú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2020 go dtí deireadh na bliana 2021 (Nóta 1 j(iv), Nóta 32(iii)).

## Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile (i) | 4,843,846 | 3,996,215 |
| Infhaighteachtaí ón CAI (ii) | 6,004,008 | 1,751,450 |
| **Iomlán** | **10,847,854** | **5,747,665** |

### (i) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 3,179,681 | 3,015,617 |
| Iarmhéideanna le Bainc (b) | 1,664,165 | 964,707 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (c) | - | 15,891 |
| **Iomlán** | **4,843,846** | **3,996,215** |

(a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí nach eisitheoirí de chuid an limistéir euro iad (Nóta 1 (j)(ii)). Léiríonn an méadú seo i gcomparáid le 2020 an méadú ar infheistíocht i bpunanna

Siar go "Clár na nÁbhar"

urrús CNY, JPY, SGD, agus USD mar chuid de phunanna neamh-euro an Bhainc Ceannais le linn 2021.

(b) An méadú a tháinig ar iarmhéideanna le bainc go €1,664.2 (2020: €964.7m) baineann sé le taiscí méadaithe ar phunanna USD agus CNY (Nóta 1(c)(xv)).

(c) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contraphháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú go Nialas ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach le cónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad (2020: €15.9m), baineann sé le laghdú ginearálta ar thrádáil athcheannaigh droim ar ais (Nóta 1(l)).

### Miondealú de réir airgeadra eachtrach

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| USD | 2,470,036 | 1,723,106 |
| JPY | 941,483 | 911,018 |
| AUD | 510,083 | 518,238 |
| CNY | 509,235 | 204,293 |
| SGD | 412,216 | 389,695 |
| DKK | - | 249,252 |
| Eile | 793 | 613 |
| **Iomlán** | **4,843,846** | **3,996,215** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 1,808,332 | 1,518,415 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 1,111,039 | 794,043 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 1,924,475 | 1,683,757 |
| **Iomlán** | **4,843,846** | **3,996,215** |

### (ii) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Cuóta | 4,267,911 | 4,079,925 |
| Lúide Sealúchais CAI arna gcothabháil ag an mBanc | (3,270,867) | (3,129,098) |
| Suíomh Cúlchiste sa CAI (a) | 997,044 | 950,827 |
| Sealúchais CST (b) | 5,006,964 | 800,623 |
| **Iomlán** | **6,004,008** | **1,751,450** |

*(a) Suíomh Cúlchiste sa CAI:*

Seasann an tsócmhainn seo don difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig

Siar go "Clár na nÁbhar"

2010, chuir Bord Gobharnóirí an CAI pacáiste d'athchóirithe i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme na méaduithe comhaontaithe ar chuótaí.[49] Ag an tús, b'ionann sealúchais euro an CAI arna gcothabháil leis an mBanc Ceannais agus 75% den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena chuid iasachtaí le ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 77% (2020: 77%).

*(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna):*
Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (dollar na Stát Aontaithe, euro, yen na Seapáine, renminbi na Síne agus punt steirling). Le linn 2021, fuair an Banc Ceannais sciar na hÉireann (€4.0bn) de leithdháileadh ginearálta nua CSTanna ag an CAI (Nóta 27).

## Nóta 12: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí an limistéir euro

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) | 112,583 | 151,942 |
| Infheistíochtaí Slándála (MÓM) - (ii) | 75,549 | 77,038 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 1,407 | 421 |
| **Iomlán** | **189,539** | **229,401** |

### Miondealú de réir airgeadra eachtrach

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---:|---:|
| USD | 172,862 | 229,372 |
| AUD | 16,673 | 16 |
| SGD | 4 | 13 |
| **Iomlán** | **189,539** | **229,401** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---:|---:|
| 0 - 3 mhí | 168,453 | 162,195 |
| 3 mhí - 1 bhliain | - | 28,540 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 21,086 | 38,666 |
| **Iomlán** | **189,539** | **229,401** |

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe

[49] Mar thoradh air sin, méadaíodh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3m ó CST 1,257.6m go dtí CST 3,449.9m an 19 Feabhra 2016.

formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Maidir leis an laghdú ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach le cónaitheoirí de chuid an limistéir euro go dtí €112.6m (2020: €151.9m), baineann sé le laghdú ginearálta ar thrádáil athcheannaigh droim ar ais (Nóta 1(l)).

(ii) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí de chuid an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1 (j)(ii)). Baineann iarmhéid dheireadh na bliana 2021 le bannaí USD agus AUD arna n-eisiúint ag cónaitheoirí AE.

## Nóta 13: Éilimh in euro ar Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Slándála - CGA (i) | 1,817,765 | 1,926,346 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 46,799 | 41,302 |
| Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i) | 39,899 | 110,306 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii) | - | 185,623 |
| **Iomlán** | **1,904,463** | **2,263,577** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 71,639 | 310,688 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 49,980 | 110,327 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 1,544,173 | 1,278,582 |
| 5 bliana - 10 mbliana | 238,671 | 563,980 |
| **Iomlán** | **1,904,463** | **2,263,577** |

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí nach eisitheoirí de chuid an limistéir euro iad (Nóta 1(j)(ii)), Nóta 1(j)(iii)).

(ii) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Maidir leis an laghdú go dtí Nialas ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais le cónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad (2020: €185.6m), baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit (Nóta 1(l)).

## Nóta 14: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|

Siar go "Clár na nÁbhar"

| | | |
|---|---|---|
| Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha *mar atá OASFanna* | 21,048,400 | 7,288,900 |
| **Iomlán** | **21,048,400** | **7,288,900** |

## Próifíl Aibíochta

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | - | - |
| 3 mhí - 1 bhliain | 9,720 | - |
| 1 bhliain - 5 bliana | 21,038,680 | 7,288,900 |
| **Iomlán** | **21,048,400** | **7,288,900** |

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais in oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais. Amhail ar an 31 Nollaig 2021, b'ionann agus €2,201.9bn na hiasachtaí le hinstitiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro, lena n-áirítear príomhoibríochtaí athmhaoinithe agus oibríochtaí fadtéarmacha athmhaoinithe araon (2020: €1,793.2bn), agus bhí €21.0bn den mhéid sin ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2020: €7.3bn) (Nóta 1 (c)(xii)).

Thug an Chomhairle Rialaithe sraith nua d'oibríochtaí OASF-II isteach i mí an Mhárta 2016. Bhí an ráta úis ab infheidhme i leith oibríochtaí OASF-II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socraíodh an ráta iarbhír i mí an Mheithimh 2018 nuair a cuireadh ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (0%) i bhfeidhm maidir le hiasachtú contrapháirtithe áirithe, agus nuair a cuireadh ráta na saoráide taisce (-0.4%) i bhfeidhm maidir le hiasachtú contrapháirtithe eile de chuid an Eurochórais. Tháinig an ceann deireanach de na oibríochtaí sin in aibíocht in 2021.

I mí an Mhárta 2019, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe an tríú sraith d'oibríochtaí OASFanna, OASF-III. Bhí sraith de sheacht n-oibríocht fhadtéarmacha athmhaoinithe i gceist leis an tríú clár OASF. De bhreis air sin, chuir an Chomhairle Rialaithe trí oibríocht bhreise leis an tsraith seo ar an 10 Nollaig 2020, agus seoladh na hoibríochtaí sin idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2021. Tá tréimhse aibíochta trí bliana ag na hoibríochtaí sin. I gcás na seacht OASF-III tosaigh, ó Mheán Fómhair 2020, dar thús 12 mhí tar éis gach OASF-III a shocrú, tá an rogha ag na rannpháirtithe ar bhonn ráithiúil méid an OASF-III lena mbaineann a fhoirceannadh nó a laghdú sula dtagann sí in aibíocht. Maidir leis an ochtú OASF-III nó OASF-III ina dhiaidh sin, beidh an rogha sin ag na rannpháirtithe ar bhonn ráithiúil ó mhí an Mheithimh ar aghaidh. Cosúil le OASF-II, beidh an ráta úis nasctha le pátrúin iasachtaithe na mbanc rannpháirteach agus socrófar é tar éis dheireadh na tréimhse iasachtaithe incháilithe. Dá mhéid na hiasachtaí a eisíonn na bainc rannpháirteacha chuig corparáidí neamhairgeadais agus chuig teaghlaigh (seachas iasachtaí chuig teaghlaigh chun tithe a

Siar go "Clár na nÁbhar"

cheannach), is ea is tarraingtí a bheidh an ráta úis ar a gcuid iasachtaí OASF-III, agus d'fhéadfadh sé bheith chomh híseal le meánráta úis na saoráide taisce (-0.5%) a bheidh i réim thar shaolré na hoibríochta. Ina theannta sin, chinn an Chomhairle Rialaithe in 2020 mar fhreagra ar thurraing COVID-19, don tréimhse ón 24 Meitheamh 2021 go dtí an 23 Meitheamh 2022 agus don tréimhe ón 24 Meitheamh 2021 go dtí an 23 Meitheamh 2022 - dá dtagraítear tréimhse an ráta úis speisialta agus tréimhse bhreise an ráta úis speisialta faoi seach - go bhféadfadh an ráta úis ab infheidhme bheith chomh híseal le 50 bonnphointe faoi bhun an mheánráta úis ar an tsaoráid taisce thar an tréimhse chéanna, ach nach bhféadfadh sé bheith níos ísle ná -1.0%.

Ní bheidh na rátaí iarbhír úis ar eolas go dtí go dtiocfaidh gach oibríocht in aibíocht nó go dtí go ndéanfar oibríocht a aisíoc go luath agus ní fhéadfar meastachán iontaofa a dhéanamh roimhe sin ach amháin i gcás ina mbeidh sonraí ráta úis do thréimhse an ráta úis speisialta agus do thréimhse bhreise an ráta úis speisialta curtha in iúl cheana féin do na contrapháirtithe. Dá bhrí sin, measadh gur cur chuige stuama é an meánráta úis lúide 50 bonnphointe a úsáid maidir leis an tsaoráid taisce a mbeidh uasteorainn -1.0% air, chun ús OASF-III a ríomh thar an dá thréimhse den ráta úis speisialta, agus bainfear úsáid as ráta na saoráide taisce chun ús OASF-III a ríomh thar a mbeidh fágtha de shaolré oibríochta, go dtí go mbeidh sonraí níos iontaofa ar fáil. Ciallaíonn sé sin go n-úsáidtear na rátaí seo a leanas do chuntais bhliantúla 2021 chun fabhruithe úis OASF-III a ríomh: rátaí úis thar thréimhsí an úis speisialta go dtí an 23 Meitheamh 2021, ar ina leith a bheidh sonraí ráta úis curtha in iúl do na contrapháirtithe ar an 9 Meán Fómhair agus an 1 Deireadh Fómhair 2021, agus an meánráta úis ar an tsaoráid taisce lúide 50 bonnphointe le huasteorainn -1.0%, thar thréimhse bhreise an ráta úis speisialta ón 24 Meiteahmh 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 15: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir euro

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| **Aibíochtaí níos giorra ná bliain amháin:** | | |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) | 2,334,277 | 3,833,460 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 154,820 | 155,468 |
| **Iomlán** | **2,489,097** | **3,988,928** |

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Maidir leis an laghdú go dtí €185.6m ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in euro le cónaitheoirí de chuid an limistéir euro (2020: €3,833.5m), baineann sé le laghdú ginearálta ar thrádáil athcheannaigh droim ar ais (Nóta 1(l)).

## Nóta 16: Urrúis in euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i) | 61,903,311 | 49,533,972 |
| Urrúis Eile (ii) | 17,316,289 | 23,242,483 |
| **Iomlán** | **79,219,600** | **72,776,455** |

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann:

### (i) Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta

"Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta", a tugadh isteach chun go léireofaí punann CBPP3 arna hainmniú in euro agus ar cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair 2014, CMU ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010, PSPP ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2015, agus PEPP a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 mar fhreagra ar pháindéim COVID-19.

Amhail ar an 31 Nollaig 2021, cuimsíodh sa mhír seo urrúis a fuair an Banc Ceannais faoi raon feidhme CBPP3, SMP, PSPP agus PEPP.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

Is iad seo a leanas costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena margadhluachanna (nach dtaifeadtar ar an gClár Comhardaithe nó sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ach a chuirtear in iúl chun críocha comparáideacha amháin):

Siar go "Clár na nÁbhar"

| | 2021 €000 Costas Amúchta | 2021 €000 Margadhluach | 2020 €000 Costas Amúchta | 2020 €000 Margadhluach |
|---|---|---|---|---|
| CBPP3 | 2,524,404 | 2,549,089 | 3,213,626 | 3,269,070 |
| CMU | 101,026 | 122,918 | 359,752 | 397,680 |
| | | | | |
| PSPP *mar atá* | 37,896,147 | 39,564,062 | 36,024,340 | 39,303,188 |
| *Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dílse)* | *34,470,479* | *35,974,827* | *31,594,062* | *34,571,052* |
| Urrúis Fhornáisiúnta (Riosca Comhroinnte) | *3,425,668* | *3,589,235* | *4,430,278* | *4,732,136* |
| | | | | |
| PEPP *mar atá* | 21,381,734 | 21,090,494 | 9,936,254 | 10,134,974 |
| *Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dílse)* | *21,375,822* | *21,084,580* | *9,930,303* | *10,129,010* |
| *Bannaí Cumhdaithe (Riosca Comhroinnte)* | *5,912* | *5,914* | *5,951* | *5,964* |
| **Iomlán** | **61,903,311** | **63,326,563** | **49,533,972** | **53,104,912** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2021 €000 Costas Amúchta | 2020 €000 Costas Amúchta |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 3,786,316 | 921,719 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 3,180,309 | 1,136,884 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 18,291,347 | 17,296,096 |
| 5 bhliain - 10 mbliana | 21,494,122 | 18,156,893 |
| 10 mbliana - 15 bliana | 4,883,080 | 5,468,430 |
| >15 bliana | 10,268,137 | 6,553,950 |
| **Iomlán** | **61,903,311** | **49,533,972** |

Cuireadh deireadh le ceannacháin faoin CMU ar an 6 Meán Fómhair 2012.

In 2021, sheol an tEurochóras glancheannacháin sócmhainní faoin APP, ina gcuimsítear CBPP3, ABSPP, PSPP agus Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP), ag €20.0bn ar an meán de réir na míosa. [50, 51, 52, 53] I mí na Nollag 2021, chinn an Chomhairle Rialaithe ar ghlancheannachán míosúil €40.0bn sa dara ráithe agus €30.0bn sa tríú ráithe de 2022.[54] Ó mhí

[50] Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le APP ar shuíomh gréasáin BCE.
[51] Cinneadh 2014/45 ón BCE an 19 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe.
[52] Faoin gclár seo, féadfaidh BCE agus BCNanna urrúis arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla de chuid an limistéir euro, ag gníomhaireachtaí aitheanta atá lonnaithe sa limistéar euro agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha atá lonnaithe sa limistéar euro, a cheannach.
[53] Faoin gclár seo, féadfaidh BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc, a cheannach.
[54] Féach preaseisiúint an 16 Nollaig 2021 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

Dheireadh Fómhair 2022 ar aghaidh, leanfaidh an Chomhairle Rialaithe de ghlancheannacháin sócmhainní €20.0bn in aghaidh na míosa chomh fada agus is gá chun iarmhairt in-chomhfhoirmeach a cuid rátaí beartais a threisiú agus go dtiocfaidh siad chun críche sula n-ardóidh sí príomhrátaí úis BCE. Chomh maith leis sin, tá sé i gceist aici leanúint de na hathinfheistíochtaí go ceann tréimhse fhadaithe i ndiaidh an dáta ar a dtosóidh príomhrátaí úis BCE ag ardú agus, ar aon chaoi, ar feadh cibé fad is gá chun dálaí fabhracha leachtachta agus in-chomhfhoirmeacht leordhóthanach airgeadaíochta a choimeád ar bun.

Ina theannta sin, lean an tEurochóras dá ghlancheannacháin sócmhainní faoi PEPP le himchlúdach €1,850.0bn san iomlán.[55, 56] Seoladh na ceannacháin ar mhodh solúbtha bunaithe ar an measúnú ar dhálaí maoiniúcháin agus ar an ionchas maidir le boilsciú. I mí na Nollag 2021, chinn an Chomhairle Rialaithe go scoirfí de ghlancheannacháin sócmhainní faoi PEPP ag deireadh mhí an Mhárta 2022 agus go bhféadfaí tús a chur leo athuair, dá mba ghá sin, mar fhreagra ar thurraingí diúltacha ón bpaindéim. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle Rialaithe síneadh leis an tréimhse athinfheistíochta le haghaidh íocaíochtaí príomhshuime ó urrúis atá ag teacht in aibíocht agus a ceannaíodh faoi PEPP go dtí deireadh 2024 ar a laghad. Féadfar athinfheistíochtaí PEPP a choigeartú go solúbtha thar am, thar aicmí sócmhainní agus thar dhlinsí. Déanfar rolladh amach phunann PEPP sa todhchaí a bhainistiú chun go seachnófar aon chur isteach ar sheasamh iomchuí beartais airgeadaíochta.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir a lagaithe. Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis atá á sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chláir CMU, ABSPP, CBPP3 agus PSPP amhail ar an 31 Nollaig 2021 (2020: Nialas).

B'ionann sealúchais chomhiomlána an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2021 agus €4,713.5bn, as a raibh €61.9bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2020: €3,694.6bn, as a raibh €49.5bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais) (féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix)):

| Costas Amúchta | Bliain | CMU €m | CBPP1 €m | CBPP2 €m | CBPP3 €m | PSPP €m | ABSPP €m | CSPP €m | PEPP €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

[55] Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le PEPP ar shuíomh gréasáin BCE.

[56] Más féidir dálaí fabhracha maoiniúcháin a chothabháil le sreafaí ceannacháin sócmhainní nach n-ídeoidh an t-imchlúdach thar thréimhse ghlancheannacháin PEPP, ní gá an t-imchlúdach a úsáid ina iomláine.

Siar go "Clár na nÁbhar"

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tEurochóras | 2021 | 6,522 | 429 | 2,406 | 298,167 | 2,487,136 | 28,477 | 309,676 | 1,580,665 | 4,713,478 |
| | 2020 | 28,663 | 452 | 2,764 | 287,545 | 2,341,608 | 29,497 | 250,403 | 753,711 | 3,694,643 |
| Banc | 2021 | 101 | - | - | 2,524 | 37,896 | - | - | 21,382 | 61,903 |
| | 2020 | 360 | - | - | 3,214 | 36,024 | - | - | 9,936 | 49,534 |

### (ii) Urrúis Eile

Folaíonn "Urrúis Eile" urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais.

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis - MÓM (a) | 10,892,938 | 14,879,389 |
| Infheistíochtaí Urrúis - CGA (b) | 6,423,351 | 8,363,094 |
| **Iomlán** | **17,316,289** | **23,242,483** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 1,724,268 | 1,005,641 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 2,173,729 | 2,414,395 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 3,953,309 | 5,747,119 |
| 5 bhliain - 10 bliana | 531,757 | 1,079,986 |
| 10 bhliain - 15 bliana | - | - |
| >15 bliana | 8,933,226 | 12,995,342 |
| **Iomlán** | **17,316,289** | **23,242,483** |

### (a) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

| | Margadhluach Deiridh 2021 €000 | Margadhluach Deiridh 2020 €000 |
|---|---|---|
| Punann Speisialta (i) | 8,933,227 | 12,995,343 |
| Billí Státchiste | 1,607,884 | 1,005,398 |
| Bannaí Eisithe ag an Rialtas | 351,827 | 798,635 |
| Bannaí Eisithe ag Institiúidí Airgeadais | - | 80,013 |
| **Iomlán** | **10,892,938** | **14,879,389** |

Siar go "Clár na nÁbhar"

### (i) Punann Speisialta - Sócmhainní a fuarthas tar éis leachtú IBRC

***Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna)***

In 2013, fuair an Banc Ceannais ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0bn mar chuid de mhalartú sócmhainní tar éis leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Le linn 2021, dhíol an Banc Ceannais méid ainmniúil €2.0bn de NRCanna 2051 agus réadaíodh gnóthachain arbh ionann iad agus €1.3bn (2020: díoladh méid ainmniúil €1.0bn de NRCanna 2051, agus réadaíodh gnóthachain €0.6bn) (Nóta 3(i)). Ar bhonn carnach, tá €19.5bn ainmniúil de NRCanna diúscartha ag an mBanc Ceannais. Tá sealúchais uile de NRCanna 2038, 2041, 2043, 2045, 2047 agus 2049 diúscartha anois. Amhail ar an 31 Nollaig 2021, rinneadh méid ainmniúil €5.5bn de na NRCanna a bhí fágtha (2020: €7.5bn ainmniúil) a luacháil ar €8.9bn (2020: €13.0bn), as ar eascair gnóthachan neamhréadaithe €3.4bn (2020: €5.5bn) (Nóta 32(i)).

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach de NRCanna ann, déanann an Banc Ceannais luach cóir na NRCanna a thomhas trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála a shainaithnítear mar chinn atá caighdeánach laistigh den tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

(a) Cuar Euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boilsciú.

(b) Cuar toraidh gan chúpón arna thiomsú ón gcuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuair toraidh Eorpacha ábhartha a bhíonn á dtrádáil ar mhargaí gníomhacha.

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Déanann an Banc Ceannais measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Chun críocha léiriúcháin, bheadh laghdú de thuairim is €0.5bn ar an luacháil dá mbeadh méadú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach a úsáidtear sa tsamhail phraghsála (2020: €0.8bn). Bheadh méadú thart ar €0.5bn ar an luacháil dá mbeadh laghdú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach a úsáidtear sa tsamhail phraghsála (2020: €0.8bn).

Siar go "Clár na nÁbhar"

| €000 | LUACHANNA DE RÉIR NA LEABHAR | | | | GLUAISEACHTAÍ ATHLUACHÁLA | | | ACHOIMRE | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 Iarmhéid Deiridh | Ceannacháin | Díolacháin/ Fuascailtí | 2021 Iarmhéid Deiridh | 2020 Iarmhéid Deiridh | Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairt | Gluaiseacht ar Phunann Choinnithe | Iarmhéid Deiridh 2021 | Margadhluach Deiridh 2020 | Margadhluach Deiridh 2021 |
| Nótaí Ráta Chomhlúthaigh | 7,534,000 | - | (2,000,000) | 5,534,000 | 5,461,343 | (1,396,960) | (665,156) | 3,399,227 | 12,995,343 | 8,933,227 |
| **Iomlán** | **7,534,000** | **-** | **(2,000,000)** | **5,534,000** | **5,461,343** | **(1,396,960)** | **(665,156)** | **3,399,227** | **12,995,343** | **8,933,227** |

Sa tábla thuas, léirítear an ghluaiseacht ar luachanna leabhar agus ar luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Tá sé ar intinn ag an mBanc Ceannais punann NRCanna a dhíol a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais freisin go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2022-2023 (€1.0bn in aghaidh na bliana), agus ó 2024 ar aghaidh (€2.0bn in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

### (b) Infheistíocht Urrúis – CGA

Is ionann urrúis coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus tréimhse shocraithe aibíochta agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc Ceannais iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)). Baineann an laghdú ar phunann CGA go dtí €6.4bn (2020: €8.4Bn) le cinneadh ón mBanc Ceannais chun méid CGA a laghdú.

Déantar urrúis arna gceannach faoi phunann CGA a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir a lagaithe (Nóta 1(j)(iii)). Ní raibh aon lagú ar na hurrúis seo a bhí a sealbhú amhail ar an 31 Nollaig 2021 (2020: Nialas) (Nóta 13(i)).

## Nóta 17: Leas rannpháirteachais sa BCE

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Leas rannpháirteachais sa BCE | 226,940 | 216,609 |
| **Iomlán** | **226,940** | **216,609** |

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE (Nóta 1(c)(xiv)). Déantar é a choigeartú gach cúig bliana nó i gcás ina n-imeoidh BCN as CEBC. Tharla an coigeartú is déanaí ar an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe (RA) imeacht as AE.

Is ionann scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa BCE agus 1.3772% in 2019 (2020: 1.3772%).

Is ionann caipiteal suibscríofa BCE agus €10,825.0m. Tar éis do Bhanc Shasana imeacht as CEBC an 31 Eanáir 2020, choinnigh BCE a chaipiteal suibscríofa gan athrú agus rinneadh scair Bhanc Shasana i gcaipiteal

Siar go "Clár na nÁbhar"

suibscríofa BCE a athdháileadh ar BCNanna an limistéir euro agus BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro araon.

D'fhan caipiteal láníoctha BCE gan athrú freisin ag €7,659.0m in 2020, ó tharla gur chlúdaigh na BCNanna a bhí fágtha caipiteal láníoctha Bhanc Shasana a bhí tarraingthe siar arbh ionann é agus €58.0m. De bhreis air sin, chinn an Chomhairle Rialaithe go n-íocfadh BCNanna an limistéir euro a gcuid suibscríobhanna i ndá thráthchuid in 2021 agus 2022.[57] Dá bhrí sin, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais an chéad tráthchuid de €10.3m a íoc an 29 Nollaig 2021, rud a mhéadaigh a scair de chaipiteal íoctha BCE ó €128.4m in 2020 go dtí €138.7m in 2021. Íocfar an dara tráthchuid in 2022.

## Nóta 18: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 683,175 | 683,175 |
| **Iomlán** | **683,175** | **683,175** |

Seasann siad seo d'éilimh an Bhainc Ceannais arna n-eascairt as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig BCE nuair a chuaigh an Banc Ceannais isteach san Eurochóras. Is ionann éileamh an Bhainc i leith na sócmhainní sin agus €683.2 milliún (2020: €683.2 milliún), atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála caipitil san Eurochóras (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta(c)(vii)).

B'ionann scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras amhail ar an 31 Nollaig 2021 agus 1.6934% (2020: 1.6934%).

Déantar na héilimh a ainmniú in euro de réir luacha a shocraítear tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú.

[57] Go háirithe, Cinneadh (AE) 2020/138 ó BCE an 22 Eanáir 2020 maidir le híoc chaipiteal an Bhainc Ceannais Eorpaigh ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/44 (BCE/2020/4), Cinneadh (AE) 2020/136 ó BCE an 22 Eanáir 2020 maidir le híoc chaipiteal an Bhainc Ceannais Eorpaigh ag bainc cheannais náisiúnta nach bhfuil sa limistéar euro agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/48 (BCE/2020/2) agus Cinneadh (AE) 2020/139 ó BCE an 22 Eanáir 2020 lena leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha maidir le haistrithe scaireanna caipitil an Bhainc Ceannais Eorpaigh idir na bainc cheannais náisiúnta agus maidir le coigeartú ar chaipiteal íoctha agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/45 (BCE/2020/5).

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 19: Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid (glan) TARGET2 (i) | 84,768,093 | 46,135,118 |
| Scair de bhrabúis BCE (ii) | 2,540 | 21,340 |
| Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (iii) | (166,015) | (82,216) |
| **Iomlán** | **84,604,618** | **46,074,242** |

(i) Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc Ceannais don BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC agus arbh ionann iad agus €84.8bn (2020: €46.1bn) (Nóta 1(c)(ii)). Freagraíonn an méadú ar shócmhainn TARGET2 do ghlan-insreabhadh euro isteach sa Stát trí chuntas TARGET2 an Bhainc Ceannais le linn na tréimhse. Rinneadh na hinsreafaí a threorú trí chuntais chúlchiste na n-institiúidí creidmheasa don chuid is mó (Nóta 23).

Ag deireadh na bliana 2021, bhí cúig thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh sa phróiseas iltaobhach glanluachála iad. Déantar an luach saothair i leith shuíomhanna TARGET2, cé is moite d'iarmhéideanna arna n-eascairt as idirbhearta babhtála droim ar ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

(ii) I ndiaidh cinnidh ón gComhairle Rialaithe, b'ionann agus €150.0m an méid a bhí dlite do BCNanna an limistéir euro i ndáil le dáileadh eatramhach brabúis BCE do 2021. B'ionann agus €2.5m scair an Bhainc Ceannais de dháileadh eatramhach brabúis BCE do 2021 (2020: €21.3m) (Nóta 1(c)(v), Nóta 5(i)).

(iii) Léiríonn sé seo ioncam iníoctha airgeadaíochta an Bhainc Ceannais. Rinneadh iarmhéid 2020 a athaicmiú ó "Dliteanais Eile laistigh den Eurochóras (glan)" go dtí "Éilimh Eile laistigh den Eurochóras (glan)" toisc gurb oiriúnaí é a léiriú ar an gClár Comhardaithe mar shuíomh glansócmhainne/glandliteanais (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 6(i)).

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 20: Sócmhainní Eile

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam Úis Fabhraithe (i) | 726,238 | 661,055 |
| Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 21) | 472,224 | 448,668 |
| *- Inláimhsithe - Gléasra, Maoin, Trealamh (Nóta 21(i))* | *451,139* | *429,238* |
| *- Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 21 (ii))* | *21,085* | *19,430* |
| Cistí BIS (ii) | 440,614 | - |
| Ciste Cothromais (iii) | 400,776 | 305,107 |
| *Tobhach Maoiniúcháin (iv)* | 187,856 | 181,176 |
| Eile (v) | 84,908 | 65,688 |
| Ioncam Úis Ceananithe (vi) | 57,394 | 49,328 |
| Réadmhaoin Infheistíochta (vii) | 50,740 | 51,400 |
| Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (viii) | 21,828 | 20,852 |
| Faoiseamh CAI ó Fhiachas (ix) | 6,712 | - |
| Réamhíocaíochtaí | 5,934 | 4,517 |
| Costais In-aisghabhála an Phríomh-Chláir Creidmheasa (x) | 4,711 | 7,062 |
| Gnóthachain Neamhréadaithe ar chonarthaí todhchaíochta (xi) | - | 44,665 |
| **Iomlán** | **2,459,935** | **1,839,518** |

(i) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhraithe arna thuilleamh ar phunann urrús an Bhainc Ceannais.

(ii) Rinne an Banc Ceannais infheistíocht i gcistí bannaí in 2021 mar chuid dá straitéis fhadtéarmach infheistíochta. Bíonn na cistí seo á mbainistiú go seachtrach ag BIS thar ceann an Bhainc Ceannais (Nóta1(j)(ii), (k), Nóta 3(ii), Nóta 32, Nóta 35).

(iii) Déanann an Banc Ceannais infheistíocht i gciste cothromais mar chuid dá straitéis infheistíochta. Rianaíonn an ciste cothromais Innéacs Domhanda MSCI. Bíonn an ciste á bhainistiú ag cuideachta bainistíochta sócmhainní thar ceann an Bhainc Ceannais, fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeádaí (Nóta 1(j)(ii), (k), Nóta 32, Nóta 35).

(iv) Baineann an glantobhach maoiniúcháin de €187.9m (2020: €181.2m) le hioncam €190.7m atá dlite don Bhanc Ceannais ó eintitis rialáilte tionscail (2020: €184.6m) agus a ghearrfar in 2022, mar aon le soláthar i leith tobhach de €2.8m atá fós gan íoc (2020: €3.4m) (Nóta 39(iv)).

(v) Áirítear in Eile suim €39.1m (2020: €30.3m) a bhaineann le hioncam úis atá fabhraithe ar chuntais rialtais, €24.7m (2020: €9.9m) a bhaineann le féichiúnaithe agus €14.6m (2020: €9.7m) a bhaineann le hioncam úis.

Siar go "Clár na nÁbhar"

(vi) Tá méadú tagtha ar ús fabhraithe ceannaithe go dtí €57.4m (2020: €49.3m), rud atá á spreagadh go mór mór ag an infheistíocht mhéadaithe in urrúis beartais airgeadaíochta.

(vii) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Ceannais Bloc R, Duga Spencer. Tá an réadmhaoin seo, a bhfuil spás tráchtála agus miondíola inti, sannta go páirteach don Bhanc Ceannais ina chuid oibríochtaí reatha. Tá an chuid eile di ar ligean nó ar fáil lena ligean ar an margadh oscailte agus, dá bhrí sin, aithnítear an chuid sin mar réadmhaoin infheistíochta. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

Le linn na bliana, leanadh den mhaoin infheistíochta a ligean le tríú páirtí. Tá téarma 14 bliana fágtha ar an léas seo agus tá clásáil scoir ann i gceann 6 mbliana. Tá foráil d'athbhreithniú cúigbhliantúil ar chíos sa léas seo i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim. Comhaontaíodh an nuashonrú is déanaí ar an 27 Iúil 2021.

Cinneadh luach cóir na réadmhaoine infheistíochta ag luachálaí seachtrach, neamhspleách réadmhaoine a raibh cáilíochtaí cuí, aitheanta, gairmiúla aige nó aici mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoine a bhí á luacháil. Mar thoradh ar an tomhas luacha chóir, tháinig laghdú €0.7m ar an luach ó €51.4m in 2020 go dtí €510.7m in 2021. Déileáltar le haon chaillteanais neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo i gcomhréir leis an Treoirlíne (Nóta 1(p), Nóta 7(iv), Nóta 32).

Cuireadh an réadmhaoin seo ar an margadh lena díol i mí na Samhna 2020. Ní raibh aon díol curtha i gcrích anuas go dtí dáta formheasta an Ráitis Cuntas.

### Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná aon bhliain | 2,636 | 1,583 |
| Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 10,546 | 6,332 |
| Tar éis cúig bliana | 22,038 | 14,815 |
| **Iomlán** | **35,220** | **22,730** |

(viii) Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair (2020: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €21.8m a gcoibhéis euro (2020: €20.9m) (Nóta 5(ii), Nóta 34(i)).

(ix) Baineann an féichiúnaí seo le hairgead atá dlite don Bhanc Ceannais ó Státchiste (€6.5m) i leith ioncaim arna aistriú ó Chuntas Teagmhasach Speisialta na hÉireann (SCA-1) agus le coigeartuithe ar mhuirir

Siar go "Clár na nÁbhar"

iarchurtha ar an gCuntas Riartha arna shealbhú le CAI. Baineadh úsáid as na cistí seo chun ranníocaíocht na hÉireann a mhaoiniú i leith an dá chlár um fhaoiseamh ó fhiachas mar chuid den Tionscnamh le haghaidh Tíortha a bhfuil Fiachais Ollmhóra orthu (HIPC) i Márta 2020 agus i Meitheamh 2021 (Nóta 2(vi)). Tá gnóthachan neamhréadaithe rátaí malairte de €0.2m ar áireamh san fhaoiseamh iomlán ó fhiachas arb ionann é agus €6.7m.

(x) B'ionann an t-iarmhéid i gcuntas sócmhainne CCR agus €4.7m (2020: €7.1m) a sheasann do chostais CCR atá fós le forchúiteamh trí tháillí arna muirearú ar CIPanna (Nóta 1(q), Nóta 7(iii)).

(xi) Tá laghdú go dtí Nialas tagtha ar ghnóthchain neamhréadaithe ar chonarthaí malairte eachtraí (2020: €44.7m).

## Nóta 21: Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

### (i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

| | Áitribh | | Gléasra & Innealra | | Trealamh Ríomhaireachta | | Trealamh Eile | | Troscán, Feistithe & Daingneáin | | Sócmhainní á dTógáil (c) | | Sócmhainní Dochta Inláimhsithe Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 |
| Ar Costas – 1 Eanáir | 163,789 | 163,844 | 80,075 | 79,927 | 15,321 | 15,267 | 7,139 | 6,939 | 16,845 | 16,119 | 259,894 | 231,368 | 543,063 | 513,464 |
| Aistriú | - | 85 | 190 | 148 | 3,960 | 201 | 106 | 200 | - | 726 | (4,256) | (1,360) | - | - |
| Éadálacha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 35,560 | 30,232 | 35,560 | 30,232 |
| Diúscairtí (a) | - | (140) | (35,851) | - | - | (147) | (112) | - | (46) | - | - | (346) | (36,009) | (633) |
| Ar Costas – 31 Nollaig | 163,789 | 163,789 | 44,414 | 80,075 | 19,281 | 15,321 | 7,133 | 7,139 | 16,799 | 16,845 | 291,198 | 259,894 | 542,614 | 543,063 |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir | 28,624 | 24,676 | 53,858 | 51,161 | 11,433 | 8,476 | 6,826 | 6,748 | 13,084 | 10,927 | - | - | 113,825 | 101,988 |
| Dímheas don Bhliain (b) | 3,965 | 3,964 | 2,680 | 2,697 | 3,005 | 3,104 | 91 | 78 | 2,267 | 2,157 | - | - | 12,008 | 12,000 |
| Aistriú | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí | - | (16) | (34,200) | - | - | (147) | (112) | - | (46) | - | - | - | (34,358) | (163) |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig | 32,589 | 28,624 | 22,338 | 53,858 | 14,438 | 11,433 | 6,805 | 6,826 | 15,305 | 13,084 | - | - | 91,475 | 113,825 |
| **Glanluach leabhar amhail ar an 31 Nollaig** | **131,200** | **135,165** | **22,076** | **26,217** | **4,843** | **3,888** | **328** | **313** | **1,494** | **3,761** | **291,198** | **259,894** | **451,139** | **429,238** |

(a) Diúscraíodh innealra priontála a raibh luach fála bunaidh €35.9m ag gabháil leis, as a raibh €34.2m dímheasta, rud a d'fhág go raibh luach €1.7m de réir na leabhar aige. D'eascair fáltais €1.4m as an diúscairt sin. Aithnítear caillteanas €0.3m ar an diúscairt mar chaiteachas sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 8, Nóta 29(i)). Ina theannta sin, baineann diúscairtí sna haicmí sócmhainní eile don chuid is mó le scor sócmhainní ar luach nialasach nach mbíonn á n-úsáid a thuilleadh ag an mBanc Ceannais.

(b) As muirear iomlán dímheasa €12.0m (2020: €12.0m), rinneadh €0.1 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2020: €0.1m).

Siar go "Clár na nÁbhar"

(c) Baineann Sócmhainní á dTógáil le caiteachas caipitil arna thabhú ar shócmhainní nach raibh in úsáid go fóill faoi dheireadh na bliana (Nóta 1(e)(v)). Baineann méid €285.1m le tógáil an áitribh ar Shráid an Mhéara atá mar chuid de straitéis an Bhainc Ceannais um Fhorbairt Campais.

(d) Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais, ar fiú €2.1m é bunaithe ar luacháil a rinneadh in 2021 (2020: €2.0m), agus nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc Ceannais ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

## (ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe

| | Trealamh Ríomhaireachta | | Sócmhainní á dTógáil (a) | | Sócmhainní Dochta Doláimhsithe Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2020 €000 |
| Ar Costas – 1 Eanáir | 39,236 | 46,633 | 12,573 | 14,039 | 51,809 | 60,672 |
| Aistriú | 11,900 | 2,110 | (11,900) | (2,110) | - | - |
| Éadálacha | - | - | 4,837 | 3,653 | 4,837 | 3,653 |
| Diúscairtí | (15) | (9,507) | - | (3,009) | (15) | (12,516) |
| Ar Costas – 31 Nollaig | 51,121 | 39,236 | 5,510 | 12,573 | 56,631 | 51,809 |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir | 32,379 | 39,162 | - | - | 32,379 | 39,162 |
| Dímheas don Bhliain | 3,182 | 2,724 | - | - | 3,182 | 2,724 |
| Diúscairtí | (15) | (9,507) | - | - | (15) | (9,507) |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig | 35,546 | 32,379 | - | - | 35,546 | 32,379 |
| **Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig** | **15,575** | **6,857** | **5,510** | **12,573** | **21,085** | **19,430** |

a) Baineann Sócmhainní á dTógáil (SAT) le caiteachas caipitil arna thabhú ar shócmhainní nach raibh in úsáid fós faoi dheireadh na bliana. Baineann clár Aontas le seachadadh réitigh straitéisigh le haghaidh bainistíocht máistirshonraí agus le feabhas a chur ar chumas féinseirbhíse straitéiseach anailísíochta trí sholáthar máistirshonraí mar aon le seachadadh tairsí seachtraí don tionscal. Folóidh sé seo cumas feabhsaithe nua a sholáthar i dtaca le sonraí tuairisceán arna gcur isteach ag custaiméirí a ghabháil, a phróiseáil agus a anailísiú, agus an tairseach inmheánach a thabhairt isteach. Seachadadh céim 1 den chlár seo (47.8m) agus tá sé ar áireamh in aistriú €11.9m ó chuntas AUC chuig an aicme sócmhainne Trealamh Ríomhaireachta Doláimhsithe.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 22: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Líon iomlán nótaí bainc euro eisithe i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais | 44,281,381 | 41,948,870 |
| Dliteanas a eascraíonn as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | (2,092,182) | (1,943,336) |
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil BCE | (18,127,664) | (17,655,837) |
| **Iomlán** | **24,061,535** | **22,349,697** |

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Déantar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nótaí bainc.

Tháinig méadú 5.6% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhír ag an mBanc Ceannais (2020: 7.7%) in 2021, ó €41.9bn go dtí €44.3bn. Tháinig méadú 7.7% ar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht san Eurochóras (2020: 10.9%) ón 1 January 2021 go dtí deireadh mhí na Nollag 2021. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €24.1bn i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana 2021, i gcomparáid le €22.4bn ag deireadh na bliana 2020. Ó tharla gur mó na nótaí bainc arna n-eisiúint iarbhír ag an mBanc Ceannais ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €20.2bn (2020: €19.6bn) in "Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(iv), Nóta 28).

## Nóta 23: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Cuntais Reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) (i) | 95,525,764 | 48,761,443 |
| Saoráid Taisce (ii) | 12,622,000 | 13,312,184 |
| **Iomlán** | **108,147,764** | **62,073,627** |

(i) Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta, lena n-eisiatar cistí institiúidí creidmheasa nach bhfuil indiúscartha go héasca agus cuntais institiúidí creidmheasa atá díolmhaithe ó na ceanglais cúlchiste íosta, a shealbhú lena BCNanna faoi seach chun críocha bainistíocht leachtachta. Íoctar ús ar na taiscí sin de réir ráta PA BCE.

Ó mhí an Mheithimh 2014 i leith, déantar aon chúlchistí arna sealbhú de bhreis ar na ceanglais íosta a mhuirearú de réir 0% nó de réir ráta na saoráide taisce.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Thug an Chomhairle Rialaithe córas dhá leibhéal isteach, dar thús an 30 Deireadh Fómhair 2019, maidir le luach saothair cúlchistí, lena n-eisiatar cuid de shealúchais róleachtachta institiúidí creidmheasa ó luach saothair diúltach de réir an ráta is infheidhme ar an tsaoráid taisce. Tugtar luach saothair i leith na coda seo de réir an ráta bhliantúil 0%. Rinneadh méid na sealúchas cúlchiste de bhreis ar na ceanglais cúlchiste íosta a bhí díolmhaithe ón ráta saoráide taisce ag deireadh na bliana 2021 - an leibhéal díolmhaithe - a chinneadh mar iolra de 6 ar cheanglais cúlchiste íosta de chuid institiúide. Leantar de luach saothair a thabhairt i leith an leibhéil neamh-dhíolmhaithe de shealúchais róleachtachta de réir 0% nó de réir ráta na saoráide taisce, cibé acu is ísle.

(ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce arb ionann é agus -0.5% (Nóta 2(i)).

## Nóta 24: Dliteanais eile in euro d'Institiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir Euro

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---:|---:|
| Comhaontuithe Athcheannaigh | 1,779,277 | 3,101,460 |
| **Iomlán** | **1,779,277** | **3,101,460** |

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú go dtí €1,779.3m ar chomhaontuithe athcheannaigh in euro le cónaitheoirí de chuid an limistéir euro (2020: €3,101.5m), baineann sé le laghdú ginearálta ar thrádáil athcheannaigh (Nóta 1(l)).

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 25: Dliteanais do Chónaitheoirí eile de chuid an Limistéir euro

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Taiscí Rialtais Ghinearálta (i) | 31,231,682 | 19,215,112 |
| Dliteanais Eile | 5,128 | 9,588 |
| Cúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii) | 3,079 | 4,423 |
| **Iomlán** | **31,239,889** | **19,229,123** |

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

(i) Folaíonn taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh atá á sealbhú ag an mBanc Ceannais (Nóta 2(i)).

(ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a aisíoc leis an mBanc Ceannais. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(g)). Tá na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh monaí curtha in iúl i Nóta 8. Áirítear i Nóta 30 caiteachais a bhaineann le sochair scoir a nochtadh. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Monaí eisithe/(fuascailte) i gcúrsaíocht | 22,590 | (8,141) |
| Foirne Monaí Samplacha | 295 | 609 |
| Monaí Éireannacha tarraingthe siar | (163) | (120) |
| Lúide Costais Oibriúcháin (Nóta 8)* | (3,742) | (2,413) |
| **Glanfháltais ó Eisiúintí Monaí** | **18,980** | **(10,065)** |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra** | (406) | (131) |
| Aistriú (chuig)/ón Státchiste | (19,918) | 11,851 |
| Iarmhéid Tosaigh | 4,423 | 2,768 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **3,079** | **4,423** |

*Ar áireamh i gCostais Oibriúcháin 2021 de €3.7m, tá €2.4m a bhaineann le forchostais atá inchurtha do sholáthar agus d'eisiúint monaí.

**Ar áireamh sa Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra de €0.4m, tá €0.2m a bhaineann le caiteachais pinsean don fhoireann a raibh baint acu le seirbhísí taca áitiúla a sholáthar.

Mar thoradh ar an Acht Airgeadais 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais na glanfháltais ó eisiúint

Siar go "Clár na nÁbhar"

monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste nó na glanfháltais ó mhonaí a fháil go díreach ón Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €22.6m (2020: glanfhuascailt €8.1m) glaneisiúint monaí ón mBanc Ceannais in 2021. Dá bhrí sin, ghin sé seo aistriú €19.9m a íocadh leis an Státchiste an 23 Nollaig 2021 (2020: €11.9m a d'íoc an Státchiste leis an mBanc Ceannais).

## Nóta 26: Dliteanais in euro do Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta (i) | 10,062 | 61 |
| Gníomhaireachtaí AE | 518 | 516 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh (ii) | - | 185,623 |
| **Iomlán** | **10,580** | **186,200** |

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna thuas.

(i) An méadú ar Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta go dtí €10.1m (2020: €0.1m), baineann sé go príomha le lóisteáil dheireadh na bliana ag eagraíocht idirnáisiúnta.

(ii) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú go dtí Nialas ar chomhaontuithe athcheannaigh le cónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad (2020: €185.6m), baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid comhaontuithe athcheannaigh, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit.

## Nóta 27: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag CAI

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag CAI | 5,044,920 | 913,917 |
| **Iomlán** | **5,044,920** | **913,917** |

Is ionann é seo agus dliteanas an Bhainc Ceannais don CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna) ar Éirinn. Féadfar go n-athrófar CSTanna an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh mhalartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI agus sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfaidh go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin de thoradh íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar

Siar go "Clár na nÁbhar"

leithdháiltí CST. Le linn 2021, fuair an Banc Ceannais scair na hÉireann (€4.0bn) de leithdháileadh ginearálta CSTanna ón CAI (Nóta 11(ii)).

## Nóta 28: Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil BCE | 18,127,664 | 17,655,837 |
| Dliteanas a eascraíonn as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | 2,092,182 | 1,943,336 |
| **Iomlán** | **20,219,846** | **19,599,173** |

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc Ceannais i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc Ceannais agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii), (c)(iii) agus (c)(iv), Nóta 22). Déantar an luach saothair i leith an dliteanais sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

## Nóta 29: Dliteanais Eile

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (i) | 1,067,573 | 665,703 |
| Fabhruithe Úis (ii) | 172,300 | 29,892 |
| Ciste Ranníocach SRT (iii) | 154,112 | 140,532 |
| An Ciste Cúitimh Árachais (iv) | 53,244 | 40,938 |
| Dliteanais Eile | 42,549 | 47,920 |
| Fabhruithe Eile (v) | 27,622 | 33,979 |
| An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (vi) | 1 | 5 |
| **Iomlán** | **1,517,401** | **958,969** |

(i) Léiríonn sé méid an Ioncaim Barrachais is iníoctha leis an Státchiste (Nóta 1(o), Nóta 9).

(ii) Baineann an figiúr seo go príomha leis an úschostas fabhraithe ar oibríochtaí OASF-II agus OASF-III (Nóta 14). Tá an méadú in 2021 inchurtha don mhéadú ar ghlacadh le hiasachtú OASF.

(iii) Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) (Rialacháin SRT), bhunaigh an Banc Ceannais Ciste Ranníocach SRT in 2016. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais arb ionann iad agus 0.8% de thaiscí cumhdaithe a bhaint amach faoi 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ranníocaíocht

Siar go "Clár na nÁbhar"

bhliantúil a dhéanamh leis an gciste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca.

Faoi Rialachán 18(1) de Rialacháin SRT, bainisteoidh agus riarfaidh an t-údarás ainmnithe (an Banc Ceannais) Ciste Ranníocach SRT agus faoi Rialachán 18(2), infheisteoidh an t-údarás ainmnithe an Ciste ar mhodh atá sách éagsúlaithe agus lena ngabhann riosca íseal.

| Gluaiseacht ar Chiste Ranníocach SRT | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh leis an mBanc Ceannais | 140,532 | 114,563 |
| Ranníocaíochtaí | 150,915 | 128,219 |
| Íocaíochtaí | (84) | (13,458) |
| Ús - íoc amach | (70) | (136) |
| Díbhínní (a) | 1,819 | 9,344 |
| Clár Nóta Státchiste GBCN (b) | (139,000) | (98,000) |
| Iarmhéid Deiridh leis an mBanc Ceannais | **154,112** | **140,532** |

(a) Díbhínní arna n-eascairt as leachtú Chomhar Creidmheasa Berehaven agus Chomhar Creidmheasa an Rois, rinneadh iad a aistriú chuig Ciste Ranníocach an SRT in 2021 mar a leagtar amach thíos:

| Díbhinní | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Comhar Creidmheasa Berehaven | 1,500 | - |
| Comhar Creidmheasa an Rois | 319 | - |
| Comhar Creidmheasa Dhroim Conrach | - | 9,000 |
| IBRC | - | 325 |
| Comhar Creidmheasa na Rátha | - | 19 |
| **Iomlán** | **1,819** | **9,344** |

(b) Rinneadh an t-airgead seo a thaisceadh leis an GBCN. Bhí iarmhéid €561.0m (2020: €422.0m) ar seilbh le GBCN i ndáil le Ciste Ranníocach SRT.

(iv) San Acht Árachais 1964, rinneadh socrú chun an Ciste Cúitimh Árachais a bhunú faoi chomhair dliteanas áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, chun deontas agus iasachtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag an Aire Airgeadais agus ranníocaíochtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag árachóirí agus chun na gcríocha sin agus críocha eile do leasú agus do leathnú na nAchtanna Árachais 1909 go 1961.

I gcomhréir le halt 2(2) d'Acht 1964, déantar an Ciste a chothabháil agus a riaradh faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó nó di tríd an gCuntasóir. San Acht Árachais (Leasú) 2018, rinneadh socrú maidir le riarachán an Chiste Cúitimh Árachais a aistriú chuig an mBanc Ceannais. Ghlac an Banc Ceannais freagracht as riarachán an Chiste Cúitimh Árachais an 25 Lúnasa 2018. Ullmhaíonn an Banc

Siar go "Clár na nÁbhar"

Ceannais tuarascáil ar leith don Chiste dá ngairtear Tuarascáil maidir le Riaradh agus Gluaiseacht an Chiste Cúitimh Árachais.

Seasann iarmhéid €53.2m (2020: €40.9m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste.

(v) I bhFabhruithe Eile, áirítear fabhrú €11.4m (2020: €11.9m) i leith saoire bhliantúil nár glacadh (Nóta 8 (i)), fabhruithe tionscadal caipitiúil (€5.3m) agus costais chomhroinnte a bhaineann le tionscadail de chuid an Eurochórais atá fós le sonrascadh (€4.1m).

(vi) Bunaíodh Ciste Réitigh Foras Creidmheasa in 2011 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Seasann iarmhéid €0.01m (2020: €0.01m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste.

## Nóta 30: Sochair Scoir

Nochtann an Banc Ceannais an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar luacháil iomlán achtúireach ar an Scéim ar bhonn tríbhliantúil. Chuir achtúirí an Bhainc Ceannais, Lane Clark Peacock (LCP), an luacháil iomlán achtúireach dheireanach i gcrích amhail ar an 31 Nollaig 2019 d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Thug LCP tuarascáil achtúireach chun críche amhail ar an 31 Nollaig 2021 d'fhonn ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 102 a chomhlíonadh.

### (i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála

| | Brabús agus Caillteanas 2021 €000 | Brabús agus Caillteanas 2020 €000 |
|---|---|---|
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní | 5,000 | 8,600 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (10,200) | (15,300) |
| Costas Seirbhíse Reatha (i) | (75,100) | (59,500) |
| Costas Iarseirbhíse (ii) | (6,500) | - |
| **Costas Iomlán Pinsin na Scéime Sochair Sainithe** | **(86,800)** | **(66,200)** |

(i) B'ionann agus €75.1m na costais Seirbhíse Reatha arna muirearú ar an gCuntas Brabúis, Caillteanais agus Leithghabhála in 2021 (2020: €59.5m) agus tá sé bunaithe ar thoimhdí achtúireacha a shocraítear ag tús gach bliana. Bhí an méadú ar an muirear i gcomparáid le 2020 inchurtha go príomha don laghdú ar an ráta lascaine ó 1.10% amhail ar an 31 Nollaig 2019 go dtí 0.60% ar an 31 Nollaig 2020 agus don mhéadú leanúnach ar líon na foirne atá ag obair sa Bhanc Ceannais ón

Siar go "Clár na nÁbhar"

1 Eanáir 2013 ar aghaidh agus ar comhaltaí de scéim CARE iad (Meántuilleamh Athluacháilte Gairme).

(ii) Léiríonn costas iarseirbhíse €6.5m coigeartuithe a rinneadh le linn 2021 ar phinsin mar íocaíocht i leith comhaltaí scortha áirithe agus méadú ar thuarastal inphinsin do líon beag comhaltaí gníomhacha agus comhaltaí iarchurtha.

B'ionann an toradh ar an gciste in 2021 agus 10.7% (2020: 3%).

Amhail ar an 31 Nollaig 2021, ní raibh aon bharrachas gan aithint roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

### (ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

| An bhliain dar chríoch 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an dliteanas pinsin | 178,361 | (231,228) | (291,921) | 622 | 35,345 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar shócmhainní an phlean | 83,490 | 15,094 | 68,211 | (34,533) | 25,232 |
| **Iomlán** | **261,851** | **(216,134)** | **(223,710)** | **(33,911)** | **60,577** |

### (iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

| An bhliain dar chríoch 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach (iv) | (1,608,408) | (1,697,988) | (1,393,987) | (1,043,408) | (993,442) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean (v) | 945,093 | 829,418 | 783,815 | 679,157 | 687,561 |
| **Dliteanas Glanphinsin** | **(663,315)** | **(868,570)** | **(610,172)** | **(364,251)** | **(305,881)** |

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh "an aonaid réamh-mheasta". Barrachas de dhliteanais na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

Baineadh úsaid as méideanna measta sreafa airgid don phróiseas socraithe toimhde don 31 Nollaig 2021. Mar thoradh air seo, tá difríocht neamhábhartha de €0.2m idir an t-iarmhéid ar éadan an Chláir Chomhardaithe faoi Shochair Scoir (a léiríonn figiúirí iarbhír sreafa airgid) seachas an glandliteanas achtúireach pinsin a léirítear i Nóta 30.

### (iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

Siar go "Clár na nÁbhar"

| | 2021 €000 | 2020 €000 | 2019 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime | (1,697,988) | (1,393,987) | (1,043,408) | (993,442) | (971,598) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (75,100) | (59,500) | (37,900) | (39,300) | (45,100) |
| Iarseirbhís (Cotas) | (6,500) | - | - | - | - |
| Pinsin Íoctha | 17,273 | 15,442 | 14,691 | 14,519 | 12,314 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | (13,930) | (13,062) | (13,843) | (6,632) | (5,631) |
| Aistrithe Faighte | (324) | (353) | (706) | (275) | (272) |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (10,200) | (15,300) | (20,900) | (18,900) | (18,500) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 178,361 | (231,228) | (291,921) | 622 | 35,345 |
| **Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime** | **(1,608,408)** | **(1,697,988)** | **(1,393,987)** | **(1,043,408)** | **(993,442)** |

## (v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

| | 2021 €000 | 2020 €000 | 2019 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach Cóir Tosaigh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana) | 829,418 | 783,815 | 679,157 | 687,561 | 638,695 |
| Toradh Ionchais | 5,000 | 8,600 | 13,600 | 13,100 | 12,100 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 83,490 | 15,094 | 68,211 | (34,533) | 25,232 |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra | 30,204 | 23,936 | 22,989 | 20,641 | 17,945 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | 13,930 | 13,062 | 13,843 | 6,632 | 5,631 |
| Pinsin Íoctha | (17,273) | (15,442) | (14,691) | (14,519) | (12,314) |
| Aistrithe Faighte | 324 | 353 | 706 | 275 | 272 |
| **Luach Cóir Deiridh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*** | **945,093**** | **829,418** | **783,815** | **679,157** | **687,561** |

*Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá á sealbhú leis an mBanc Ceannais. B'ionann agus €14.7m an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2021 (2020: €0.7m) agus €6.9m (2020: €8.9m) faoi seach.

** Luach measta sócmhainne a úsáideadh an 31 Nollaig 2021. Luach sócmhainne iarbhír a úsáideadh sna blianta roimhe seo.

## (vi) Toimhdí Airgeadais

| | 2021 % | 2020 % | 2019 % | 2018 % | 2017 % |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.00 | 0.60 | 1.10 | 2.00 | 1.90 |
| An Ráta Méadaithe maidir le Tuarastail Inphinsin | 3.40 | 3.30 | 3.30 | 3.30 | 3.30 |
| Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin | 3.40 | 3.30 | 3.30 | 3.30 | 3.30 |
| Ráta an Bhoilscithe ar Phraghsanna | 2.00 | 1.90 | 1.90 | 1.90 | 1.90 |

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaine, laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.7%/2.8% (2020: 2.9%/3.0%) ar dhliteanais na scéime.

Siar go "Clár na nÁbhar"

### Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

Is éard atá i ILT15(fireann) & ILT15 (baineann), táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Ríomhtar na hionchais saoil trí úsáid a bhaint as na rátaí báis sna táblaí seo.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Básmhaireacht Réamhscoir | 73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann) | 73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann) |
| Básmhaireacht Iarscoir | 58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann) | 58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann) |
| Liúntas d'fheabhsuithe amach anseo ar bhásmhaireacht | Dearfach | Dearfach |
| Scoir | Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) | Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) |
| Scor ar fhorais drochshláinte | Curtha san áireamh | Curtha san áireamh |
| Luathscor | As an áireamh | As an áireamh |
| Tarraingthe Siar | As an áireamh | As an áireamh |
| Céatadán atá pósta | 90% | 90% |
| Difríocht aoise idir chéilí | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile |
| **Ionchas Saoil** Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) | Fireannach: 86.9 Baineannach: 89.3 | Fireannach: 86.8 Baineannach: 89.2 |

### (vii) Sócmhainní Phlean na Scéime

| Aicme | Dáileadh | Dáileadh Fadtéarmach |
|---|---:|---:|
| | % | % |
| Bannaí | 38.4 | 40.0 |
| Airgead Tirim | 2.3 | - |
| Cothromas | 40.3 | 40.0 |
| Cistí ilsócmhainne (MAF) | 9.7 | 10.0 |
| Maoin | 9.3 | 10.0 |
| **Iomlán** | **100.0** | **100.0** |

In 2014, d'fhormheas Coimisiún an Bhainc Ceannais an cinneadh chun an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 50:50 bannaí/cothromas go dtí 40:40:10:10 bannaí/cothromas/MAF/maoin. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhain leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh chun críche í sa chéad leath de 2016. In 2018, d'athfhormheas an Coimisiún

Siar go "Clár na nÁbhar"

dáileadh fadtéarmach na sócmhainní agus d'fhormheas sé athdháileadh meántéarmach 5% ó chothromais go maoin. Déanfar an t-athdháileadh seo a chur chun feidhme, faoi réir na hinfhaighteachta, laistigh den chiste roghnaithe maoine. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoin atá a háitiú ag an mBanc Ceannais.

## Nóta 31: Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2021:

| | Iarmhéid Tosaigh 2021 €000 | Cruthaithe €000 | Úsáidte €000 | Scaoilte chuig B&C €000 | Iarmhéid Deiridh 2021 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthar i leith rioscaí airgeadais (i) | 1,300,000 | 500,000 | - | - | 1,800,000 |
| Nótaí puint neamhfhuascailte (ii) | 4,420 | - | - | (403) | 4,017 |
| Soláthar um Athstruchtúrú (iii) | - | 2,214 | - | - | 2,214 |
| **Iomlán** | **1,304,420** | **502,214** | **-** | **(403)** | **1,806,231** |

(i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí airgeadais (Nóta 35). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sa mheasúnú sin, aithníodh neamhréir ráta úis ar an gClár Comhardaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta ar chás ina méadódh rátaí úis ar dhliteanais níos tapúla ná sócmhainní thar an meántéarma, agus comhfhreagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Bhí an anailís bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh na bliana agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí caillteanas féideartha maidir leis an riosca seo a chainníochtú. I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántéarma, baineadh úsáid as breithniúnas agus meastachán chun an riosca a mheas agus chun soláthar iomchuí a chinneadh.

Áirítear soláthar €1,800.0m sa ráiteas cuntas don bhliain 2021. Is ionann é sin agus méadú €500.0m i gcomparáid leis an soláthar a rinneadh i leith an riosca chéanna in 2020 (2020: €1,300.0m). Tá an méadú á spreagadh go príomha ag ceannacháin leanúnacha faoin APP agus PEPP, rud a fhágann go bhfui leibhéal méadaithe riosca ráta úis ann don Bhanc Ceannais.

(ii) Stad nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais roimhe seo de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc Ceannais

Siar go "Clár na nÁbhar"

i leith nótaí bainc IEP. Fuasclaíodh €0.4m as an soláthar sin in 2021, rud a fhágann gurbh é €4.0m an t-iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2021 (2020: €4.4m) (Nóta 34 (iii)).

(iii) Tá athstruchtúrú á dhéanamh ag an mBanc Ceannais ar oibríochtaí airgid thirim san Lárionad Airgeadra agus tá samhail athbhreithnithe oibriúcháin airgid thirim á cur i bhfeidhm aige. Tá an Banc Ceannais i mbun rannpháirtíochta le comhaltaí foirne a ndéantar difear dóibh, lena gcuid ionadaithe agus le Ceardchumainn maidir le cur i bhfeidhm na samhla nua. Baineann soláthar €2.2m le costais ionchasacha a bhaineann leis an athstruchtúrú agus meastar go n-úsáidfear é le linn 2022.

## Nóta 32: Cuntais Athluachála

| | 2021 €000 | 2020 €000 | Glanghluaiseacht ar Ghnóthachain Neamhréadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| Urrúis (i) | 3,403,188 | 5,476,979 | (2,073,791) |
| Airgeadra Eachtrach (ii) | 316,466 | 18,035 | 298,431 |
| Ór (iii) | 268,814 | 250,815 | 17,999 |
| Ciste Cothromais (iv) | 182,395 | 86,580 | 95,815 |
| Maoin Infheistíochta (Nóta 20(vii)) | 5,192 | 5,852 | (660) |
| **Amhail ar an 31 Nollaig** | **4,176,055** | **5,838,261** | **(1,662,206)** |

(i) Baineann an athluacháil urrús go príomha le gluaiseachtaí ar ghnóthachan caipitiúil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana 2021 ar na hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an laghdú inchurtha do dhíolacháin NRCanna in 2021 arbh ionann a luach ainmniúil agus €2.0bn, mar aon le laghdú ar phraghsanna NRC. (Nóta 1 (j)(i), Nóta 16(ii)(a)).

(ii) Tá an méadú ar luach airgeadra eachtraigh ag deireadh na bliana 2021 inchurtha go príomha do rátaí malairte eachtraí níos ísle ar airgeadraí AUD, USD, CNY agus SGD i gcomparáid le deireadh na bliana 2020 (Nóta 1(j)(i), Nóta 3(ii)(iii), Nóta 11(i)(a), Nóta 12 (ii), Nóta 13(ii), Nóta 20(ii), (viii), Nóta 37).

(iii) Tá an méádú ar an iarmhéid óir ag deireadh 2021 inchurtha don athrú ar mhargadhluach sealúchas óir mar aon le méadú ar shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2020 go dtí deireadh na bliana 2021 (Nóta 1 j(iv), Nóta 10).

(iv) Tá an méadú ar luach an chiste cothromais inchurtha do phraghsanna níos airde cothromais ag deireadh na bliana 2021 i gcomparáid le deireadh na bliana 2020 (Nóta 1(j)(ii), (k), Nóta 20(iii), Nóta 35).

Siar go "Clár na nÁbhar"

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear vis-à-vis an euro do luachálacha dheireadh na bliana 2021:

| Airgeadra | 2021 Ráta | 2020 Ráta |
|---|---|---|
| Dollar na hAstráile | 1.5615 | 1.5896 |
| Dollar Cheanada | 1.4393 | 1.5633 |
| Yuan Renminbi na Síne | 7.1947 | 8.0225 |
| Krone na Danmhairge | 7.4364 | 7.4409 |
| Yen na Seapáine | 130.3800 | 126.4900 |
| SDR | 0.8091 | 0.8485 |
| Dollar Shingeapór | 1.5279 | 1.6218 |
| Steirling | 0.8403 | 0.8990 |
| Krona na Sualainne | 10.2503 | 10.0343 |
| Franc na hEilvéise | 1.0331 | 1.0802 |
| Dollar SA | 1.1326 | 1.2271 |
| | | |
| Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh: | | |
| Euro in aghaidh an unsa fhíneáilte | 1,609.483 | 1,543.884 |

## Nóta 33: Caipiteal agus Cúlchistí

| | Caipiteal (i) €000 | Cúlchiste Ginearálta €000 | Cúlchiste Airgeadra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2019** | 30 | 4,684,621 | 351,648 | 5,036,299 |
| Brabús coinnithe don bhliain | - | 163,906 | - | 163,906 |
| Caillteanas Achtúireach ar an Scéim Pinsin | - | (216,134) | - | (216,134) |
| Athluacháil MGT | - | 21 | - | 21 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2020** | **30** | **4,632,414** | **351,648** | **4,984,092** |

| | Caipiteal (i) €000 | Cúlchiste Ginearálta €000 | Cúlchiste Airgeadra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2020** | **30** | **4,632,414** | **351,648** | **4,984,092** |
| Brabús coinnithe don bhliain (ii) | - | 253,894 | - | 253,894 |
| Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Pinsin | - | 261,851 | - | 261,851 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2021** | **30** | **5,148,159** | **351,648** | **5,499,837** |

(i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc Ceannais mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus a bhfuil gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Beidh an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire Airgeadais é.

Siar go "Clár na nÁbhar"

(ii) Faoi na Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €515.7m chuig an gCúlchiste Ginearálta. Beidh an tsuim sin comhdhéanta de €253.9m ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus de ghnóthachan achtúireach de €261.8m a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 30 (ii)).

## Nóta 34: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

### Dliteanais Theagmhasacha

**(i) *An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta***

Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus tá 2,564 díobh sin láníoctha. Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach i leith an iarmhéid (Nóta 5(ii), Nóta 20(viii)).

**(ii) *Sócmhainní Caipitil agus Cúlsócmhainní Eachtracha atá Geallta do BCE***

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc Ceannais amach anseo, mar aon leis na BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúlsócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig BCE (Nóta 17, Nóta 18).

**(iii) *Nótaí Puint Éireannacha***

Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach i leith nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2021, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €223.7m fós amuigh (2020: €224.1m), a bhfuil soláthar €4.0m ag an mBanc ina leith (2020: €4.4m) (Nóta 31 (ii)).

**(iv) *Dlíthíocht***

Tá trí chás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais (2020: ceithrechás) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc Ceannais a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc Ceannais. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc Ceannais. Tá sé róluath an toradh a chinneadh ná ní féidir eis-sreabhadh féideartha acmhainní eacnamaíocha a mheas go cruinn agus, dá bhrí sin, ní aithnítear aon soláthairtí dlíthiúla sna Ráitis Cuntas i leith na gcásanna sin (2020: Ceann ar bith).

### Ceangaltais

**(i) Léasanna Oibriúcháin**

Ní dheachaigh an Banc Ceannais faoi aon léas oibriúcháin nua in 2021.

Siar go "Clár na nÁbhar"

| Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná aon bhliain | 102 | 107 |
| Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 374 | 374 |
| Tar éis cúig bliana | 608 | 701 |
| **Iomlán** | **1,084** | **1,182** |
| Íocaíochtaí Léasa Iarbhír | 96 | 446 |

## Nóta 35: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a ról reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc Ceannais, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail an APP agus an PEPP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, folaíonn na rioscaí seo go minic rioscaí creidmheasa, rioscaí ráta úis, rioscaí leachtachta agus rioscaí malairte eachtraí.

Féachann an Banc Ceannais leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Bíonn gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca airgeadais á maoirsiú ag Coiste Riosca an Choimisiúin, arna thacú leis an gCoiste Feidhmiúcháin um Rioscaí (RMC), agus ag an Meitheal um Riosca Airgeadais (FRWG), rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta. Tá an RMC faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais).

Bíonn ceithre phríomhrannán sa Bhanc Ceannais i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc Ceannais a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann  BCE (lena n-áirítear sócmhainní a cheannach faoin APP), déanann sé faireachán ar staid leachtachta na mbanc intíre agus cuireann Cúnamh Éigeandála Leachtachta ar fáil i gcás inar gá, cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun cúlchistí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus scair leithdháilte an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, *inter alia*, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET2), forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le bainistiú

Siar go "Clár na nÁbhar"

phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais féin agus bainistiú scair an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE. Cinntíonn an Rannán um Rialú Airgeadais (FCD) go bhfuil cuntasaíocht staid airgeadais agus tuairisciú airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn.

Mar an dara líne cosantals é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) atá freagrach as, inter alia, na beartais bainistíochta riosca a shainiú mar aon le measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar leis na rannáin eile. Sainíonn an Banc Ceannais na creataí do theorainneacha infheistíochta, déanann sé dícheall cuí maidir le comhthaobhacht, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíochta agus beartais infheistíochta araon, agus déanann sé measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. I gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, tá saor-rochtain rúnda ag Ceannasaí an Rannáin um Riosca Eagraíochtúil ar Chathaoirleach an Choiste, agus tá an t-údarás ag an gCoiste a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus rochtain leordhóthanach ag an rannán ar fhaisnéis chun a fheidhm a chomhlíonadh go héifeachtach agus le neamhspleáchas leordhóthanach.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc Ceannais.

### Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc Ceannais a chomhlíonadh. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail APP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc Ceannais a rialú trí chóras de theorainneacha atá faofa ag an gCoimisiún agus atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint chreidmheasa ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a mhaolú trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil. Déantar rialú ar rioscaí creidmheasa arna n-eascairt as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d’oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht agus creidmheas ionlae a sholáthar) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an

Siar go "Clár na nÁbhar"

Eurochórais (ECAF) go gcomhlíontar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeáin chreidmheasa i leith na sócmhainní incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte caillteanas an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanais arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil BCNanna. I gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Chreidmheasa (comhthiomsú iasachtaí morgáiste áite cónaithe Éireannacha, i gcás an Bhainc Ceannais), is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht ábhartha a iompróidh an riosca. Sa chás sin, déantar rioscaí a mhaolú tuilleadh trí mheasúnú tiomnaithe díchill chuí a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar na hiasachtaí foluiteacha.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc Ceannais a iompróidh, ar bhonn scair scála caipitil, caillteanais ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras sa CMU, sa CSPP agus sa CBPP3, i dteannta le cion áirithe den PSPP agus den PEPP. Ar leithligh, tá sealúchais an Bhainc Ceannais in urrúis rialtas na hÉireann faoin PSPP agus PEPP ar seilbh ar bhonn riosca dílse.

### Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca caillteanais ó athruithe díobhálacha i rátaí úis. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc Ceannais á mbainistiú i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déantar comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú don FRWG, don RMC agus do Choiste Riosca an Choimisiúin.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis is ea íogaireacht luach shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais i leith athruithe ar rátaí úis. Maolaíonn an Banc Ceannais an neamhchosaint seo ar riosca ráta úis ar chuid den phunann infheistíochta trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht. Déantar sainroghanna bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de na sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc Ceannais a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LfR) agus Easnamh Ionchasach mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh i leith phunanna an Bhainc.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Chomh maith leis sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a phunann de bhannaí caighdeánacha inmhargaidh Rialtas na hÉireann (nótaí ráta chomhlúthaigh nó NRCanna) a fuarthas i ndiaidh leachtú GNBS (Nóta 16(ii)(a)). De bhreis air sin, níl na punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis - folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta APP agus PEPP de chuid an Eurochórais.

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipitil agus do thuillimh an Bhainc Ceannais de thoradh gluaiseachtaí i rátaí úis a dhéanann difear do shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe. Ar an gcaoi seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar neamhréir ionchasach rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoin APP agus PEPP, fad atá a dhliteanais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc Ceannais measúnú rialta ar shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe i gcomhthéacs gluaiseachtaí féideartha ar rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach faoi Riosca agus Easnamh Ionchasach, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus chun neamhréir ionchasach rátaí úis a shainaithint, measann an Banc Ceannais gur críonna an mhaise dó a sholáthar i leith rioscaí airgeadais a mhéadú faoi €500m go dtí €1,800m do 2021 (Nóta 31).

### Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs a bhallraíochta sa limistéar euro agus an chur chuige dá réir sin maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, tá formhór shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro. Déantar leithdháileadh straitéiseach chuig sealúchais sócmhainní ioncaim sheasta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, ar bhonn fálaithe agus neamhfhálaithe araon, i gcomhthéacs phunann infheistíochta agus bhainistíocht Chlár Chomhardaithe an Bhainc Ceannais. Bunaíodh leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh na bliana 2021, bhí punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe, agus neamhchosaint ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfhálaithe, agus roinnt sealúchas óir. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta freisin ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne in CSTanna an CAI. Bhí an

Siar go "Clár na nÁbhar"

neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn páirt-fhálaithe in 2021 (Nóta 11, Nóta 12, Nóta 27).

### Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta i dtaca le hinfheistíocht nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun caillteanas a sheachaint nó a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais a leithdháileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a íoslaghdóidh neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar gá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa íosta chun go maolófar an dóchúlacht go dtarlóidh diúscairtí neamhsceidealta mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfar eisiúint a íosghrádú faoi bhun thairseach fhormheasta an Bhainc Ceannais maidir le grád infheistíochta.

### Cistí a Bhainistítear go Seachtrach

Ó 2018 i leith, tá punann cothromais á sealbhú ag an mBanc Ceannais atá faoi réir gluaiseachtaí ar phraghsanna cothromais (riosca praghais). In 2021, bhunaigh an Banc Ceannais sealúchais i gcistí bannaí a bhainistítear go seachtrach agus atá faoi réir riosca malairte eachtraí, riosca creidmheasa, agus riosca ráta úis. Déantar rioscaí a bhaineann le cistí seachtracha a bhainistiú trí éagsúlú, trí shainorduithe infheistíochta dea-shainithe agus teorainneacha riosca, agus déanann an Banc Ceannais agus na bainisteoirí infheistíochta faireachán ar na rioscaí go rialta.

## Nóta 36: Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

### (i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

| | 31 Nollaig 2021 | | | | 31 Nollaig 2020 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | DKK 000 | EUR 000 | JPY 000 | SDR 000 | DKK 000 | EUR 000 | JPY 000 | SDR 000 |
| Ceannacháin Neamhaibithe | - | 1,273,232 | 43,692 | - | 7,760 | 1,684,204 | 66,959 | - |
| Díolacháin Neamhaibithe | - | (334) | (122,743,740) | (273,027) | (1,876,260) | (1,599) | (115,266,959) | (409,427) |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | **-** | **1,272,898** | **(122,700,048)** | **(273,027)** | **(1,868,500)** | **1,682,605** | **(115,200,000)** | **(409,427)** |

Baineann na méideanna atá fós amuigh le conarthaí malairte eachtraí a úsáidtear chun neamhchosaintí malairte eachtraí a fhálú.

Siar go "Clár na nÁbhar"

Tá na conarthaí malairte eachtraí go léir ceaptha teacht in aibíocht faoin 21 Samhain 2022.

### (ii) Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Ceannacháin Neamhaibithe | 860,000 | 1,205,893 |
| Díolacháin Neamhaibithe | - | (132,897) |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | **860,000** | **1,072,996** |

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fhálú agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta. Níl ach infheistíochtaí EUR ar áireamh in iarmhéid 2021 (2020: EUR agus USD).

Tá na todhchaíochtaí uile in airgeadra eachtrach ceaptha teacht in aibíocht faoin 8 Márta 2022.

## Nóta 37: Páirtithe Gaolmhara

(i) Cuireann an Banc Ceannais cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana anuas go dtí an 31 Nollaig 2021:

- Soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a shealbhú (Nóta 25(i))
- Soláthar agus eisiúint monaí (Nóta 25(ii))
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.
- Oibríochtaí a riaradh trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí leis an Eurochóras lena n-áirítear fáil cistí faoi Chlár SURE, an ionstraim shealadach arna bunú ag an gCoimisiún Eorpach chun dul i ngleic le hiarmhairt COVID-19 trí iasachtaí a sholáthar do na Ballstáit a ndearnadh difear dóibh.
- Gníomhú mar Thaisclann agus mar Ghníomhaire Fioscach i ndáil le ballraíocht na hÉireann sa CAI.

(ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc Ceannais lei BCNanna eile agus le BCE. Is iad seo a leanas na príomh-iarmhéideanna a bhaineann le BCNanna eile agus le BCE:

- Ioncam úis agus úschostas ar mhíreanna a bhaineann le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta (Nóta 2, Nóta 5, Nóta 6, Nóta 14, Nóta 16, Nóta 23).
- Scair de bhrabúis BCE (Nóta 5(i)).

Siar go "Clár na nÁbhar"

- Leas rannpháirteachais i gcaipiteal BCE (Nóta 17).
- Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha chuig BCE (Nóta 18).
- Iarmhéid TARGET2 (Nóta 19).
- Nótaí bainc i gcúrsaíocht (Nóta 22, Nóta 28).
- Soláthairtí (Nóta 31).

(iii) Tá an Banc Ceannais ar cheann de thrí scairshealbhóir sa “Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí DAC” (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc Ceannais an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta seo. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d’infheisteoirí d’fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2021, ghnóthaigh an Banc costais €1.0m (2020: €0.8m). Amhail ar an 31 Nollaig 2021, bhí iarmhéid €63,648 dlite ón ICCL (2020: €171,140) (Nóta 20(v)). Ullmhaíonn ICCL a Thuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin.

(iv) Tá an Banc Ceannais freagrach as riaradh an Chiste Cúitimh Árachais de bhun an Achta Árachais (Leasú) 2018 a achtaíodh an 24 Iúil 2018. Bhí iarmhéid €53.2m (2020: €40.9m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2021 (Nóta 29(iv).

(v) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d’Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Bhí iarmhéid €0.01m (2020: €0.01m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2021 (Nóta 29(vi)).

(vi) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc Ceannais scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc Ceannais a dhéanann bainistíocht agus riaradh na scéime a oibriú ar mhaithe le leas a chuid fostaithe. I Nóta 30, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc Ceannais leis na cistí pinsin.

(vii) Tá leas neamh-urlámhais ag an mBanc Ceannais in Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh. Le linn 2018, ghearr an Banc Ceannais muirear arbh ionann san iomlán é agus €100 i leith leas léasachta de chomhlimistéir i limistéar forbartha níos leithne Dublin Landings. Tá an méid seo fós amuigh ag deireadh na bliana 2021.

Siar go "Clár na nÁbhar"

(viii) Tá leas neamh-urlámhais ag an mBanc Ceannais in Dublin Landings (Car Park Management) Designated Activity Company mar thoradh ar an mBanc Ceannais d'fháil fhoirgnimh Dublin Landings le linn 2019.

## Nóta 38: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

### (i) Dáileadh Deiridh Bhrabúis BCE

An 17 Eanáir 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha aici do 2021, arbh ionann é agus €41.7m (2020: €383.1m), a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníoctha. B'ionann agus €0.7m scair an Bhainc Ceannais de dháileadh deiridh na mbrabús (2020: €6.5m), a íocadh an 18 Feabhra 2022, agus a dtabharfar cuntas ann i Ráiteas Cuntas 2022.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Nóta 39: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

| | | | | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais a Mhaoiniú** | Ioncam Tobhaigh | Tobhaigh na bliana reatha | | 190,730 | 185,595 |
| | | Easnamh na bliana roimhe sin | | 457 | (1,572) |
| | | Forchúiteamh an Ioncaim Tobhaigh Iarchurtha (i) | | (5,964) | (5,964) |
| | | **Ioncam Tobhaigh (ii)** | | **185,223** | **178,059** |
| | | Athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú (iii) | | 858 | (5,788) |
| | | **Ioncam Tobhaigh Iomlán** | A | **186,081** | **172,271** |
| | Soláthairtí | Soláthairtí Tosaigh do Thobhaigh Neamhíoctha | | 3,377 | 1,193 |
| | | Tobhaigh Dhíscríofa | | (1,303) | (25) |
| | | Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíoctha (iv) | | (2,819) | (3,377) |
| | | **Muirear don Bhliain** | B | **(745)** | **(2,209)** |
| | **Glanmhaoiniú Tionscail don Rialáil Airgeadais (Nóta 7(i))** | | **C** (A+B) | **185,336** | **170,062** |
| | Ioncam Eile | Táillí Margaidh Urrús | | 2,304 | 2,161 |
| | | Tobhach Breise Maoirseachta | | 2,164 | 2,155 |
| | | Ilghnéitheach | | 244 | 24 |
| | | **Ioncam Eile (Nóta 7)** | D | **4,712** | **4,340** |
| | **Ioncam Iomlán** | | **E** (C+D) | **190,048** | **174,402** |
| | Fóirdheontas | Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargaí Urrús | | 9,723 | 9,058 |
| | | Costais Rialála Airgeadais eile nár gnóthaíodh | | 18,318 | 23,349 |
| | | Athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú (iii) | | (1,604) | 5,891 |
| | | **Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (v)** | F | **26,437** | **38,298** |
| | **Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | | **G** (E+F) | **216,485** | **212,700** |
| **Costais Ghníomhaíochtaí na Rialála Airgeadais** | Caiteachais Dhíreacha | Tuarastail/Liúntais | | 83,502 | 83,405 |
| | | ÁSPC | | 8,640 | 8,210 |
| | | Soláthar Pinsin | | 16,053 | 12,691 |
| | | **Caiteachais Foirne** | H | **108,195** | **104,306** |
| | | Oiliúint & Comhdhálacha | | 156 | 161 |
| | | Taisteal Gnó | | 5 | 324 |
| | | Táillí Gairmiúla | | 3,952 | 3,555 |
| | | Neamhphá eile | | 1,557 | 1,447 |
| | | Cumarsáid & TF | | 666 | 785 |
| | | Saoráidí, Cíos, Dímheas | | 1,570 | 2,173 |
| | | **Caiteachais Oibríochta Neamhphá** | I | **7,906** | **8,445** |
| | | **Caiteachais Dhíreacha Iomlána** | **J** (H+I) | **116,101** | **112,751** |
| | Seirbhísí Tacaíochta | Áitribh & Saoráidí | | 15,731 | 15,841 |
| | | Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise | | 42,990 | 42,081 |
| | | Acmhainní Daonna | | 7,014 | 7,286 |
| | | Seirbhísí eile | | 35,411 | 34,717 |
| | | **Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (vi)** | K | **101,146** | **99,925** |
| | Soláthairtí | **Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain** | L | **-** | **27** |
| | Ioncam Eile | **Fáltais Ilghnéitheacha** | M | **(127)** | **(113)** |
| | Costais athdháilte | **Costais tobhaigh NCID** | N | **(378)** | **-** |
| | | Athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú (iii) | O | **(257)** | **110** |
| | **Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | | **P** (J+K+L+M+N+O) | **216,485** | **212,700** |

Siar go "Clár na nÁbhar"

### *(i) Ioncam Tobhaigh Iarchurtha a Fhorchúiteamh*

Rinne an Banc Ceannais costais pinsin ó 2015 go 2018 a thobhach trí úsáid a bhaint as modh leata chun iarracht a dhéanamh an tionchar ó luaineacht pinsin a laghdú thar thréimhse rollach deich mbliana, rud a fhágann ioncam tobhaigh iarchurtha arb ionann é agus €17.9m. In 2019, d'athraigh an Banc Ceannais an modh inar toibhíodh costais pinsin ó chostas seirbhíse leata reatha chuig bonn ranníocaíochta airgid. Tá an t-iarmhéid gan íoc d'ioncam tobhaigh iarchurtha, arb ionann é agus €17.9m, á ghnóthú ón tionscal thar na timthriallacha tobhaigh 2020 go 2022 agus, ar an gcaoi sin, déanfar difear do thobhaigh sna blianta féilire 2021 go 2023. Ar an mbonn seo, gnóthófar €6.0m ón Tionscal i dtimthriall tobhaigh 2021.

### *(ii) Ioncam Tobhaigh*

Seasann Ioncam Tobhaigh do mheastachán ar thobhaigh a bhilleálfar bunaithe ar chostais iarbhír na bliana reatha agus rátaí gnóthaithe formheasta. Déantar é seo a choigeartú go ghnóthú ioncaim tobhaigh iarchurtha agus d'aon bharrachas/easnamh atá tugtha ar aghaidh. Sa tábla thíos, tá meastachán ar ioncam tobhaigh 2021 agus miondealú ar ioncam tobhaigh iarbhír 2020.

| | Meastachán ar Ioncam Tobhaigh 2021 | Ioncam Tobhaigh Iarbhír 2020<br>A<br>(C+D-B)<br>€000 | Easnamh/ (Barrachas) 2019<br>B<br>€000 | Méid a toibhíodh i leith thobhaigh 2020<br>C<br>€000 | Easnamh/ (Barrachas) 2020<br>D<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Institiúidí Creidmheasa | | 76,194 | 8 | 76,249 | (47) |
| Gnóthais Árachais | | 48,996 | 370 | 47,852 | 1,514 |
| Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe Fiachais | | 5,241 | 3 | 6,931 | (1,687) |
| Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta | | 34,230 | 936 | 35,249 | (83) |
| Cistí Infheistíochta | | 10,397 | 128 | 10,826 | (301) |
| Comhair Chreidmheasa | | 4,543 | (5) | 4,539 | (1) |
| Iasachtóirí Airgid | | 779 | - | 762 | 17 |
| Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe | | 19 | (9) | 10 | - |
| Bureaux de Change | | 17 | - | 16 | 1 |
| Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Creidmheasa Miondíola & Seirbhísithe Creidmheasa | | 2,287 | 129 | 2,313 | 103 |
| Seirbhísí Íocaíochta & Institiúidí Ríomh-Airgid | | 2,199 | 12 | 2,184 | 27 |
| **Maoiniú Iomlán** | **185,223** | **184,902** | **1,572** | **186,931** | **(457)** |

### *(iii) Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe*

Is ionann athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe agus an difríocht idir ioncam tobhaigh 2020 a fabhraíodh i Ráiteas Cuntas 2020 agus an ceanglas maoiniúcháin deiridh chun costais 2020 a chumhdach. Baineann formhór na difríochta idir an ceanglas maoiniúcháin measta agus an ceanglas maoiniúcháin deiridh le toimhdí athbhreithnithe do shamhail

Siar go "Clár na nÁbhar"

tobhaigh deiridh 2020 inar baineadh costais NCID toisc go ndéanfar í a shonrascadh ar leithligh ón Tobhach Maoiniúcháin Tionscail.

| | 2020 Deiridh €000 | Fabhraithe 2020 €000 | Athraitheas €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam Tobhaigh Iomlán | 178,918 | 178,059 | 859 |
| Muirear Soláthar | (1,728) | (2,216) | 488 |
| Ioncam Eile | 4,340 | 4,340 | - |
| Fóirdheontas ón mBanc Ceannais | 30,803 | 32,407 | (1,604) |
| **Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | **212,333** | **212,590** | **(257)** |
| | | | |
| **Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (lena n-eisiatar athraitheas na bliana roimhe sin)** | **212,333** | **212,590** | **(257)** |

### *(iv) Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíoctha*

Coinníonn an Banc Ceannais soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlite laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus tuairiscítear mar thobhaigh gan íoc iad ó lá 29 ar aghaidh. Is é is cuspóir don bheartas soláthar iomlán a dhéanamh i leith tobhach a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach gan íoc a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

### *(v) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais*

Le comhaontú an Aire Airgeadais, tá an cion ábhartha de chostais iomlána gníomhaíochtaí rialála airgeadais á íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc Ceannais iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú).

Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc Ceannais, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe maoirseachta ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Déantar costas iomlán na ngníomhaíochtaí sin don Bhanc Ceannais a laghdú le táillí Margaidh Urrús a áirítear faoi Ioncam Eile. Déantar na costais mheasta atá fágtha i dtaca le maoirseacht ar mhargaí urrús, arb ionann iad agus €9.7m (2020: €9.1m), a áireamh in Fóirdheontas.

### (vi) Seirbhísí Tacaíochta

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasaíocht, iniúchóireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó

Siar go "Clár na nÁbhar"

stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc Ceannais. Is ionann costas measta na seirbhísí sin sa bhliain reatha agus €101.0m (2020: €100.0m).

Ríomhadh na costais seo trí chur i bhfeidhm na modheolaíochta um leithdháileadh costas. Tá leithdháileadh bunaithe ar chleachtas dea-aitheanta tionscail lena n-áirítear líon na bhfostaithe agus méadracht shonrach, de réir mar is cuí.

## Nóta 40: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú chun go mbeadh sí comhsheasmhach le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

## Nóta 41: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 5 Aibreán 2022.

mazars

# INDEPENDENT AUDITORS' REPORT

# TO THE COMMISSION OF

# THE CENTRAL BANK OF IRELAND

## Report on the audit of the Statement of Accounts

### *Opinion*

We have audited the Statement of Accounts of the Central Bank of Ireland ('the Bank') for the year ended 31 December 2021, which comprise the Profit and Loss and Appropriation Account, the Balance Sheet and the notes to the Statement of Accounts, including the summary of significant accounting policies set out in 1 to 41. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is the Guideline of the European Central Bank on the legal framework for the accounting and financial reporting in the European System of Central Banks ('the Guideline') and, where the Guideline is silent, FRS 102 *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland* issued in the United Kingdom by the Financial Reporting Council (FRS 102).

In our opinion the Statement of Accounts:

- gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Bank as at 31 December 2021, and of the Surplus Income Payable to the Exchequer for the year then ended; and
- has been properly prepared in accordance with the Guideline and where the Guideline is silent, FRS 102.

### *Basis for opinion*

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (Ireland) (ISAs (Ireland)) and applicable law. Our responsibilities under those standards are described in the responsibilities of the auditors for the audit of the Statement of Accounts section of our report.

We are independent of the Bank in accordance with ethical requirements that are relevant to our audit of financial statements in Ireland, including the Ethical Standard issued by the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority (IAASA), and we have fulfilled our other ethical responsibilities in accordance with these requirements.

We believe that the audit evidence we have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for our opinion.

### *Emphasis of matter – basis of accounting*

We draw your attention to note 1 of the Statement of Accounts which describes the accounting principles and valuation methods applicable to the Bank, some of which are specific to the European System of Central Banks. The Statement of Accounts are prepared for the purpose as described therein. As a result, the Statement of Accounts of the Bank may not be suitable for another purpose.

Our opinion is not modified in respect of this matter.

mazars

## INDEPENDENT AUDITORS' REPORT

## TO THE COMMISSION OF

## THE CENTRAL BANK OF IRELAND

### *Conclusions relating to going concern*

We have nothing to report in respect of the following matters in relation to which ISAs (Ireland) require us to report to you where:

- the Commission Members' use of the going concern basis of accounting in the preparation of the Statement of Accounts is not appropriate: or
- the Commission Members have not disclosed in the Statement of Accounts any identified material uncertainties that may cast significant doubt about the Bank's ability to continue to adopt the going concern basis of accounting for a period of at least twelve months from the date when the Statement of Accounts are authorised for issue.

Our responsibilities and the responsibilities of the Commission Members with respect to going concern are described in the relevant sections of this report.

### *Other information*

The Commission Members are responsible for the other information. The other information comprises the information included in the Statement of Accounts, other than the Profit and Loss Appropriation Account, the Balance Sheet, the related notes to the Accounts and our auditors' report thereon. Our opinion on the Statement of Accounts does not cover the other information and, except to the extent otherwise explicitly stated in our report, we do not express any form of assurance conclusion thereon.

Our responsibility is to read the other information in the Statement of Accounts and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the Profit and Loss Appropriation Account, the Balance Sheet, the related notes to the Accounts or our knowledge obtained in the course of the audit, or otherwise appears to be materially misstated. If we identify such material inconsistencies or apparent material misstatements, we are required to determine whether there is a material misstatement in the Profit and Loss Appropriation Account, the Balance Sheet and the related notes or a material misstatement of the other information. If, based on the work we have performed, we conclude that there is a material misstatement of this other information, we are required to report that fact.

We have nothing to report in this regard.

### Respective responsibilities

### *Responsibilities of the Commission Members for the Statement of Accounts*

As explained more fully in the Governance Statement and Commission Members' Report, the Commission is responsible for the preparation of the Statement of Accounts in accordance with the applicable financial reporting framework that give a true and fair view, and for such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of Statement of Accounts that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

# Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Central Bank of Ireland

### Opinion on the statement of accounts

I have audited the statement of accounts of the Central Bank for the year ended 31 December 2021 as required under the provisions of the Central Bank Act 1942 (as amended). The statement of accounts comprise

- the profit and loss and appropriation account
- the balance sheet
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the statement of accounts gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Central Bank of Ireland at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021 in accordance with the financial reporting framework set out in note 1(b) of the notes to the accounts.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the statement of accounts in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Central Bank of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the statement of accounts, and on other matters

The Central Bank of Ireland has presented certain other information together with the statement of accounts. This comprises an annual report, a governance statement and Commission members' report, and a statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**

**5 April 2022**

**T:** +353 (0)1 224 5800
**R:** publications@centralbank.ie
**www.centralbank.ie**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem